

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY




# Tuairisc Bhliantúil 2003

*Beatha*

# *shlán shábháilte oibre á baint amach -le chéile*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

ÚDARÁS SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

(AN TÚDARÁS NÁISIÚNTA DO SHÁBHÁILTEACHT AGUS SHLÁINTE CHEIRDE)

# TUAIRISC BHLIANTÚIL 2003

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2003

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY


# *Beatha shlán shábháilte oibre á baint amach -le chéile*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# CLÁR


| | |
|---|---|
| TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH | 4 |
| RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE | 5 |
| ACHOIMRE AR A MBAINEADH AMACH SA BHLIAIN 2003 | 8 |
| SPRIOC 1: CUMARSÁID GHNÍOMHACH A BHEITH AGAINN LE, AGUS TIOCHAR A BHEITH AGAINN AR ÁR GCUSTAIMÉIRÍ | 12 |
| SPRIOC 2: MEAS A BHEITH AGAINN AR ACMHAINN AN EOLAIS SAN EAGRAÍOCHT | 18 |
| SPRIOC 3: AN CLEACHTAS IS FEARR A ÚSÁID SNA PRÓISIS CHIGIREACHTA, FHIOSRÚCHÁIN, AGUS FHEIDHMIUITHE | 20 |
| SPRIOC 4: MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR REACHTÚ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA, AGUS É A DHÉANAMH IONSROICHTE AGUS ÁBHARACH, COMH MAITH LE LEAS AN PHOBAIL A CHOSAINT. | 29 |
| SPRIOC 5: ÁR NDAOINE AGUS ÁR N-ACHMHAINNÍ A ÚSÁID GO H-ÉIFEACHTACH | 31 |
| TUAIRISC AIRGEADAIS AN CHATHAOIRLIGH | 34 |
| AGÚISÍN A: CIGIREACHT AGUS FEIDHMIÚ | 37 |
| AGUISÍN B: TORTHAÍ CÚIRTE | 40 |
| AGÚISÍN C: ACHOIMRE AR STAITISTICÍ GORTAITHE AGUS TINNIS | 55 |
| AGÚISÍN D:RIALACHÁIN NUA A RINNEADH I 2003 | 76 |
| AGÚISÍN E: BORD AN ÚDÁRÁIS | 79 |
| AGÚISÍN F: COISTÍ COMHAIRLEACHA AGUS GRÚPAÍ OIBRE | 80 |
| AGÚISÍN G: FOIREANN AN ÚDARÁIS | 81 |

# TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH DO PHROINSIAS Ó FATHAIGH TD, AIRE GHNÓTHAÍ SAOTHAIR



A Aire, ba thábhachtach an bhliain í 2003 don Údarás. Thug an tÚdarás faoi chlár trom tionscnamh reachtach, faoi ath-eagrú substaintiúil ar a struchtúir bhainistíochta agus próiseas, chomh maith le cláir ráthúla fheidhmithe, árdú céime, eolais agus chomhairle a sheachadadh.

Ar an drochuair áfach, sa bhliain 2003, fuair 65 duine bás i dtimpistí a raibh baint acu le hobair. D'fhéadfaí an chuid is mó dena timpistí úd a sheachaint. Fiú sa chás nuair nach é an bás toradh an ghortaithe, bíonn iarmhairtí an ghortaithe seo, tromchúiseach, ní amháin don té a gortaíodh, ach dá c(h)lann, dá f(h)ostóir, agus do gheilleagar na hÉireann.

In ainneoin go bhfuil ard-ráta báis agus gortaithe san ionad oibre do-ghlactha fós, táthar ag gluaiseacht sa treo ceart. Dar leis an An Phríomh-Oifig Staidrimh, tá ísliú 17% tar éis teacht ar an méid gortú agus tinnis san ionad oibre ó 1999, rud atá soiléir ón laghadú atá tagaithe ar an lion éilimh ar leas gortaithe agus ar leas freagracht na bhfostóirí.

Ní féidir leis an Údarás a sprioc – beatha shlán shábháilte oibre - a bhaint amach gan páirt ghníomhach a bheith ag gach grúpa sa ghnó. Is cúis shásaimh dom a rá go raibh cumarsáid chomhoibritheach idir an tÚdarás agus na rannóga talamhaíochta, tógála, agus cairéileachta. D'éirigh leis an Údarás freisin a chlár oibre maidir le bainistíocht shláinte agus shábháilte ag croí-lár imeachtaí sna rannóga cúraim shláinte agus údaráis áitiúla, a chur chun cinn. Ba ghné shuntasach den bhliain 2003 ná an príomh-ról a bhí ag an Udarás ag ullumhú an phobail agus comhairle a thabhairt dó, don tionscnamh inar cuireadh cosc ar thobac san ionad oibre.

Chuir an tÚdarás feachtas ardú-tuisceana ar bun sna rannóga talamhaíochta agus tógála, agus is spreagúil an rud é go bhfuil ísliú ag teacht ar an ráta gortaithe sa rannóg tógála, cé go bhfuil an leibhéal gortaithe fós ró-ard. Is cúis dhíomá í áfach nach bhfuil aon dul chun cinn le feiceáil fós sa rannóg talamhaíochta. Ach, ar nóta dóchais, cabhróidh an Rannpháirtíocht Shábháilteacht Fheirme le feabhas a chur ar an scéal seo.

Aithnítear níos fearr anois an baol a bhaineann leis an ionad oibre, mar gur éirigh leis an Udarás aire an phobail a dhíriú ar an mbaol seo. Mar thoradh air seo, bítear ag súil le caighdeán ceart, agus ag an bpointe seo, tá an lion gearán a dhéantar faoi bhaol san ionad oibre ag an leibhéal is airde riamh.

D'éirigh leis an Údarás moltaí an athbhreithnithe bainistíochta a chur i gcrích, rud a chabhraigh lena éifeachtaí a choimeád agus a fheabhsú. Tá méadú dualgas agus iarrachta i gceist dona baill bhoird, do lucht bainistíochta agus an fhoireann oibre i gcoiteann.

Agus muid ag féachaint chuig 2004, tuigim go maith gur iomaí dúshlán a mbeimid de shíor ag deileáil leo chun feabhasuithe shláinte agus shábháilteachta a choimeád sa timpeallacht oibre a théann i gcastacht agus in éagsúlacht in aghaidh na bliana.. Táim lán-mhuiníneach áfach go ndéanfaidh an tÚdarás a sheacht ndícheall, le tacaíocht uaitse, ionad oibre níos sábháilte a bhaint amach.

*Phroinsias O Coinín*

Phroinsias Ó Coinín
Cathaoirleach

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMIRE

Déanann an Tuairisc Bhliantúil seo don Aire Ghnóthaí Saothair, Frank Fahy TD, cur síos ar an gcaoi ar bhain an tÚdarás a chuid spriocanna amach, nó ar an gcaoi a cuireadh i gcrích gníomhaíochchta ar leith a bhí leagtha amach i gClár Oibre an Údaráis 2003.

## CÉ MUID AGUS CÉARD A BHÍONN Á DHÉANAMH AGAINN

Is comhairle reachtuil náisiúnta é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta atá freagrach as an dlí ceirde maidir le sláinte agus sábhailteacht a chur i bhfeidhm, maraon le bac le timpistí oibre a spreagadh agus a chur chun cinn, eolas agus comhairle a chur ar fáil, agus taighde a dhéanamh. Is comhairle stát-urraithe é an tÚdarás a bunaíodh faoin Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre (1989), agus déantar tuairisciú do Frank Fahy TD, Aire Stáit ag an Roinn Fionntar Trádála agus Fostaíochta

## AN BORD

Tá aon bhall déag ar Bhord an Údaráis, Cathaoirleach agus deichniúr eile a ainmníonn an tAire Stáit, Ghnóthaí Soláthair  Ainmníonn an tAire baill atá curtha ar aghaidh ag eagraíochtaí fostóirí, fostaithe, agus grúpaí eile. Cinneann an Bord ar pholasaí an Údaráis. B'sheo a leanas ballraíocht an Bhoird ag deireadh 2003:

**CATHAOIRLEACH**


Frank Cunneen

| AINMNITHE FOSTAITHE | AINMNITHE AN AIRE | AINMNITHE FOSTÓIRÍ |
|---|---|---|
| Sylvester Cronin (Vice-Chair) | Joe Hegarty | Tony Briscoe |
| Fergus Whelan | Sue Corbett | Peter McCabe |
| Louise O'Donnell | Martin Lynch | Marie Rock |
| | Desmond Gilroy | |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## FOIREANN BHAINISTÍOCHTA

Stiúrann agus riarann an Phríomh Oifigeach Feidhmeach riarachán agus gnó an Údaráis. Is mar seo a leanas a bhí an fhoireann bhainistíochta ar an 31ú de mhí na Nollag 2003:




## FOIREANN

Tá 164 duine fostaithe ag an Údarás mar chigirí, saineolaithe profisiúnta nó tacaíocht chléireach. Tá thart ar 100 cigire ag an Údarás agus réimse leathan dualgas orthu, ina measc moltaí reachtacha ag léibhéal an Aontais Eorpaigh agus an náisiúin a fhorbairt, treoir a fhorbairt, idirchaidreamh a chur ar bun le chomhluchtaí ionadaithe, cigireacht, cur chun cinn, gníomhaíochtaí eolais agus treoracha, forbairt agus riar foirne, gearáin agus timpistí, agus ionchúiseamh na gciontóirí.

# ÁR BHFÍS

Beatha shlán, shábháilte oibre a bhaint amach – le chéile.

# ÁR BPRIONSABAIL

Is ar an mbealach seo a leanas a dhéanfaimid ár gcuid gnó agus ár gcuid idirfheidhmeanna:

- Bainfear leas as agus déanfar forbairt ar na cleachtais agus na nósanna is fearr chun caighdeáin aitheanta fheabhais agus cáilíochta a choimeád.
- Rachfar i gcomhairle lenár gcustaiméirí uile chun a riachtanais a aithint agus ár seirbhisí a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais úd.
- Deileáilfear go béasach, go hoscailte, go profisiúnta agus go macánta lenár gcustaiméirí.
- Gheobhaidh ár gcustaiméirí Cothrom na Féinne uainn i gcónaí.
- Beidh meas i gcónaí ar dhínit an duine san ionad oibre.
- Tabharfar tacaíocht do chumarsáid oscailte agus obair fhoirne, agus bainfear leas as riar feidhmnithe i dtimpeallacht fhreagrach dheimhneach oibre.
- Deashampla a léiriú i gcónaí trí choiníollacha maithe oibre a chur ar fáil dár mbaill fhoirne go léir.

# ÁR BPRÍOMHSPRIOCANNA

Seo iad na príomhspriocanna atá leagtha amach again chun ár bhfís a bhaint amach:

- Cumarsáid ghníomhach agus tionchar a bheith againn lenár gcustaiméirí
- Meas a bheith againn ar acmhainn an eolais san eagraíocht
- An cleachtais is fearr a úsáid in ár bpróisis chigearachta, fhiosrúcháin agus fheidhmithe.
- Monatóireacht agus ath-bhreithniú a dhéanamh ar reachtú sláinte agus sábháilteachta ionas go mbeidh sé i gcónaí ábhartha, gur féidir le daoine teacht air, agus go mbeidh leas an phobail á chosaint.
- Ar n-acmhainní agus ár ndaoine a riar go héifeachtach.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# ACHOIMRE AR A MBAINEADH AMACH SA BHLIAIN 2003

Ba bhliain shásúil don Údarás í an bhliain 2003 mar gur cuireadh clár mór oibre i bhfeidhm. Seachadadh leasa inláimhsithe ar reimse limistéar, ní amháin do chustaiméirí an Údaráis, ach don gclár shíor-fheabhsúcháin laistigh den Údarás féin. Bhain an tÚdarás a chuid mór-spriocanna amach freisin, agus dheileáil sé go h-éifeachtúil le roinnt dúshlán tabhachtach nua chomh maith.

Rinneadh díriú ar leith ar fheachtais choisctheacha sna rannóga talamhaíochta agus tógála. Bhí na feachtais seo dírithe ar ardú-thuisceana sna rannóga seo, agus i measc an phobail go coiteann.Chuaigh sé seo i bhfeidhm go mór ar an bpobal mar go raibh páirt ghníomhach ag na sealbhóirí sna rannóga seo i ngrúpaí a bhaineann leis an Rannpháirtíocht Shábháilteacht Fheirme agus Thógála.

Ba shuntasach freisin an t-ualach oibre a bhí i gceist chun ullmhú a dhéanamh don tionscnamh ag cur cosc ar thobac san ionad oibre, agus cinnireacht a dhéanamh ar an bpróiseas chomhairleoieachta phobail, agus straitéis nua Eorpach maidir le ceimicí (CMÚC: Clárú, Meastúchán, Údarú na gCeimicí).

Tugadh tacaíocht chuimsitheach freisin don Roinn Fhionntar, Trádála agus fostaíochta, agus iad ag ullumhú do uachtaránacht an Aontais Eorpaigh, agus iad i mbun comhdhálacha agus cruinnithe idirnáisiúnta raibh baint acu le sláinte agus sábháilteacht cheirde, chomh maith le treoir theicniúil a chur ar fáil agus an bille nua faoi Shláinte agus Leas san Ionad Oibre á ullumhú.

Mar chuid de ról comhairleoireachta phróiseas pleanála an Udaráis i leith mor-bhaol ceimiceach, cuireadh comhairle agus anailís theicniúil phroifisiúnta ar fáil do roinnt thionscnamh bonneagracha agus trádála. Bhíothas níos gnóthaí ná riamh sa ról seo i 2003.

Leanann an méadú ar an líon ionchúiseamh ar dhíotáil a chualthas. Críochnaíodh go sásúil 15 cás déag, agus tá 33 cás fós ar feitheamh. Bhí gá le mór-úsáid acmhainní fiosrúcháin i roinnt dena cásanna seo, agus i gcásanna eile, ba mhór an idir-chaidreamh agus comh-fhiosrú leis na Gárdaí a bhí ag teastáil.

In ainneoin leithdháilte acmhainní ar ábhair bhorradh náisiúnta, rinneadh níos mó ná 10,700 cúirteanna cigireachta ar ionaid oibre.

I rith 2003, chuir an tÚdarás i bhfeidhm roinnt bearta ina chuid nósanna feidhme a chabhraigh go mór le gníomhú a fheabhsú agus spriocanna a bhaint amach. Tógadh isteach nósanna nua feidhmithe. Thug dian-chlár nua traenála tacaíocht don gclár rolladh-amach na gcigirí agus eochairbhaill foirne san Udarás. Tabharfaidh na nósanna nua seo isteach caighdeán níos fearr cigireachta, fiosrúcháin, agus ullmhacháin na gcomhad ionchúisithe.

D'éirigh leis Údarás ath-struchtúr mór eagraíochtúil a chríochnú le linn 2003. Bhí feabhasanna móra in obair fhoirne á seachadadh ag córais fheabhsaithe chumarsáide agus riar gníomhuithe, agus leanfar leis an dul chun cinn seo. Críochnaíodh freisin, an chéad chuid de chlár dhá bhliana de chórais 'barr-an-ranga' riar airgeadais. Cuireadh i bhfeidhm freisin córas nua riar taifead, maraon le tús a chur le straitéis nua 3 bliana don síor-fhorbairt Chóras Eolas Fheidhmiú Limistéar an Údaráis.

Tá feabhas ( ísliú leibhéal) le sonrú i dtáscairí gníomhuithe an náisiúin maidir le sláinte agus sábháilteacht, agus is léiriú é seo ar an gcaoi ina bhfuil an cás seo ag teacht faoi thiochar dul chun cinn an Údaráis. Bhí ísliú intomhaiste le feiceáil i rátaí timpistí agus droch-shláinte, agus léiríonn figiúirí ón Lár Oifig Staitisticí ísliú i ráta agus líon na dtimpistí san ionad oibre thar an tréimhse céanna ama. Thit an ráta ar glacadh le héilimh leasa de dheasca gortaithe ceirde freisin.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

TUAIRISC BHLIANTÚIL 2003

## TIONSCNAIMH SHONRACHA

**Gortú san Ionad Oibre agus Droch-Shláinte:** Bhí treocht mharthanach anuas ar an líon éilimh ar leas Éagumas agus Árachas Ceirde. Tugadh faoi deara freisin titim 17% ar ghortaithe agus ar dhroch-shláinte sa tréimhse 1999-2003, de réir Suirbhé a ráithe 1 do 2003.

**Ionaid Oibre Saor ó Thobac:** Léiríodh an polasaí náisiúnta ar ionaid oibre a bheith saor ó thobac sa bhliain 2003. Ba shuntasach an t-ionchur a rinne an tÚdarás dona Roinnte Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Sláinte agus Leanaí, chun cabhrú leis an dtionscnamh seo.Bhí ról mór ag an Údarás freisin sa phróiseas náisiúnta comhairleoireachta.

**Straitéis Nua Ceimiceach an AE:** Le linn 2003, thóg an tAE chun cinn tionscnamh nua i leith sábháilteacht cheimicí. Chuir an tÚdarás comhairle theicniúil shaineolach phroifisiúnta chun léiriú a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do leas na hÉireann. Tugann beirt shain-chigirí ó Aonad na Subsatintí Baolacha tacaíocht don gclár seo.

**Seoladh Pleananna Shábháilteacht Fheirme agus Thógála:** Seoladh dhá mhór-thionscnamh i rith 2003 .i. na pleanna don Rannpháirtíocht Shábháilteacht Fheirme agus Thógála. Tá an tÚdarás ag tógáil na bpleananna seo chun cinn le tacaíocht óna príomh geallsealbhóirí.Is pleanna réamhghníomhacha iad atá dírithe ar thuiscint shábháilteacht agus shláinte sna rannóga seo a fheabhsú.

**Foraoiseacht:** Le tacaíocht ó pháirtíthe leasmhara d'fhoilsigh an tÚdarás Cód Cleachtas do Shláinte agus Shábháilteacht in Oibríochtaí Foraoiseachta sa bhliain 2003.

**Feachtas Ardú-Thuisceana sa bhFeirmeoireacht:** I rith mí na Samhna 2003, rinneadh feachtas míosa ar chumarsáid fhógraíochta sa rannóg thalamhaíochta a bhí dírithe ar thuiscint agus chaighdeáin shábháilteacht fheirme a fheabhsú.Ba é an dian-fheachtas teilifíse a mhair coicís, maraon le hábhair threoracha agus measúnachta a scaipeadh i measc an phobal feirmeoireachta, le líonadh isteach, na príomh gnéithe den bhfeachtas seo. Fuarthas tacaíocht óna geallsealbhóirí go léir sna rannóga talamhaíochta. Thacaigh an príomh fhoilseachán seachtainiúil feirmeoireachta leis an bhfeachtas chomh maith.

**Dhá Fheachtas Móra Tógála:** D'éirigh go maith leis an dá fheachtas móra tógála a bhí ar siúil i mí an Mheithimh agus mí Meán-Fomhair 2003. Is éard a bhí i gceist ná, clár feabhsaithe cigireachta, eolas an phobail, agus fógraíocht a bhí dírithe ar thití ó airde.Ba chuid de fheachtais tras-Eorpach iad na feachtais seo, a bhí eagraithe ag cigirí sinsearacha oibre trasna na hEorpa. Foilseofar tuairisc ag eascairt ón bhfeachtas seo a shonróidh anailís chomporáide, ar a mbeidh cláracha sa todhchaí bunaithe.

**Treoir Phraicticiúil do Chonraitheoirí Beaga:** Foilsíodh cáipéis phraicticiúil threorach do chonraitheoirí beaga le linn 2003, agus scaipeadh í i rith na bhfeachtas.

**Foilsiú Taighde Thógála:** Rinne an tÚdarás coimisiúiniú ar thionscnamh sonrach chun na factóirí a bhfuil baint acu le básanna sa tionscal tógála a aithint. Beidh baint ag torthaí an taighde seo le rialacha agus straitéise atá le teacht.

**Láimhseáil Ualach:** Thánathas ar chomhaontú le déantóirí stroighne málaí 25kg a áid in ionad na málaí 50kg, rud a laghdaíonn an baol gortaithe.Beidh sé seo ina chabhair mhór sa tionscal tógála.

**Seimineáir ar Shábháilteacht Cheimiceach:** Chuir an tÚdarás ar siúil cuid mhaith seimineár ar ábhar Shábháilteacht Cheimiceach, a raibh páirt ag na tionscail cheimiceach agus chogais, agus ionaid eile iontu.Bhí na seimineáir seo dírithe ar ghéilleadh feabhsaithe agus méadú tuisceana a bhaint amach, chomh maith le heolas agus comhairle a scaipeadh iontu.

**Traenáil Thiomáinithe Earraí Baolacha:** Rinneadh measunú ar 1,477 tiomáinithe, agus bronnadh ceadúnas ar na daoine ar éirigh leo i 2003 de réir rialacha Iompar na nEaraí Baolacha ar Bhóthar. Is méadú 9% é seo ar 2002.

**Pleannáil Úsáid Talún**: Le linn 2003, bhí an t-ualach oibre maidir le pleannáil i gcomhair úsáid thalún ag leibhéal nua. Chuir an tÚdarás comhairle theicniúil phroifisiúnta ar fail i ndá chás suntasach a bhí mar ábhair chomhairc faoina próisis phleannála. Chomh maith leis sin, próisíodh 283 cás (idir iarratais phleannála nó pleanna forbairte).

**Cigireacht:** Bhain an tÚdarás sprioc chigearacht na n-ionad oibre amach le breis is 10, 700 cigearacht déanta ar fud na tíre.

**Ionchúisimh**: Críochnaíodh go sásúil15 ionchúiseamh ar díotáil, agus 61 ionchúiseamh sa Chúirt Dhúiche inár gearradh suas go Euro 200,000 fineálacha. Tá 33 ionchúisimh ar díotáil-an líon is airde riamh-ar feitheamh faoi láthair, le roinnt eile ag feitheamh le cinneadh ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)

**Dréacht-Bhille do Leas agus Sláinte san Ionad Oibre:** Chuir an tÚdarás comhairle theicniúil ar fáil don Roinn Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhí bunaithe ar an dtaithí phraicticiúil atá aige tar éis a bheith ag obair lastigh de chreatlach an Achta um Shábháilteacht agus Shláinte san Ionad Oibre, 1989.

**Saoirse an Eolais:** D'éirigh leis an Údarás deileáil le nach mór 300 iarratas eolais faoin Acht um Saoráil Fáisnéise sa bhliain 2003, méadú 20% ar 2002 – ceann dena leibhéil is airde i measc na n-eagraíochtaí poiblí agus státseirbhíseach.

**Eolas:** D'ardaigh an líon glaoch gutháin chuig an oifig INFOTEL ag lorg eolais, go dtí timpeall 24,000. Tá méadú mór tar éis teacht ar an líon glaochanna le bliain anuas.

**Semineáir agus Comhdhálacha:** Chuir an tÚdarás sraith semineár ar siúil faoi strus san ionad oibre, ar ar fhreastal líon mór daoine, agus ar éirigh go geal leo. D'éirigh go maith freisin leis an gComhdháil Bhliantúil.

**Taispeáinteas Theicneolaíocht agus an Eolaí Óig:** Thug an tÚdarás urraíocht do dhá dhuais ag an Taispeáinteas Theicneolaíocht agus an Eolai Óig de chuid ESAT. Bhí na duaiseanna seo ag dul do bhealaí úra nuálaíocha a lorg i leith timpistí san ionad oibre a sheachaint. Bhí ceann amháin díobh ag díriú ar an rannóg thalamhaíochta ar leith, agus ba cheann ginearálta é an ceann eile.Ba chúis áthais é an caighdeán ard iontrálaithe a fuarthas..

**Comhoibriú Theas-Thuaidh:** Tionóladh cruinnithe leis an HSENI chun bealaí co-ordnaithe a oibriú amach.

## GNÍOMHARTHA FEABHASAITHE CUMAIS

**Dul Chun Cinn a Choimeád:** de réir plean an Údaráis dul chun cinn a choimeád, eisíodh clár mór tairgiúlachta.

**Ath struchtúrú:** Cuireadh clár mór athstruchtúraithe i bhfeidhm le riar gníomhach ó chaidreamh tionscail.

**Forbairt Bhainistíochta:** Le linn 2003 rolladh amach clár fhorbairt bhainistíochta a bhí dírithe ar scileanna straitéise agus feidhmnithe na mbainisteoirí sinsearacha a fheabhsú.

**Suirbhé Foirne:** Rinneadh an dara shuirbhé foirne, agus léiríonn sé go bhfuil feabhas seasmhach le sonrú thar roinnt paraiméadar, go mór mhór i leith soiléireacht rólanna.Tá gníómh-phlean do 2004 curtha le chéile bunaithe ar na torthaí seo.

**Feabhas trí Dhaoine:** Rinneadh iniúchadh neamhspleách seachtrach ar chláir thraenála agus fhorbartha an Údaráis, agus gheall an ard-scór a fuarthas cloí leis an gcaighdeán.

**Próisis Fheidhmiúithe:** Leanann an clár síor-fheabhasuithe sna próisis fheidhmiúithe ar aghaidh le tabhairt isteach gnáthaimh nua fhiosrúcháin, fheidhmiúithe agus ullmhúcháin chomhad. Thug clár cuimsitheach ath-traenála do chigirí agus bainisteoirí tacaíocht dona gnáthaimh seo.

**Córas Eolais do Bhainistíocht Fheidhmiúithe (CEBF):** Críochnaíodh an chéad chéim sa phlean 4 bliana forbartha do chóras CEBF an Údaráis a thugann eolas níos fearr ar fhostóirí agus ar ionaid oibre. Rinneadh coimisiúiniú ar chóras nua leictreach tuairisciú timpistí agus riar cásanna. Ligfidh an córas seo saorchead agus tuairisciú níos fearr do fhostóirí, eagraíocht éifeachtach fheabhsaithe laistigh den Údarás, agus caighdeán feabhsaithe eolais.

**Riar na dTaifead:** Cuireadh córas nua riar taifead i ngníomh laistigh de bhuiséad, agus laistigh den teorainn ama. Ligeann an córas nua seo saorchead níos fearr a bheith ann do na taifid go léir a bhfuil baint acu le feidhmiú agus le gníomhaíochtaí nach iad.

**Riar Airgeadais:** Tugadh isteach an chéad chéim de chóras nua riar airgeadais. Chinntigh an tuairisc iniúchta ó Oifig an reachtaire agus Iniúchoir Ginearálta, go bhfuil cleachtais mhaithe riar airgeadais i bhfeidhm. D'fhan caiteachas na bliana taobh istigh den mbuiséad a bhí leagtha amach.

**Forbairt agus Slándáil an Chórais Eolais:** Tugann córais fheabhsaithe slándála cosaint ó idirbhrisidh gnó trí SPAM nó eachtraí ainspionachta de dheasca víréis. Rinneadh ardú-gradaim ar an gcóras chun saorchead, feidhmiú agus leanúnchas gnó méadaithe a chur ar fáil.

**Staitisticí agus Taighde:** Rinneadh coimisiniú ar thaighde i leith básanna sa rannóg thógála, tharla sé agus foilsíodh é.

# SPRIOC 1: CUMARSÁID GHNÍOMHACH A BHEITH AGAINN LE, AGUS TIOCHAR A BHEITH AGAINN AR ÁR GCUSTAIMÉIRÍ

Rinne an tÚdarás ceangaltais ar leith maidir lena chlár oibre do 2003.Tá mar a d'éirigh leis ina dtaobh leagtha amach anseo:

## OIDEACHAS

- Áit lárnach a thabhairt do shláinte agus shábháilteacht ar an gcuraclam ag gach leibhéal san oideachas
  *Bhí páirt ghníomhach ag an Údarás ag 1ú, 2ú, agus 3ú leibhéal, maraon leis an AE chun déanamh cinnte go mbeidh áit ag sláinte agus sábháilteacht ar an ngnáth-churaclaim oideachais.Cuirfear críoch leis an dréacht-phlean I 2004.*

- Duais do Shláinte agus Shábháilteacht Cheirde, a bheadh dírithe ar dhaltaí scoile, a bhunú.
  *Rinne an tÚdarás urraíocht ar dhá dhuais sa Taispeáinteas Theicneolaíocht agus an Eolaí Óig de chuid ESAT. Duais amháin ghinearálta agus ceann eile don talamhaíocht a bhí iontu.*

## TACAÍOCHT GHNÓ

- Tacaíocht a thabhairt do fhionntraíochta beaga agus meánacha trí thionscnaimh chomhairleoireachta mar an scéim *Deá-Chomharsana*, agus ár dtionscnamh *Seilbh a ghlacadh ar Shláinte agus Shábháilteacht.*
  *Deá-Chomharsana: Leanann an tÚdarás ag tacaíocht leis an scéim seo ina gcabhraíonn eagraíochtaí le comhluchtaí beaga agus le grúpaí eile áitiúla le gníomhaíochtaí sláinte agus sábháilteachta.*
  *Feachtas Píolóiteach na Lú (Seilbh a ghlacadh ar Shláinte agus Shábháilteacht ): Mar chuid den bhfeachtas seo, cuireadh seimineáir ar bun maidir le soláthair agus mion-fhionntraíocht.Bronnadh fís-théip agus dlúthdhiosca ar gach uile meánscoil sa chontae chun tuiscint dhaoine ag tosnú ag obair don chéad uair a ardú.Pléadh na ceisteanna seo le grúpaí áitiúla ag díriú ar riachtannais fhostóirí agus fhostaithe.*

- Comh-Choiste mion-fhionntraíochtaí a bhunú le HSENI
  *Rinneadh nascanna láidre leis an HSENI i gcruinnithe faoina rannóg thógála agus thalamhaíochta.*

- Ag leanúint le Duais an Aire do nuálaíocht i Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde.
  *Thug an tÚdarás tacacíocht do dhuais an Aire a bronnadh ar Comhábhair Ghlanbia Teoranta. Is é a bhí i gceist leis seo ná, lár-dháileadh ceimicí chuig áiteanna éagsúla san ionad oibre trí dhomhan-tharraingt,ag tabhairt laghdú 40% don ráta nochtadh na n-oibrithe do cheimicí baolacha. Fuair Irish Biscuits an dara duais.*

## CUMARSÁIDÍ

- Straitéis Chaidreamh Poiblí a fhorbairt chun gaoil éifeachtacha a bhunú agus a choimeád le h-eochair gheallsealbhóirí, ionas gur féidir ár spriocanna corporáideacha a bhaint amach.
  *Rinne an túdarás athbhreithniú straitéise ar pholasaí agus ar chleachtas chaidreamh poiblí, chomh maith le h-iniúchadh a dhéanmh ar aireachtáileanna i measc na ngeallsealbhóirí. Ag eascairt as an*

*athbhreihniú seo, bunaíodh grúpa stiúrtha chun maoirseoireacht a dhéanamh ar chur i ngnímh na straitéise.*

- Scaoilidh nuachta pleannáilte ar eochair-ábhair, chomh maith le ráitis fhrithghníomhacha ar ionchúisimh in-nuachta, agus ábhair eile atá suimiúil don bpobal.
  *Lean cumarsáid ghníomhach leis na meáin-chumarsáide, scaoileadh 70 ráitis ag na meáin chomh maith le líon mór freagraí a thabhairt do cheisteanna óna meáin. Rinneadh tuairisciú leathan sna meáin áitiúla, náisiúnach agus sna meáin cheirde.*

- Freastal ag taispeáintis agus aonaigh cheirde a eagrú ionas go scaipfí eolas, agus go rachfaí i dteagmháil le heochair-gheallsealbhóirí.
  *Glac an tÚdarás páirt i dtaispeáintis agus in imeachtaí tábhachtacha le linn 2003 ina measc:Seó Innealltra Feirme. Seimineár Náisiúnta Sábháilteacht Cairéile, Taispeáinteas Tógála agus PleanExpo, Craobh Náisiúnta Treafa, Comhdháil PDFORRA, agus Comhdháil Chumann Thráchtáil na hUaimhe.*

- Dearadh, leagan amach, agus clódóireacht na bhfoilseachán nua uile a eagrú.
  *D'fhoilsigh an tÚdarás deich bhfoilseachán, maraon le h-ath-chló agus ath-bhreithniú a dhéanamh ar réimse bileog agus treoir-leabhar.*

- Nuachtlitir ráthúil a scríobh, eagartharthóiracht a dhéanamh uirthi agus í a chur amach.
  *D'fhoilsigh agus chuir an tÚdarás amach trí chóip deCúrsaí Sábháilteachta agus Sláinte do bhreis is 2,000 duine. Ba eisiúint speisialta í an nuachtlitir shamhraidh do Sheachtain Shábháilteacht na hEorpa a dhírigh ar an téama 'Substaintí Baolacha'.*

- Comhdháil Bhliaintiúil dírithe ar fhionntraíochtaí beaga a eagrú.
  *Reachtáil an tÚdarás comhdháil faoi theideal "Sábháilteacht san Ionad Oibre – An tInfheistiú is Críonna a Dhéanfaidh Tú Riamh" i gCill Chainnigh.Mheall an téama agus an t-ionad nua lucht mór éisteachta.*

- Ár líne eolais theileafóin – INFOTEL - , ár suíomh gréasáin, seimineáir, agus cigireachtaí ionaid oibre a úsáid chun eolas a scaipeadh.
  *Tháinig timpeall 24,000 glaochanna fóin, méadú mór ar líón na nglaochanna go dtí seo.Rinneadh 345,000 cuairt chuig an suíomh gréasáin. Cuireann an t-éileamh mór eolais seo brú mór ar ár bhfoireann agus ar ár gcórais, rud a spreag tús tionscnamh chun ardú-gradaim a dhéanamh ar chórais teaghmháil na gcustaiméirí. Go déanach i 2003, cuireadh tús le tionscnamh chun an suíomh gréasáin a fheabhsú.Is féidir le custaiméirí foilseacháin an Údaráis a cheannach ar an idirlíon.Eagraíodh seimineáir faoi cheimicí. Cé go bhfuil ráta ard feidhmiúithe ann fós, dhírigh 68% de chigireacht ar eolas agus comhairle a chur ar fáil.*

## AG OBAIR LE COMHLACHTAÍ A BHFUIL NA SPRIOCANNA CÉANNA ACU

- Ag obair chun na grúpaí a bhfuil sé ar a gcumas sábháilteacht agus sláinte a spreagadh agus a chothú san ionad oibre, á ngríosú chun seo a dhéanamh – na hÚdaráis Áitiúla, agus comhlachtaí ar leith.
  *Lean an tÚdarás ag deileáil le h Udaráis Áitiúla, Roinnte Rialtais, Comhlachtaí Ionadaithe d'Fhostóirí agus Fostaithe Rannógacha, agus na Gardaí ionas go gcuirfí sábháilteacht agus sláinte go h-ard ar a gcláir oibre.*
- Straitéisí náisiúnta ar shábháilteacht agus ar shláinte san ionad oibre agus ceisteanna eile

sábháilteachta poiblí nach iad a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí a bhfuil na spriocanna céanna acu.Déanfar seo trí ath-bhreithniú a dhéanamh ar an gcóras náisiúnta a chuireann cóir leighis ar fáil sna h-ionaid oibre, agus trí idirchaidreamh leanúnach a bheith ar siúil le hOifigí Tionscnaimh Shláinte atá ceangailte leis na Boird Shláinte.
*Ullmhaíodh i gcomhair chomhairleoireacht phobail, dréacht-mholtaí córas nua garchabharach don ionad oibre. Chuaigh comhairleoireacht agus idirchaidreamh ar aghaidh le hOifigí Tionscnaimh Shláinte i gcúig cinn de na ceantair Bhoird Shláinte.*

- Ag obair chun na grúpaí a bhfuil sé ar a gcumas sábháilteacht agus sláinte a spreagadh agus a chothú san ionad oibre, á ngríosú chun seo a dhéanamh – gníomhaireachta stáit agus comhlachtaí ionadaithe san áireamh, trí chomhairleoireacht a dhéanamh faoi Straitéis Náisiúnta ar Shláinte Cheirde.
  *Cuireadh amach dréacht-straitéis i gcomhair comhairleoireachta i 2004. Ghlac an tÚdarás páirt sa fóram ar an ionad oibre amach anseo.*

- Ag leanúint ar aghaidh leis an dtionscnamh a thugann aitheasc don sláinte agus sábháilteacht sa rannóg phoibl, agus do sholáthair phoiblí.
  *Bhí cruinnithe ar siúil le bainisteoirí sinsearacha agus comhairleoirí sábháilteachta chun teacht ar chomhréiteach gníomhaíochta i 29 Comhairle Contae. Rinneadh 215 cigireacht sna hÚdaráis Áitiúla freisin, agus ní raibh ach 40% de ghéilleadh le fáil. Foilseofar mion-thuairisc air seo i 2004.*

- Dul i gcomhar go straitéiseach le, agus eolas a roinnt ar ghníomhaireachta a bhfuil na spriocanna céanna acu, trí léachtanna a chur ar siúil le grúpaí cuí ar ábhair faoina bhfuilimid cumasach, agus comhdháil a eagrú faoi láimhseáil othar sa rannóg chúram shláinte.
  *Tharla comh-chomhdháil faoi láimhseáil othar le Cumann na bhFisicteirpí Cairte Éireannacha.*

- Go raibh an tÚdarás ina fhócas náisiúnta don Ghníómhaireacht Eorpach Shábháilteacht agus Shláinte san Ionad Oibre.
  *Eagraíodh na Duaiseanna Eorpacha Deá-Chleachtas, agus bronnadh duais mhór ar Asfalt Éireannach Ltd. as ucht methylchloride a bhaint amach as a bpróisis.Fuair Abbott Ireland Ltd. moladh ar leith. Ba é téama na seachtaine ná "Substaintí Baolacha – aire orthu". Scaip an tÚdarás 6,000 pacáistí eolais ar an téama seo..*
  *Cuireadh tús le roinnt tionscnamh ag úsáid síol-chistiú a chuir an Gníomhaireacht ar fáil. Bhí na h-eagraíochtaí seo a leanas páirteach:Bord Comhairleoireachta Regiúin an Iarthair, SIPTU, Bord Iascaigh Mhara, An tÚdarás um Shábháilteacht agus Sláinte, An Oifig Shábháilteachta Coláiste na h-Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Dámh an Leighis Cheirde, Cumarsáid Chorporáide Lána an Mhuilinn Gaoithe.*

## NA FOILSEACHÁIN, TREOIRLÍNTE AGUS CÓID CHLEACHTAIS SEO A LEANAS A CHUR AMACH

- Treoirlíní ar láimhseáil sna rannóga seo a leanas:Talamhaíocht, Tógáil, Déantóireacht, Óstáin agus Miondíol.
  *Cuireadh amach dréach-threoir ar láimhseáil a fhoilseolfar I 2004.*

- Cód Cleachtais ar Obair Dhín
  *Tá dréacht-chód ullmhaithe le ceadú.*

- Cód Cleachtais do Chrainn Thógála
  *Cheadaigh Bord an ÚSS cáipéis a fhoilseoidh an NSAI a bheidh ina bunús do Chaighdeán Éireannach.*
- Cod Cleachtais do Sheirbhisí faoi Thalamh
  *Tá cead foilseacháin faighte don gcáipéis seo do 2004.*

- Treoirlíntí ar ghníomhairí ceimiceacha faire shláinte san áireamh.
  *Tá cead foilseacháin faighte don gcáipéis seo do 2004. Ceadaíodh i gcomhair foilseacháin freisin treoir ghearr do ghníomhairí ceimiceacha agus treoir eile chun an baol ó ghníomhairí ceimiceacha a mheas.*

- Treoirlíntí ar ghníomhaíochtaí stroighin aispeiste.
  *Rinneadh dréacht-threoirlíntí a cheadaigh an Coiste Comhairleoireachta na mBaol-Shubstaintí chun foilseacháin i 2004.*

- Páirt a ghlacadh in obair choiste Chomhairle Leictreach-Theicniúil na hÉireann.
  *Ghlac an tÚdarás páirt in obair a rinne an CLTÉ ar shábháilteacht leictreach.*

- Eolas agus Comhairle ar Shubstaintí Baolacha a Iompar agus a Stóráil, agus ar Stáisiúin Pheitril.
  *Foilsíodh mion-eolas ar shuíomh-ghréasáin an Údaráis*

- Treoirlíntí ar Rialúcháin Nua Tumadóireachta
  *Táthar fós ag feitheamh le ceadú na rialachán ón mBord*

- Treoirlíntí ar Riar Shláinte agus Sábháilteachta dona Seirbhísí Sláinte
  *Cuireadh amach dréacht-threoirlíntí ar Riar Shláinte agus Sábháilteachta sna Seirbhísí Sláinte. Foilseofar leis an Uirlis Iniúchta i 2004.*

- Treoirlíntí do Shláinte agus Shábháilteacht Bhunúsach do chomhluchtaí beaga tógála
  *Foilsíodh agus scaipeadh treoracha do chonraitheoirí beaga le linn fheachtas an tionscail thógála I 2003.*

- Treoirlíntí ar Rialaúháin Nua Tógála
  *Tá an bealach oibre glanta ag an aighneas a rinneadh don Aire Ghnóthaí Saothair inar moladh leasú ar na Rialúcháin Thógála, agus is féidir tosnú ar na treoirlíntí anois.*

- Treoirlíntí ar ghnéithe iniompraíochta riar chórais shábháilteachta.
  *Cuireadh treoirlíní le chéile a fhoilseofar i 2004.*

- Treoirlíntí ar "bhaol-mheasúnacht" ionad oibre a dhéanamh
  *Cuireadh treoirlíní le chéile a fhoilseofar i 2004.*

- Treoirlíntí Mhéadracht Fhuaime
  *Rinneadh dul chun cinn, agus beidh teacht ar treoirlíne nua I 2004.*

- Athbhreithniú ar Threoirlíntí an Ráitis Shábháilteachta
  *Ullmhaíodh dréacht-cháipéis threorach, ach cuireadh ar ceal a foisleachán go dtí go n-achtófar an Acht um Shábháilteacht agus Shláinte san Ionad Oibre nua réidh, ionas go n-aithneofar pé riachtanais nua go mba gá leo.*

- Tuairisc Bhliantúil 2002
  *Foilsíodh an tuairisc bhliantúil.*

- Clár Oibre 2004
  *Foilsíodh an Clár oibre.*

- 4 Eagrán d'iris an ÚSS Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta
  *Eisíodh agus scaipeadh saor in aisce, 3 eagrán den iris Cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta do lucht leathan léitheoireachta. Is é a bhí san eagrán samhraidh ná eagrán speisialta do Sheachtain Eorpach Shábháilteachta at an téama "Substaintí Baolacha"*

### Tionscnaimh


- Feachtais Shábháilteachta Thógála
  *Cuireadh dhá fheachtas tábhachtacha trasna an AE, ina raibh béim mhór curtha ar thití ó airde.*

- Gníomh-Sheachtain Shábháilteacht Fheirme
  *Rinne an tÚdarás comhoirdniú ar an tSeachtain Shábháilteacht Fheirme inar spreagadh an rannóg thalamhaíochta diriú ar leith a bheith aici ar shábháilteacht fheirme.Chuir an tÚdarás dian-fheachtas eolais, tionscoireachta agus feidhmuithe ar bun.*

- Seachtain shábháilteachta na gCairéal
  *Cuireadh seachtain shábháilteacht na gcairéal ar siúil, agus i measc na n-imeachtaí, bhí seimineár, cigireachtaí, agus eolas á scaipeadh ann.D'fhreastal breis is 220 toscairí, bainisteoirí cairéal, toscairí sábháilteachta cairéal, innealltóirí, bainisteoirí sábháilteachta, agus cuid mhaith bainisteoirí sinsearacha a spreagadh chun tionscnaimh shábháilteachta a chur ar siúil ina gcomhluchtaí féin do sheachtain na sábháilteachta.Ba é an téama na seachtaine agus an tseimineáir 2003 ná, "Riar Praicticiúil Shábháilteachta agus Traenáil na nOibrithe"*


## SEIRBHÍS CUSTAIMÉARA

**Cairt 1: Aireachtála Seirbhíse Custaiméara maidir le Teagmháil Fhóin i 2003 (Suirbhé Gréasáin 113 freagra)**




| | Easaontas láidir | Easaontas | Aontas/ Easaontas ar bith | Aontas | Aontas láidir |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhairle chabhrach | 11 | 4 | 12 | 50 | 22 |
| Foireann chabhrach | 4 | 2 | 9 | 47 | 38 |

**Cairt 2: Aireachtála Seirbhíse Custaiméar maidir le Teagmháil Chigireachta I 2003 (Suirbhé Gréasáin 30 freagra)**




| | Easaontas láidir | Easaontas | Aontas/ Easaontasar bith | Aontas | Aontas láidir |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhairle chabhrach | 3 | 3 | 10 | 50 | 33 |
| Foireann chabhrach | 3 | 3 | 14 | 41 | 38 |

# **SPRIOC 2:** MEAS A BHEITH AGAINN AR ACMHAINN AN EOLAIS SAN EAGRAÍOCHT

Rinne an tÚdarás ceangaltais ar leith in a chlár oibre do 2003. Tá an chaoi ar éirigh leis leagtha amach anseo thíos:

- Eolas agus sonraí sábháilteachta agus sláinte a aithint, a bhailiú, a chomhordú agus anailís a dhéanamh orthu
  *Foilsíodh mion-eolas staitistiúil faoi thimpistí ionad oibre agus faoi fheidhmiú ar an ngréasán agus sa tuairisc bhliantúil.*

- Ath-bhreithniú a dhéanamh ar an bhFoirm Thimpistí a Fhógairt – IR 1, agus ar an bpróiseas bailiúchán eolais.
  *D'fhorbair dian –chleachtadh chomhairleoireacht phoiblí roinnt mhaith fheabhsúcháin do na chórais fhógartha timpistí. Cuireadh ar aghaidh i gcomhair cur i ngnímh i 2004.*

- Taighde a dhéanamh agus scaipeadh na dtorthaí a chinntiú.
  *Foilsíodh an taighde a rinneadh ar factóirí a bhaineann le timpistí marfacha tógála.*

- Mar eagrú  le bunús fianaise, cuirimid córais mhonatóireachta agus mheastóireachta ar bun chun gníomhú a mheas.
  *Maidir leis seo thuas, d'úsáid an tÚdarás réimse leathan córas meastóireachta .i.suirbhé foirne, suirbhéithe custaiméar, anailís ar thuairisciú na meán, cláracha ar leith a mheas, agus monatóireacht a dhéanamh ar shonraí timpistí agus droch-shláinte.Léirigh for-mhór an eolais gur ag dul I bhfeabhas atá an cur i ngníomh.*

- Na córais mhonatóireachta, bhailiúcháin, anailíse agus roinnt an eolais a fhorbairt trí bhailiúchán feabhsaithe eolais sa rannóg shláinte ceirde; déanfar seo trí shuíomh-pháipéar a chur le chéile ar Staitisticí Náisiúnta Galar,  suirbhé a dhéanmh ar chlinicí scamhógacha chun fáil amach faoi asma ceirde, suirbhéithe eile a dhéanamh ar ailéirgí ionad oibre, agus dul ar aghaidh leis an suirbhé ar Dheirmitíteas Stroighne.
  *Rinneadh Suíomh-pháipéar ar Staisisticí Náisiúnta Galar. Rinneadh suirbhéithe ar chlinicí, chuathas i mbun comhráítí le Roinn na Sláinte Cheirde ag Ollscoil Mhanchain ina dhiaidh sin lena mbeidh baint dhíreach ag Dochtúirí Scamhógacha Éireannacha dá suirbhé sa bhliain atá romhainn.*

- Straitéisí nuálacha agus cinn de bhunús fianaise a fhorbairt chun deileáil le baol aitheanta agus cinn atá fós le teacht, nó le modhanna athraithe oibre, ceisteanna sláinte shiceolaíochta, agus deatach thobac na timpeallachta san áireamh.
  *Rinneadh macnamh ar na ceisteana a d'eascair as an "Tuairisc ar na h-éifeachtaí sláinte a thagann de dheasca deatach thobac na timpeallachta (DTT)san ionad oibre". Rinneadh dréacht-mholtóireachtaí reachtúla don Aire,agus an baol a bhaineann leis an deatach seo maraon leis na deacrachtaí a bhíonn ag córais aeraithe fostaithe a chosaint, a chur san áireamh.Rinneadh staidéar ar, agus freagraíodh dona staidéir a áitíodh don Údarás.*

- Clár chaighdeán eolais a chur i ngníomh.
  *Cuireadh córais nua thaifead eolas fostóirí i ngníomh, rud a laghdaigh go mór an méid eolais dhúbailte a bhíodh ann i leith riar an chóras feidhmuithe.*

- Clár riar thaifead an Údaráis a chur i ngníomh ionas go mbeidh stóráil thaifid an Údaráis níos éifeachtaí.
  *Cuireadh i ngníomh córas comhtháite chun taifid an Udaráis a riar agus a stóráil.*

- Go mbeidh eolas curtha ar fáil don té a lorgaíonn é de réir téarmaí An Acht um Shábháilteacht, Shláinte, agus Leasa san Ionad Oibre, agus an Acht um Shaoráil Fháisnéise .
  *Lean an tÚdarás ar eolas a chur ar fáil go rialta don bpobal, chomh maith leis an líne eolais gutháin, Infotel, a fhreagraíonn gnáth cheisteanna faoi shláinte agus sbhábháilteacht san ionad oibre. Freagraíodh breis is 24,000 cheist i rith 2003.*

  *Deileáileann an tÚdarás freisin le h-iarratais eolais nach mbíonn teacht ar na freagraí go h-éasca, agus, i rith 2003, deileáileadh le 294 díobh siúd de réir théarmaí na nAchtaí Saoirse Eolais, 1997, agus 2003, méadú mór ar 2002.*

- Sonraí a chur ar fáil do Eurostat
  *Cuireadh sonraí faoi thimpistí san ionad oibre ar fáil do Eurostat ionas gur féidir comporáid a dhéanamh le baill stáit eile an AE.*

- Comhaontais Straitéiseacha le Comhlachtaí Ainmnithe.
  *D'Oibrigh an tÚdarás i ngaireacht na nGardaí áitiúla agus iad ag fiosrú eachtraí tromchúiseacha in ionaid oibre.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# SPRIOC 3: AN CLEACHTAS IS FEARR A ÚSÁID SNA PRÓISIS CHIGIREACHTA, FHIOSRÚCHÁIN, AGUS FEIDHMITHE

## CUSPÓIRÍ GINEARÁLTA

Rinne an tÚdarás ceangaltais ar leith ina chlár oibre do 2003.Tá an chaoi ar éirigh leis leagtha amach anseo thíos:

- Díriú ar Riar Shláinte agus Shábháilteachta le linn cigireachtaí, ullumhcháin agus cur i ngníomh na ráiteas sábháilteachta, comhairleoireacht shábháilteachta, agus ionadaíochta.
  *Is cuid lárnach de phróiseas chigireacht an Udaráis í an mheasúnacht ráiteas sábháilteachta.Bhí ráitis ag 60% dena fostóirí a rinneadh cigireacht orthu, agus bhí 60% dena ráitis úd ag comhlíonadh téarmaí an dlí. Níor chuir ach 54% dena h-ionaid oibre le ráitis shábháilteachta acu na ráitis seo i ngníomh go sásúil.Thangthas ar chomhairleoireacht shábháilteachta i 56% dena h-ionaid oibre, agus fuarthas ionadaíthe sábháilteachta i 25% díobh.*

- Timpistí tromchúiseacha a fhiosrú, agus freagra a thabhairt ar ghearáin
  *Fiosraíodh 456 eachtra – 9% den méid a tuairiscíodh. Rinneadh 781 cigireacht a raibh baint acu leis na fiosruithe seo.Díríónn an tÚdarás go speisialta ar na fostóirí nach ndearna tuairisc ar thimpistí. Tháinig 3,137 gearán chuig an Údarás, agus fiosraíodh 1,797 (57%) díobh, agus thánthas ar réiteach gan cuairt oifigiúl i gcás 482 (15%)díobh. Ciallaíonn an méadú mór fiosrúchán le trí bliana anuas, go raibh gá le laghdú sna cigireachtaí eile.*

- Ath-chigearacht a bheith i gceist le fostóirí ar seirbheáileadh fógraí feidhmiúithe orthu.
  *Ba ath-chigireachtaí ar chois sheirbheáil fhógraí feidhmiúithe 10% dena cuairteanna rinneadh. Seirbheáileadh 662 Fógraí Feabhasúcháin, agus 639 Fógra Toirmeasc le linn nó tar éis cigearachta.*

- Ag díriú ar úsáid gníomhairí ceimiceacha agus ailseachtaí i rith cigireachtaí cuí.
  *Dhírigh 21% de chigireachtaí ar mhonatóireacht a dhéanamh ar ailseachtaí agus ar ghníomhairí ceimiceacha. Bhí thart ar 27% de mheasúnachtaí bhaol ceimiceach ag teacht go ginearálta leis na riachtannais dhlíthiúla agus bhí 28% díobh curtha i ngníomh go sásúil.*

- Cigirí a thraenáil in úsáid an lámhleabhair athbhreithnithe agus i dteicneolaíocht an eolais. An t-athbhreithniú ar na próisis fheidhmiúithe agus chigearachta a chur i ngníomh chun an cleachtas is fearr a bhaint amach.
  *Treanáileadh na cigirí sna próisis athbhreithnithe i láimhseáil fhianaise, comhaid fheidhmiúithe a ullumhú agus sna próisis nua gearán. Bhí gá leis na próisis a athbhreithniú de bharr an méadú a tháinig ar an líon feidhmiúithe atá ag teacht os comhair na n-ardchúirteanna.Cuireadh traenáil ar fáil do chigirí ar eolas a thaifead go cruinn sa chóras riar feidhmiúithe.*

## TALMHAÍOCHT AGUS FORAOISEACHT

- Bíodh na cigireachtaí ag díriú ar na ceisteanna seo a leanas: innealra a oibriú, oibriúcháin láimhse, stoc beo a láimhseáil, obair ard, agus sábháilteacht linbh.
  *Rinne an tÚdarás 856 cigireacht thalamhaíochta i 2003. Bhí 80% díobh siúd ag díriú ar innealra, stoc beo a láimhseáil, obair ard, obair láimhe agus sábháilteacht linbh. Ba ath-chuairteanna iad 14% dena*

*cuairteanna, agus ba fhiosrúcháin thimpistí agus ghearán 5% eile díobh. Cuireadh an dlí i bhfeidhm i gcás 17% dena feirmeacha .*

- An Cód Riar Sábháilteacht agus Sláinte sa bhForaoiseacht a chur chun cinn.
  *Foilsíodh an cód seo I 2003; Tugann an tÚdarás tacaíocht ghníomhach do scaipeadh an eolais seo trí chomhairle agus eolas a chur ar fáil do Chumann Chomhairleoirí na bhForaoiseacha Éireannacha, Comhairleoirí na bhForaoiseacha Teagasc, Coillte, Conraitheoirí Innill Bhainte agus do Mhuilleoirí Sháibh.*

- An Cód Cleachtais ar Thimpistí Talamhaíochta do Pháistí agus Ógánaigh a Sheachaint.
  *Tugadh an cód seo do fheirmeoirí le linn cigireachtaí agus pléadh ceist shábháilteacht linbh.Tugadh tús-áite don gcód freisin i rith Fheachtas Shábháilteacht Linbh, agus scaipeadh é ag na comórtais Chraobh Treafa Náisiúnta.*

- Treoirlíntí ar ullumhchán an Ráitis Shábháilteacht Fheirme a chur chun cinn agus a fheidhmiú.
  *Cuireadh treoir ar fáil ar Ráiteas Sábháilteacht Fheirme a ullmhú mar chuid den gclár cigireachta. Scaipeadh na treoirlíntí seo i rith Craobh Treafa Náisiúna.*

- Pacáiste Acmhainne ar shábháilteacht fheirme a mheas agus a chur ar fáil sna bumscoileanna.
  *Cuireadh seo ar fáil i rith na comórtais Chraobh Treafa Náisiúnta..*
  Tionscnaimh a fhorbairt leis an HSENI mar chuid den Chomhghrúpa Oibre ar Shábháilteacht Fheirme.
  *Lean an ÚSS agus an HSENI ar eolas a roinnt ar cheisteanna sábháilteachta feirme. Léirigh an comh-athbhreithniú ar bhásanna leanaí sa rannóg thalamhaíochta gur cúis mhór bhuairimh don dá ghrúpa í, agus gríosaíonn an dá chomhlacht na pobail fheirmeoireachta sábháilteacht linbh ar fheirmeacha a chinntiú.*

- Máirceáileacht Bhinse a thosú agus a mheas maidir le Feirmeacha Éireannacha.
  *Baineadh úsáid as na ceachtanna a foghlaimíodh i rith an scéim phíólóitigh i 2002 sna cigireachtaí i 2003.*

- Go mbeidh Sláinte agus Sábháilteacht san áireamh sna Scéimeanna Árachas Cháilíocht fheirme
  *Gríosaíodh na daoine a chuireann scéimeanna Árachas Cháilíochta le chéile sláinte agus sábháilteacht a chur san áireamh, trí ullmhú ráiteas sláinte agus sábháilteachta a bheith mar choinníoll sna scéimeana.*

- Gníomh-Phlean trí-bhliana a dhear an Gníomh-Ghrúpa Sábháilteacht Fheirme a thosú
  *Foilsíodh agus tosaíodh ar an Gníomh-Phlean Sábháilteacht Fheirme 2003-2997 a chur i ngníomh.D'aithin an plean bealach chun sábháilteacht agus sláinte fheirme a bhaint amach trí oideachas, fheidhmiú, agus innealtóireacht, le réimse grúpai a bhfuil baint acu le feirmeoireacht agus traenáil stáit a bheith páirteach freisin.*

- Bealaí nuálacha a phlíotú chun géilleadh a bhaint amach sa talamhaíocht
  *Cuireach tús le tionscnamh nuálach sábháilteachta, le tacaíocht ón Roinn Talamhaíochta agus eochair-ghrúpaí. Ba í An Cháipéis Féin-Mheasúnacht Shábháilteacht Fheirme a chuir an tÚdarás amach, croí an tionscnaimh, agus scaipeadh i measc fheirmeoirí na tíre í.Tá an feachtas seo míosúil tar éis freagra a spreagadh ó fheirmeoirí.*

# TÓGÁIL

- Bíodh na cigireachtaí ag díriú ar na ceisteanna seo a leanas: ionadaíocht shábháilteacht an ionad oibre, Pas-sábháilteachta, agus STST (An Scéim Theastaithe Scileanna Tógála), cur i ngníomh traenála, áiseanna leasa, sealbhóirí dhiúité, pleanna sábháilteachta agus sláinte ar leith, Ráitis Shábháilteachta, fadhbanna aispeiste, oibriú ar airde, trácht ionaid agus innealra.
  *Rinneadh breis is 4,600 cuairteanna cigireachta ar ionaid thógála i 2003, i gcomhthéacs sprioc 4,500, agus cuireadh ar bun dhá fheachtas cigireachta a dhírigh ar na ceisteanna atá thuas-luaite.Bhí gá le gníomh-fheidhmiúithe i 14% na gcásanna . Lorgaíodh dhá Ordú Dúnta ón Árd-Chúirt, agus dúnadh 38 ionad eile tar éis cigireachta.*

- Comhoibriú leis na Páirtnéirí Sóisialta agus le heochair-ghrúpaí proifisiúnta eile a choimeád tríd an gComhpháirtíocht Shábháilteacht Thógála, agus An Coiste ChomhairleoireachtThógála.
  *Ba ard an ráta comhairleoireachta a bhí ann i 2003, leis na rialacha nua tógála , agus 9 gcruinniú leis an gCoiste Chomhairleoireacht Thógála, agus 5 chruinniú an Chomhpháirtíocht Shábháilteacht Thógála. Sheol an Comhpháirtíocht Shábháilteacht Thógála pleananna éilitheacha nua do na blianta 2003-22005, agus tosaíodh ar iad a chur i ngníomh.*

- Dhá Fheachtas Chur Ar Aghaidh agus Cigireachta a chur i gcrích
  *Tharla dhá fheachtas thógála i mí an Mheithimh agus Mí Mheán Fómhair 2003. Is éard a bhí i gceist ná clár feabhsaithe cigireachta, eolas poiblí agus fógraíochta a dhírigh ar thití ó airde.Ba chuid de thionscnamh pan-Eorpach iad. Foilseofar tuairisc leis na torthaí agus anailís chomporáideach trasna na hEorpa i 2004.*

- Páirt a bheith againn le FÁS chun cláracha sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt.
  *Ghlac cigireachtaí páirt sna cruinnithe a bhí ag an nGrúpa Thionscal Tógála de chuid FÁS , agus sna Grúpaí Oibre ar cláracha Scileanna Tógála agus cláracha Pas-Sábháilteachta a fhorbairt.Go dtí seo, tá an clár Pas-Sábháilteachta de chuid FÁS déanta ag breis is 300,000 duine.*

- Cuairteanna a thabhairt ar oifigí innealtóireachta agus ailtireachta chun féachaint an bhfuiltear ag géilleadh don gcuid de Rialacha Tógála 2001 a bhfuil baint acu le dearadh agus bainistíócht.
  *Rinneadh 34 cuairteanna cigireachta ag oifigí dearaidh. Fuair na cigirí amach gur beag an tuiscint a bhí ag dearthóirí sna háiteanna seo ar a gcuid dualgaisí de réir na rialachán, agus nach raibh prionsabail shábháilteachta á gcur i ngníomh.*

- Treoir Phraicticiúil a fhoilsiú do chonraitheoirí beaga
  *Foilsíodh cáipéis phóca ag tabhairt treorach ar na nithe bunúsacha a bhaineann leis an tógáil, agus scaipeadh i measc conraitheoirí beaga í.*

- Tionscnaimh a fhorbairt leis an HSENI mar chuid den Chomhghrúpa Oibre ar Shábháilteacht Thógála.
  *Tharla trí chruinniú leis an HSENI ag ar pléadh ceisteanna comónta buaraimh agus ag ar rinneadh cíoradh ar straitéisí gur féidir a chur i ngníomh.*

# CUXPÓIRÍ SÁBHÁILTEACHTA CEIMICÍ

Is ar na bealaí seo a leanas a chomhlíonfaimid ár rólanna de réir an Údarás Inniúlachta Náisiúnta, chun gach cosaint ó éifeachtaí gníomhairí ceimiceach agus ó thimpistí móra san ionad oibre a chur ar fáil do dhaoine, agus don timpeallacht:

- Na gníomhachtaí atá riachtanach chun ár ndualgaisí a chomhlíonadh i leith mór-bhaol timpistí, rangú pacáistíochta, substaintí agus ullúmhcháin bhaolacha a bheith fógartha faoi lipéid go soiléir, tuairiscí sábháilteachta agus fógraíochtaí ceimiceacha a mheash maraon le pé measúnuithe baol a mbeadh gá leo.
  *Rinneadh cigireacht ar gach bunaíocht Mór-Bhaol Timpiste "Seveso" 11, agus rinneadh measúnacht ar 15 mion-thuairiscí sábháilteachta. Phróiseáil an tÚdarás leibhéal ard fograíochta ar shubstaintí nua, chomh maith le díolúinithe taighde agus forbairte I rith 2003, rud a léiríónn síor-nuálú sa tionscal cógais in Éirinn.*

- Comhairle faoi úsáid thalún a chur ar fáil dona húdaráis phleanála agus don Bord Pleanála maidir le forbairtí agus bunaíochtaí ina gceantair a bhfuil baol-timpiste ag baint leo.
  *Maidir le comhairle úsáid thalún, próiseáladh 283 cás (cead pleanála nó pleananna forbartha) chomh amaith le páirt a ghlacadh ag éisteachtaí An Bhoird Phleanála. Tugadh comhairle ard-leibhéil go forleathan.*

- Ag cur le dul chun cinn pholasaí nua ceimiceach an AE, Treoracha Margaíochta agus Úsáide, agus Rialúcháin i leith Easportáil/importáil na Substaintí Baolacha.

- *UMCC (Údarú, Measúnacht,agus Clárú Ceimicí) is ainm don bpolasaí nua ceimiceach de chuid an AE.Bhí páirt ag an Údarás ann tríd na mionteagaisc, nótaí labhartha, agus an tabhairt suas chun dáta a bhíodh ar siúil dona Roinnte Rialtais, agus don gCoiste Chomhaireloireacht na Substaintí Baolacha, chomh maith le dul i gcomhairle le grúpaí ionadaíochta an tionscail, freastal ar chruinnuithe an AE, agus seimineáir agus seisiúin oibre a chur ar fáil maidir le UMCC.*

  *Feidhmníonn an tÚdarás mar údarás náisiúnta margaíochta agus úsáide na Substaintí Baolacha agus ullmhúcháin.D'fhreastal an tÚdarás ar dhíospóireachtaí futhu siúd sa hComhairle Eorpach, agus d'eagraigh sé comhairleoireacht náisiúnta ar an ndearcadh Éireannach, agus chuir sé tús-dhréachtaí reachtaithe do chur i ngníomh ar fáil.*

  *Is é an tÚdarás an tÚdarás Inniúlach i gcomhair fógraíocht shubstaintí nua. Is é an tÚdarás náisiúnta freisin é do rangú, pacáistíocht agus lipéadú na n-ullmhúchán baolacha. Is ionadaí Éireannach é an tÚdarás ag cruinnithe an AE.*

  *Leanann an tÚdarás ar an obair seo ag cruinnithe Údarás an AE a bhíonn ag deileáil le measúnacht agus smachtú baol le substaintí atá cheana féin in úsáid. Faoi láthair, tá an tÚdarás ag déanamh measúnacht baol ar thrí shubstaint.*

- Cigireacht a dhéanamh, ceadúnais agus cead a eisiúint, deileáil le achomhairc i gcoinne diúltaithe ceadúnas, saineolas a chur ar fáil maidir le sláinteachas agus tacaíocht i gcás gníomhairí ceimiceacha, ailseachtaí, agus cigireachta aispeiste.
  *Rinneadh 88 sain-chigireacht gníomhairí ceimiceach, agus 88 sain-chigireacht aispeiste, chomh maith le mion-chlár traenáil aispeiste do chigirí tógála a dhéanann an chuid is mó dena cigireachtaí aispeiste a chur ar fáil agus a chríochnú.Tugadh treoir ar earraí aispeiste-stroighne, agus géilleadh do na Rialacha Gníomhairí Ceimiceacha.*

  *Rinneadh 669 iniúchadh bóthair inar rinneadh mion-scrúdú ar 362 feithclí baol-earraí. Rinneadh scrúdú freisin ar 70 garáiste peitril. Rinneadh dréacht ar Rialacha a chlúdaíonn Iompar Earraí Baolacha ar Bhóthar, agus cuireadh le chéile dréacht faoi na táillí a bhaineann le seo.*

- Tionscnaimh Riachtanach a fhorbairt maidir le smacht a bheith san ionad oibre ar smúit crua-adhmaid agus ar ghal tobac sa timpeallacht.

*Tháinig an polasaí náisiúnta ar ionad oibre saor ó ghal chun cinn i 2003. Ba shuntasach an t-ionchur straitéiseach a bhí ag an Údarás chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus Oifig Smachtú Tobaic, chun an cosc ar thobac a bhrú ar aghaidh.Bhí ról cinnireachta ag an Údarás sa phróiseas comhairleoireachta náisiúnta, rud a léirigh ualach mór oibre faoi stiúir pholasaí a bhí i gceist agus an cosc ar thobac á ullmhú.Chuir an tÚdarás le suirbhé an AE mar chéim thosaigh polasaí feidhmúithe a fhorbairt.*

- Scrúduithe agus cúrsaí traenála do thiománaithe lorraíthe iompar na Substaintí Baolacha a eagrú, ag tabhairt aitheantais do chúrsaí na dtiománaithe substaintí baolacha, agus ag comhordnú na scrúduithe do chomhairleoirí sábháilteachta na substaintí baolacha.
  *Cuireadh 1,477 tiománaí faoi scrúdú maidir le substaintí baolacha a iompar ar bhóthar, agus tugadh aitheantas do 15 chúrsa traenála na dtiománaíthe. Rinneadh 41 cigireacht i dtaobh comhairleoirí sábháilteachta a ceapadh.*

- Ag cur ar fáil pé riachtanas traenála lasmuigh nó lastigh a bheadh ag teastáil chun an clár a chur i ngníomh.
  *Chuir an tÚdarás roinnt seimineár shábháilteacht cheimiceach ar siúl le tacaíocht ghníomhach ó na tionscail chógais agus cheimiceach, agus ó áiteanna eile oibre nach iad.*

- Ag baint amach na spriocanna reachtúla agus spriocanna eile nach iad.
  *Síníodh rialacháin a chuir i bhfeidhm An Treorach Comhairle 94/55/EC ar Iompar na Substaintí Baolacha ar Bhóthar (ADR).*
  *Cuireadh críoch le dréacht-rialúcháin chun An Treorach 1999/45/EC a chur i ngníomh maidir le Rangú, Pacáistiocht agus Lipéadú na nUllmhúchán Baolacha. Cuireadh críoch freisin le Rialúcháin an Aontas Eorpaig (Rangú, Pacáistiocht agus Lipéadú na smBaol-Shubstaintí )2003, (Si Uimh.116 de 2003).*

- Páirt a ghlachadh agus ionchur a bheith sna fóraim Náisiúnta, Idirnáisiúnta agus Eorpacha, a bhfuil baint acu le spriocanna an Údaráis maidir le sábháilteacht cheimiceach, maraon le comhairle agus comhairleoireacht a chur ar fáil.
  *Bhí páirt agus ionchur ag foireann an Údaráis i 26 grúpa agus coiste náisiúnta agus idirnáisiúnta sláinte agus sábháilteachtaatá thíos- luaite, ag léiriú an leasa náisiúnta*
  *Sain-Ghrúpa Oibre an AE ar Luacha Limistéar Neamh-Cosainte Cheirde.*
  *Grúpa-Oibre an AE ar Ceisteanna Soisialta ( maidir le Treorach Nua ar Oibrithe a Chosaint ó Aispeist)*
  *Cruinnithe leis an Údarás Inniúlacht Náisiúnta an AE ar Reachtúlacht Substaintí Nua agus iad Ar Fáil*
  *Grúpaí-Oibre an AE ar Pholasaíthe Nua Ceimiceacha*
  *Cruinnithe Grúpaí-Oibre an AE ar Reachtúlacht an Substaintí Nua*
  *Cruinnithe Grúpaí-Oibre an AE ar Reachtúlacht Substaintí atá Ar Fáil*
  *Grúpaí-Oibre Teicneolaíochta an AE ar Rangú agus Lipéadú na Substaintí Nua maidir le hÉifeachtaí Sláinte agus Timpeallachta*
  *Grúpaí-Oibre Teicneolaíochta an AE ar Rangú na Substaintí maidir le héifeachtaí CMR*
  *Gréasán an AE d'Fheidhmeannaigh Reachtúlachta Ceimiceach (GFRC)*
  *Grúpa-Straitéise ar ísliú-bhaol na gceimiceach atá ar fáil.*
  *Grúpaí-Oibre Teicneolaíochta an AE ar mhodhanna tástála do shubstaintí baolacha*
  *Coiste an AE ar Iompar Talún na Subataintí Baolacha, Bóthar/Iarnród/ADN/TPEDU*
  *Comhchoiste an UN/ECE ar RID/ADR (WP15)*
  *Coiste Ghrúpa-Oibre ar Thaisteal Intíre UN/ECE ar Iompar na mBaol-Earraí (WP 15)*
  *Grúpa-Oibre Comhairleoirí Sábháilteachta UN/ECE (RID/ADR)*

*Coiste an AE dena hÚdaráis Inniúlachta (CCA), le Freagracht do Chur i nGníomh Treoracht 96/82/EC ar Smacht ar Baol Mór-Thimpistí le Substaintí Baolacha (Seveso II)*

*Grúpa-Oibre an AE ar Phleannáil Úsáid- Thalún, i gComhthéacs Alt.12 de Threorach (Seveso II)*

*Grúpa-Thionscnamh an AE ar Mhodheolaíocht Bhaol-Mheasúnacht timpistí do Thionscail i gcomhthéasc Threorach Seveso 11EU (ARAMIS)*

*Grúpaí-Oibre Chomhairle agus Choimisiúin an AE ar Chomhoiriúnú Theicneolaíochta (Substaintí Baolacha)*

*Grúpa-Thionscnamh an AE ar leibhéil ghéarneamh-chosaint ceimiceach do phleannáil éigeandálach agus úsáid thalún. (ACUTEX)*

*Coiste Comhairle Substaintí Baolacha an ÚSS (DSAC)*

*Coiste Athbhreithniú Scrúdaithe Comhairleoirí Sábháilteacht Bhaol-Earraí Cruinnithe Trípháirteach UK/NI/IRL ar ADR*

*Coistí Caighdeáin Theicniúla Gáis NSAI*

*Coistí Caighdeáin Theicniúla threalamh agus oiriúintí LPG NSAI (TC9)*

*Cumann Shláinteachas cheirde na hÉireann (OHSI)*

*Príomh Chigirí Ceadúnacha Aispeiste Fheidhmiúchán Sláinte agus Sábháilteachta na Breataine (ALPI)*

## Cigireachtaí agus Feidhmiú

- Cinntiú go bhfuil ár bpolasaíthe cigireachta, feidhmiúithe agus fiosrucháin, ár bpróisis oibre agus gnásanna á n-aithint mar go gcloíonn siad le caighdeáin dheá-chleachtais, agus sain-thacaíocht á cur ar fáil don gclár fuaime sa siamsaíocht.
  *Cuireadh próisis nua cigireachta agus fiosrúcháin atá bunaithe ar dheá-chleachtas i bhfeidhm.Tá dul chun cinn déanta leis an dréacht-threoirlíne ar Fhuaim sa Tionscal Siamsaíochta a fhoilseofar i 2004.*

- Úsáid a bhaint as ár bpróisis chigireachta chun cumarsáid a bheith againn le bainisteoirí agus oibritheoirí agus tionchar a bheith againn orthu; seo a dhéanamh trí Clár Chigireacht Láimhseála a eagrú, agus straitéisí coistheacha a dheileáilfeadh le strus agus bullaíocht cheirde a fhorbairt, agus cigireachtaí gníomhacha a bheith ar siúl go rialta chun caighdeán na measúnachta baol-bullaíochta a iniúchadh.
  *Rinneadh 760 cigireacht ar láimhseáil láimhe. Rinneadh a thuilleadh forbartha ar straiséisí coistheacha i leith bullaíochta agus strusa, agus tá dréacht Measúnacht Bhaol Strusa ullmhaithe i gcomhair foilseacháin i 2004.*

- Cláir Bhliantiúla Oibre de sprioc-chigireachtaí, fiosrúcháin, feidhmiúithe agus idirghabhála ionad oibre a fhorbairt agus a chur i ngníomh; é seo a dhéanamh trí shíor-idirghabháil sa rannóg cúram sláinte, saineolas a chur ar fáil don gclár cigireacht rannóg chúram sláinte, cigireachtaí freagartha a dhéanamh sa sláinte ceirde, agus cigireachtaí gníomhacha a dhéanamh faoi na Rialacha Gníomhairí Ceimiceacha.a dhéanamh.
  *Rinneadh 129 cigireacht sa rannóg cúram sláinte, agus chuaigh an obair ar Chórais Riar Shábháilteachta ar aghaidh. Rinneadh 29 cigearacht sa rannóg Sláinte Cheirde.*

# MIANAIGH AGUS CAIRÉIL

- Cigireachtaí a dhéanamh i mianaigh ag díriú ar na nithe seo: limistéir ghéar-shábháilteachta tarrtháil thine agus faoi-thalamh, smacht sraithe, ruathair agus tití talún, sábháilteacht phléascáin, sábháilteacht innealra, cleachtaí tarrthála mianach a mheas, agus cinnirí seal-oibre a mheas.
  *Chuaigh an 29 cigireacht a rinneadh thar an sprioc de 16 cigireacht. Dheileáil an tÚdarás freisin le*

*iarratais phleanála agus dhíolúine.*

- Cigireachtaí mianach a dhéanamh ag díriú ar riar sábháilteachta, tití ó airde, smacht sraithe, riar tráchta, sábháilteacht innealra, agus láimhseáil agus úsáid phléascán
  *Rinneadh 410 cigireacht i gcomporáid le 415 a bhí beartaithe. Rinneadh feidhmuithe i gcás 15% de chuairteanna.Tá dul chun cinn le sonrú sa rannóg seo, tar éis roinnt blianta de ghníomhaíocht an Údaráis, ach is cúis bhuairimh fós í easpa cosaint innealra, agus sábháilteacht innealra gluaiste*

- Reachtú Mianach agus Cairéal a Dhaingniú
  *Rinneadh agus glacadh le dréacht rialachán daingnithe cairéal agus mianach, agus tá siad leis an gComhairle Dála. Cabhróidh na rialacháin seo le cúlghairm an Achta um Mianaigh agus Cairéil.*

- "Seachtain Shábháilteacht Chairéal" a reachtáil.
  *I dteannta gníomhaíochtaí eolais agus seimineár, rinneadh 172 cigireacht ar chairéil, chlais ghainnimh agus gairbhéil agus ar na h-ionaid dhéantóireachta a bhfuil baint acu leo, le linn Seachtain Shábháiltacht Chairéal. Scaipeadh eolais fógraíochta faoin seachtain ar chairéil. Tugadh roinnt feabhasúchán faoi deara thar roinnt limistéar i rith cigireachtaí. Glacadh le dhá dhúnadh ionad oibre, agus d'eisigh Cigirí 9 bhFógra Coistheacha, agus 17 bhFogra Feabhasúcháin. and Inspectors issued 9 Prohibition Notices and 17 Improvement Notices during the week.*

- Treoir Shimplí a dheileáileann le ceisteanna tosaíochta a thabhairt d'fhostóirí
  *Tá dréacht-threoir tugtha amach I gcomhair foilseacháin I 2004.*

- Leanúint ar aghaidh leis an gCúrsa Creidiúnaithe Traenála i mBainistíocht Chairéal
  *Lean an tÚdarás ag tacaíocht an chúrsa traenála seo, ach ní mórán a ghlac páirt ann.*

- Físthéip Shábháilteacht Phléascán a thabhairt chun críche.
  *Seoladh an fhísthéip agus an dlúthdhiosca-CIA "Contúirt Thart!" Deá-Chleachtas i Lánáin Dhromchlá' i gcaidreamh le Pléascaigh Thionscalaíocht na hÉireann.*

## GLUAISEACHTAÍ FEITHICLÍ AN IONAID OIBRE

- An Cód Cleachtas ar Thrucail Oibriú Thiománaithe a chur ar aghaidh:
  Traenáil Oibrithe
  Treoir ar bhaol-thaistil a chur amach agus a scaipeadh.
  Baoil-thaistil an ionaid oibre a chur chun cinn sna rannóga tosaíochta
  *Rinneadh 196 cigireacht ar cheisteanna fheithclí ionaid oibre. Ina measc, bhí cumas agus traenáil thiománaithe,measúnact-bhaol a dhéanamh, scaradh na siúlóirí agus bealaí ar leith tráchta,ghníomhaíocht shábháilteacht coimeád na bhfeithclí, maraon le so-fheictheacht na dtiománaithe.*

## INNEALRA

- Marcáil CE ar innealra an ionad oibre
  *Comhlíonadh an sprioc 218 cigireacht innealra, le ráta 68% géilleadh. Seoladh tionscnamh píolótach ar thomhas inbhualaidh i Réigiún an Oirdheiscirt, sa ráithe dheireannach na bliana seo caite. Rollfar amach an tionscnamh seo atá dírithe ar dhéantóirí agus ar sholáthaithre I rith 2004.*

- Idirchaidreamh leis an Oifig Gnóthaí Tomnhaltóirí
  *Bhí comhairleoirecht ag an Údarás leis an Oifig ar chásanna ar leith..*

- Grúpa Leasa Náisiúnta Marc CE a bhunú
  *Cuireadh grúpa leasa náisiúnta ar bun chun comhairleoireacht ar athrú ar bith don treorach a éascú.*

- Freastal ar Chruinnithe an AE agus ullimhú do Uachtaránach na hÉireann ar an AE
  *Chuaigh an t-athbhreithniú a bhí molta don Treorach Innealra ar aghaidh go maith faoi Uachtarách na nIodálach, agus freastalaíodh ar 8 gcruinniú i rith 2003.Cuireadh breis achmhainne agus ama ar fáil maidir leis seo roimh dheireadh na bliana, agus muid ag ullumhú do Uachtáránacht na hÉireacnn..*

- Teagmháil a fhorbairt leis an HSENI maidir le Faireachán Innealra an Mhargaidh
  *Cuireadh an fhorbairt theagmhála leis an HSENI maidir leis an bhFaireachán Innealra Margaidh ar ceal go dtí 2004, mar go raibh leas iomlán á bhaint as na h-achmhainn eile i gcomhair na hÚachtaránacht Éireannigh i dteannta ceangaltas eile.*

## LÁIMHSEÁIL LÁIMHE

- Cigirí a thraenáil i gcigireacht láimhseáil láimhe
  *Cuireadh trí sheimineár ar siúl a bhí dírithe ar scileanna chigirí a fhorbairt i leith chigireacht láimhseáil láimhe..*

- Cigireacht láimhseáil láimhe a dhéanamh sa Talamhaíocht, Tógáil, Cúram Sláinte, sa Mhór-Dhíol agus sa Mhion-Dhíol
  *Rinneadh 760 cigireacht. Fuarthas amach go raibh nach mór leath dena fostóirí ag géilleadh go ginearálta maidir le traenáil a chur ar fáil. Ba chur amú ama é an chuid is mó den traenáil, mar ní raibh ach 25% de ag bacadh le measúnacht-bhaol ar an ábhar seo ina gcuid ionad oibre.*

- Leanúint leis an taighde i láimhseáil bagáiste eitleán
  *Bhuail an tÚdarás leis na taighdeoirí gach ráithe.*

- Leanúint leis an taighde faoi málaí 50kg. Sa rannóg Thógála.
  *Thánathas ar chomhréiteach leis na soláithreoirí maidir le málaí 25kg.*

## LIMISTÉIR EILE

- Cigireachtaí ag na Poirt agus sna hAerphoirt le béim ar leith a bheith ar láimhseáil coimeádán
  *Rinneadh 140 cigireacht a bhí dírithe ar dhuganna thoir agus ar Aerphort Bhaile Átha Cliath.Ba iad láimhseáil lasta agus coimeádán, measúnacht fhuaime, láimhseáil shábháilte ceimiceach, úsáid shábháilte innealra agus gluaiseacht shábháilte feithclí na hábhair ar ar díríodh orthu.Níl ag na Poirt agus na hAerphoirt ach ráta géillidh 42%I leith na n-ábhar seo thuas.*

- Cigireacht chun leibhéal fuaime a mheas in áiteanna siamsaíochta
  *Rinneadh 73 cigireacht smachtú-fuaime, ina measc 10 a rinneadh mar thoradh chigireachtaí leanúna. Rinneadh tomhas fuaime, agus fuarthas amach go raibh ráta fuaime níos airde ná an tairseach 85dBa ag 50% de áiteanna, agus go raibh ráta níos airde ná 90dBa ag 35% de áiteanna.Bhí an ráta géillidh ag 30%.*

- Déanfar cigiracht ar gach suiteáil amach ón gcósta i 2003.
  *Rinneadh 7 gcigireacht amach ón gcósta i 2003.*

- Déanfar cigireachtaí ar áiseanna gnó-thumadóirachta, agus cuirfear rialacháin nua i ngníomh
  *Rinneadh 30 cigireacht ar gnónna tumadóireachta. Ullmhaíodh dréacht-rialacháin thumadóireachta i gcomhair formheasa.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# SPRIOC 4: MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR REACHTÚ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA, AGUS É A DHÉANAMH INSROICHTE AGUS ÁBHARACH, CHOMH MAITH LE LEAS AN PHOBAIL A CHOSAINT.

Rinne an tÚdarás ceangaltais ar leith ina Chlár Oibre do 2003. Seo thíos-luaite na bealaí inar comhlíonadh na ceangaltais úd :

- Dul ar aghaidh an Bille nua sláinte agus Sábháilteacht a leanúint, agus ionchur a dhéanamh ann.,
  *Thug an tÚdarás comhairle mar is gá don Roinn Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Bille nua Sláinte agus Sábháilteachta á forbairt.*

- Ag oibriú chuig cuid den Acht Mianach agus Cairéal, 1965, agus na Rialúcháin a bhaineann leis a chúlghairm.
  - *(i) Aighníodh Rialúcháin Sláinte agus Sábháilteachta san Ionad Oibre (Cairéil), agus Ordú Cúlghairme agus Aisghairme a raibh baint aige leis, chuig an Roinn Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta.*
  - *(ii) Cuireadh ar aghaidh chun críche i 2004, agus chun comhairleoireachta leis na grúpaí cuí, an chéad dréacht ar na Rialúcháin Sláinte agus Sábháilteachta san Ionad Oibre (Cairéil), agus Ordú Cúlghairme agus Aisghairme a raibh baint aige leis.*

- Comhairligh ar na Dréacht-Rialúcháin Tumadóireachta
  *Forbraíodh Dréacht-Rialúcháin i gcomhair comhairleoireachta i rith 2004 le leasa ar leith.*

- Dréacht-Rialúcháin Iompar Earraí Baolacha
  *Cuireadh críoch le agus aighníodh na Dréacht-Rialúcháin Chun 2003 ADR a chur i ngníomh chuig an Roinn Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta. Mar thoradh ar seo, rinneadh na Rialúcháin Iompar Earraí Baolacha 2004 ar an 21ú d'Eanáir 2004.*

- Dréacht-Rialúcháin chun an Chéad Leasú ar an Treorach Bhaol Mór Thimpistí (Seveso) a chur i ngníómh.
  *Níor glacadh leis an Treorach 2003/104/AE na Parliminte agus Comhairle Eorpaigh ar bhaol mór-thimpistí i leith substaintí baolacha, go dtí 16ú de Nollaig 2003.Rachaidh an Treorach i bhfeidhm roimh 1ú de Iúil 20025, agus forbrofar dréacht-rialúcháin i rith 2004.*

- Rialaúcháin nua ar Rangú, Pacáistiocht agus Lipéadú na nUllmhúchán Baolacha a chríochnú, chun an Treorach Ullumhchán nua a chur i ngníomh
  *Chuaigh an obair ar na rialúcháin seo a chríochnú ar aghaidh i rith na bliana.Síníodh na Rialáin 2004 (S.I.Uimh.62 de 2004) (Rangú, Pacáistiocht agus Lipéadú na nUllmhúchán Baolacha )na bPobal Eorpacha, ar an 29ú de Fheabhra 2004.*

- Tabhair chun críche na Rialúcháin nua chun an 28ú Oiriúnú chuig Dul Chun Cinn Theicniúil (ODT) do Threorach 67/548/EEC ar Shubstaintí Baolacha
  *Síníodh na Rialúcháin 2003 (S.I.116 de 2003) Rangú, Pacáistiocht Lipéadú agus Fógairt na Substaintí Baolacha na bPobal Eorpacha ar an 27ú de Mhárta 2003.*

- Dréacht-rialúcháin chun oiriúnuithe dul chun cinn theicneolaíochta (ODT) na rialacha Margaíochta agus Úsáide a chur i ngníomh.
  - *(i) Síníodh Rialúcháin na bPobal Eorpacha 2003 (S.I. Uimh.220 de 2003) (Ullmhúcháin agus Substaintí Baolacha) ( Margaíocht agus Úsáid) ar an g4ú de Mheitheamh 2003.*
  - *(ii) Síníodh rialúcháin na bPobal Eorpacha, 2003(S.I.Uimh.503 de 2003) (Ullmhúcháin agus Substaintí Baolacha) (Leasú) ar an 24ú de Dheireadh Fómhair 2003.*

- Dréacht-Rialúcháin chun rialúcháin maidir le h-importáil/easportáil a chur i ngníomh
  *Tabharfar chun críche i 2004 dréachtáil na Rialúchán Fheidhmuithe maidir le Rialúcháin (AE) Uimh.. 304/2003 na Parlaiminte agus na Comhairle Eorpaigh, 28ú d'Eanáir 2003 i leith importáil agus easportáil na mbaol-cheimiceach.*

- Rialúcháin nua i leith ceadúnú conraitheoirí aispeiste agus cinn eile nach iad a dhréachtáil.
  *Tabharfar chun críche roimh dheireadh 2004 an chéad dhréacht de Rialúcháin a aistreoidh Treorach 2003/18/EC na Comhairle chun oibrithe a chosaint ó bhaol a bhaineann le nochtadh aispeiste san ionad oibre( an t-aistriú le déanamh roimh 15ú d'Aibreán).*

- Rialúcháin nua Thógála a Dhréachtáil
  - *(i) Síníodh Rialúcháin 2003 (SI Uimh. 277 de 2003) Shábháilteacht, Shláinte agus Chúram san Ionad Oibre (Tógáil) (Leasú) ar an 30ú Meithimh 2003.*
  - *(ii) Aighníodh i rith na bliana i gcomhair shocraíocht dhlithiúla Dréacht -Rialúcháin Shábháilteacht, Shláinte agus Chúram san Ionad Oibre (Tógáil) chuig an Roinn.......*

- Dréacht-Rialúcháin chun an Treorach ar Oibriú ar Airde (Scafall) a chur i ngníomh- Treorach Comhairle 2001/45/EEC
  *Forbraíodh Dréacht-Chinn Rialúcháin i gcomhair comhairleoireachta le leasa áirithe.*

- Dréacht-Rialúcháin Sábháilteachta, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre (Atmaisféir Phléascacha)
  *Síníodh na Rialúcháin 2003 (SI Uimh.258 de 2003) Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre(Atmaisféir Phléascacha)ar an 27ú Meithimh 2003.*

- Bearnaí nó cúiseanna buairimh i riarachán agus feidhmiú an dlí i leith sláinte agus sábháilteachta a aithint, agus Scrúdaitheoirí Leighis do Thumadóireacht Éireannach a cheapadh chun deileáil leo siúd, agus trí dhíriú ar chomhaitheantas a bhaint amach le Scrúdaitheoirí Leighis do Thumadóireacht na Breataine.
  *Tugadh formheas do sheisear dochtúir thumadóireachta. Tharla cruinnithe le comhghleacaithe na Breataine chun aitheantas a bhaint amach.*

- Tuairiscí ar Chur i nGníomh Praicticiúil na dTreorach AE
  *Cuireadh ar ceal go dtí 2004, de dheasca brúnna eile oibre an obair a bhí le tarlú i 2003 ar tabhairt chun críche na ndréacht Tuairiscí ar Threoracha Threalamh Scáileáin Thaispeána agus ar Láimhseáil Láimhe.*

- Na socruithe Mionscrúduithe Comhairleoireachta/Oireachtais maidir le moltaí reachtúla an AE a chur i ngníomh.
  *Rinneadh seo maidir le gach moladh nua do Threoracha Cuí an AE a tháinig aníos I mbliana.*

Tá a thuilleadh faoi rialúcháin a síníodh agus a cuireadh i ngníomh i rith 2003 le fáil in Aguisín D.

# SPRIOC 5: ÁR NDAOINE AGUS ÁR N-ACMHAINNÍ A ÚSÁID GO HÉIFEACHTACH

## ACMHAINNÍ DAONNA

- Straitéis Thraenála agus AD a chur i ngníomh trí phróiseas comhairleoireachta a chuirfidh fráma-oibre agus paraiméadar ar fáil chun ár bhfoireann a riar agus a fhorbairt, ar bhealach a chomhlíonfaidh riachtannais an Údaráis (inmheánacha agus agus seachtracha) san am atá romhainn
  *Forbraíodh straitéis AD i gcomhairle leis na coistí pairtnéireachta agus caidreamh tionscalaíochta. Cuirfear i ngníomh gníomh-phleanna ar leith thar tréimhse trí bliana.*

- Forbairt a dhéanamh mar eagraíocht fhoghlama, ionas go mbeadh an fhoireann ag fáil leibhéal ard traenála agus forbartha a bhfuil baint acu le spriocanna straitéise an Údaráis
  *Ba shuntasach na h-acmhainní a caitheadh ar thraenáil agus forbairt.Choimeád an tÚdarás Duais Fhoirfeacht trí Dhaoine, agus feabhsaíodh a sprioc de scór 90%.*

- Córas forbartha agus riar dhéanamh oibre a oibriú a bheadh bunaithe ar chomhmhuinín idir na páirtithe a ailíníonn spriocanna daoine aonaránacha agus an Údaráis
  *Rinneadh iniúchadh go luath i 2003, agus rinne an fhoireann agus bainistíocht athbhreithniú ar cháipéisíocht a bhí ann, bunaithe ar thorthaí an iniúchaidh.Cuireadh tús le pleanna aiseolais aníos a thabhairt isteach sa phróiseas, ag tosú 2004.*

- Deá-chleachtas chaidreamh tionscalaíocht na foirne a chur i ngníomh
  *Tháinig an Comhairle Chaidreamh Thionscalaíocht an Údaráis le chéile gach re mí, agus glacadh le h-athstruchtúrthacht eagraíochta.*

## ATHRÚ

- Bliain a h-Aon den bPlean Corporáideach a chur i ngníomh, agus struchtúir agus próisis bhainistíochta an Údaráis a atheagrú.
  *Críochnaíodh an chéad bhliain den bplean, agus cuireadh athruithe suntasacha sna córais agus sna struchtúir i ngníomh.*

- Feabhasúcháin phleanáilte in ár bpróisis ghnó a chur i ngníomh
  *Cuireadh feabhasúcháin i ngníomh sna limistéir fhiosrúchán, fheidhmiúithe, riar thaifead, airgeadais, Teicneolaíocht Eolais agus AD.*

- Príomh-Mholtaí an tsuirbhé foirne a chur i ngníomh
  *Cuireadh i bhfeidhm gníomh-phlean a dhírigh ar cheisteanna tosaíochta, seachadadh chlár cuimsitheach fhorbairt bhainistíochta san áireamh, agus béim bhreise ar leith á cur ar thras-feidhmiú obair fhoirne.*

- Na moltaí atá ceangailte lenár "Duais Fhoirfeacht trí Dhaoine" ó FÁS a chur i ngníomh
  *Deileáileadh leis na moltaí seo de réir thosaíochta agus leas-chostais.*

- Na gnásanna nua mar atá leagtha amach sa lámhleabhar feidhmiúithe athbhreithnithe a chur i ngníomh
  *Cuireadh na gnásanna nua i ngníomh, agus cuireadh traenáil ar fáil.*

- Córas nua riar taifead a chur i ngníomh
  *Cuireadh córas nua riar taifead i ngníomh.*

## BORD AN ÚDARÁIS AGUS COISTÍ COMHAIRLEOIREACHTA

- Tacaíocht a chur ar fáil chuig Bord an Údaráis, agus obair na gCoistí Comhairleoireachta agus Tasc-Fhórsaí a chomhoirdniú
  *Bhí deich gcruinniú den mBord Údaráis, chomh maith le obair na gCoistí Pleannála agus Airgeadais, Reachtú agus Treoir, agus Fo-Choistí an Iniúchaidh.*

## CÓRAIS EOLAIS, CUMARSÁIDE, AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

- Athbhreithniú Straitéiseach ar an gCóras Teicneolaíochta a dhéanamh a réiteadh le Ath-Dhearadh Próiseas Bun-Ghnó
  *Cuireadh tús le straitéis nua trí bliana chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar Chóras Eolas Riar Fheidmiúithe an Údaráis.*

- Tacaíocht a thabhairt do dhea-chleachtas i riar taifead
  *Forbraíodh agus cuireadh i bhfeidhm córas leictreach nua chun riar na dtaifead a dhéanamh.*

- Córais Theicneolaíocht Eolas atá ann cheana san Údarás a riar
  *Coimeádadh an réimse leathan córas TE i 2003.Rinneadh iarracht shuntasach ár gcórais a chosaint ó ionsaithe viréis.*

- An deá-chleachtas is fearr dár riachrtannais AE a fhiosrú agus anailís a dhéanamh ar seo
  *Is iad seo a leanas na tionscnaimh a chuireamar i gcrích a bhí dírithe ar an seirbhís dheá-chleachtais is fearr a chur ar fáil dár gcustaiméirí :*
  *Athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar na córais inmheánacha agus seachtaracha*
  *Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár bPolasaí Úsáid Inglactha Ríomhairí*
  *Falla tine nua a shuitseáil chun rochtain shlán chuig an idirlíon a chur ar fáil don bhfoireann uile*
  *Scagaire gréasáin nua a chur i ngníomh ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht gréasáin, agus í a smachtú*
  *Córas a chur isteach a ligeann do na h-oifigí i bPort Láirge, Corcaigh agus i mBaile Átha Cliath físchomhdháil a chur ar siúl.*

- Gnásanna Tharrtháil Thubaiste
  *Rinneadh athbhreithniú ar na gnásanna Tharrtháil Thubaiste, agus forbraíodh straiséis len í a chur i ngníomh i 2004.*

- An Córas SAFE a a mhionathrú agus a uasgrádú
  *Rinneadh uasgrádú ar an gcóras SAFE chun córas feabhsaithe iontráil shonraí agus cuardaíochta a éascú, agus glanadh na sonraí atá cheana féin sa chóras. Cuireadh 15 seisiún traenála ar fáil dona h-úsáideoirí go léir.*

## RIAR AIRGEADAIS

- Fráma-oibre éifeachtach ar thuairisc a dhéanamh ar chúrsaí buiséid agus bainistíochta a sheachadh
  *Chuir an tÚdarás i ngníomh Córas Tuairiscithe Chuntasóireacht agus Airgeadais i 2003. Chuaigh an*

*córas seo amach 1ú d'Eanáir 2004, agus feabhasóidh sé go mór éifeachtaí, luas, agus so-lúbthacht cuntasóireacht agus tuairisciú bhainistíochta laistigh den Úarás.*

- Cinneachadh buiséid a chur i ngníomh thar an Údarás
  *Tá cinneachadh buiséid curtha i ngníomh thar gach feidhm san Údarás. Tá ath-rangú agus feabhasú déanta ar úinéirí buiséid, lár-ionaid chostais agus ar rangú costais, laistigh den gcóras nua tuairiscuithe airgeadais. Méadaíonn sé seo úinéireacht bhuiséid, tuairisciú airgeadais agus éascaíonn sé cuntasacht.*

- Dearcadh 'luach-an-airgid' a thabhairt chun cinn san Údarás
  *Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a threoirlíntí ceannaíochta i 2003, ionas go bhfaighfí 'luach-an-airgid' sna gníomhaíochtaí soláthair go léir. Cuireadh i ngníomh táscairí aitheanta ar leith, ionas gur féidir measúnacht a dhéanamh ar fheabhasaithe phróisis agus ar choigilteas.*

- Gníomhaíocht ghiniúint ioncaim a mhéadú
  *Cuireadh i ngníomh i mí Márta 2003, córas bunaithe ar an idirlíon, chun foilseacháin a cheannach ar líne. Is tapúla agus is so-lubtha an bealach é chun foilseacháin an Údaráis a cheannach. Tugann sé bealach eile don Údarás a fhoilseacháin a chur chun tosaigh agus iad a dhíol.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# TUAIRISC AIRGEADAIS AN CHATHAOIRLIGH

Thar cheann Bhord Stiúrthóirí an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, aithním an fhreagracht atá orainn féachaint go bhfuil córas éifeachtach inmheánach rialú airgeadais á choimeád agus á riar ag an Údarás.

Oibríonn an córas chun  chinntiú go bhfuil sócmhainní á gcosaint, na h-idirbhearta údaraithe le taifead, agus go seachnófaí botúin nó mí-chruinneas, nó, mar tharlaíonn said, go n-deileofar leo go luath.

Is ar na bealaí seo a leanas  chintíonn an Bord go bhfuil timpeallacht cuí rialaithe i bhfeidhm:

- Cumhachtaí agus cúramaí bainistíochta a shoiléiriú
- Gnásanna a chosnóidh sócmhainní an Údaráis, agus a dhéanfaidh monatóireacht ar ghníomhaíochtaí a bhunú go foirmeálta
- Cultúr cuntasaíochta a fhorbairt thar gach leibhéal san Údarás.

Tá próisis seo thíos bunaithe ag an Údarás chun baol a aithint agus a mheas:

- An baol airgeadais agus na h-impleachtaí a bheadh ag baint leis don Údarás a aithint agus a mheas
- An dealramh atá ann go dtitfidh baol aitheanta amach
- Ag oibriú leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí eile chun cintiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an Údarás Sláinte agus Sábhailteachta , agus go bhfuil lán-tacaíocht á fáil dona straitéisí a bhainfidh na spriocanna seo amach.

Tá an córas inmheánach rialú airgeadais bunaithe ar fráma rialta riar eolais, gnásanna riaracháin le scagadh diúitéithe agus córas toscaireachta agus cuntasachta sanáireamh. Seo roinnt díobh:

- Córas cuimsitheach buiséid le buiséad bliantúil a ghlacann an Bord leis;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthoirí ar na tuairscí airgeadais thréimhseach agus bhliantúil a bhíonn ag tuar feidhmíochta i gcomhthéacs a bhfuil tuartha;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a mheas;
- Treoirlíntí ceannaíochta agus formheasa a shainmhíniú;
- Smachta foirmeálta riar tionscnamh

Tá feidhm inmheánach iniúchaidh ag an Údarás. Oibríónn an feidhm de réir Fráma Chód an Deá-Chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar **Rialú** na gComhlachtaí Stáit, agus tuairiscíonn sé chuig Coiste Iniúchaidhhe an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Bíonn obair an Iniúchaidh bunaithe ar an anailís atá déanta ar an mbaol faoina dtagann an corp, agus tá na pleanna iniúchaidh bhliantúla bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchaidh na pleanna inmheánacha iniúchaidh agus an measúnacht bhaoil.Tugann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc ar ghníomhaíocht iniúchaidh inmheánach don gCoiste Iniúchaidh ar a laghad uair sa bhliain. Nochtann sé a thuairim sa tuairisc seo ar éifeacht agus leordhothaineacht an chóras inmheánach rialú airgeadais.

Is í obair an Iniúchóra Inmheánaigh, chomh maith le obair an Choiste Iniúchaidh a fhaireann air, agus obair na bainistíochta laistigh den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus an méid a deir an Comptroller.......sa litir bhainistíochta,  bunús mhonatóireacht agus athbhreithnithe an Bhoird ar éifeacht an chóras inmheánach

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

rialú airgeadais. Tá bainistíocht an Údaráis freagrach freisin as forbairt agus coimeád an fráma rialú airgeadais.

Dearbhaím go raibh athbhreithniú ar éifeacht an chóras inmheánach rialú airgeadais sa bhliain dár críoch 31ú de Nollaig 2002.

Sínithe thar cheann an bhoird


Frank Ó Coinnín
Cathaoirleach

## ACHOIMIRE AIRGEADAIS 2003

Is mar seo thíos a bhristear síos Ioncam agus Caiteachas an Údaráis do 2003:

| | €K | |
|---|---|---|
| Ioncam | | |
| Deontas Bliantúil | 13,453 | *(Nóta1)* |
| Ioncam Eile | 1,012 | |
| Iomlán | 14,465 | |
| Caiteachas | (14,483) | *(Nóta1)* |
| Barrchas/(Easnamh) | (18) | *(Nóta2)* |

**Cairt 3: Príomh Chinnteidil Caiteachais 2003**




Nóta 1: Tá na h-uimhreacha seo thuas d' ioncam agus do chaiteachas bunaithe ar fhíor shuimeanna airgid thirim a fuarthas agus a caitheadh sa bhliain dár críoch 2003.

Nóta 2: Is ionann an easaontas €18k agus an caiteachas iomlán a thagann laistigh de 0.1% an bhuiséid bhliantúil .

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# AGÚISÍN A:
# CIGIREACHT AGUS FEIDHMIÚ

**Tábla A1 Cigireacht agus feidhmiú 2003 (HSA)**

| Rannóg Eacnamíoch | Méid Chigireachta | Méid Fhógraí Seirbheáilte Fógraí Toirmisc | Fógraí Feabhais | Treoir Fheabhais | % Cigireachtaí ar eascair feidhmiúithe astu |
|---|---|---|---|---|---|
| A – Talamhaíocht, fiach, agus foraoiseacht | 856 | 56 | 88 | 0 | 17 |
| B - Iascaireacht | 11 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| C – Mianadóireacht agus Cairéalacht | 439 | 21 | 37 | 0 | 13 |
| D - Déantóireacht | 1757 | 35 | 211 | 1 | 14 |
| E - Leictreachas/gás/uisce | 54 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| F – Tógáil | 4615 | 489 | 148 | 4 | 14 |
| G – Mór-dhíol/Mion-díol trádáil; Deisiú feithclí, earraí pearsanta agus tí | 654 | 4 | 61 | 2 | 10 |
| H - Óstáin/Bialanna | 127 | 2 | 7 | 1 | 8 |
| I – Iompar, Stóráil, cumarsáid | 1077 | 4 | 24 | 0 | 3 |
| J – Idirmheánachas airgeadais | 30 | 0 | 1 | 0 | 3 |
| K – Éastát Réadach, Cúrsaí cíosa, Gnó | 333 | 11 | 21 | 0 | 10 |
| L – Riarachán Poblí/Cosaint | 265 | 6 | 14 | 2 | 8 |
| M - Oldeachas | 103 | 2 | 21 | 2 | 24 |
| N – Sláinte/Obair Shóisialta | 129 | 0 | 7 | 0 | 5 |
| O – Pobal/Sóisialta/Seirbhísí Pearsanta | 253 | 9 | 22 | 0 | 12 |
| P – Teaghlaigh phríobháideacha le fostaíthe | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **10,704** | **639** | **662** | **12** | **12** |

**Tábla A2 Cinneálacha & Rannóga Cigireachtaí 2003 (HSA)**

| Rannóg Eacnamíoch | Céatadán Cigireachta ar Chineál Cuairte Géilleadh | Fiosrú Gortuithe | Fiosrú Gearáin | Cuairt Leanúna- | Eile | Iomlán Méid Cigireachtaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| A - Talamhaíocht, fiach, agus foraoiseacht | 80 | 2 | 2 | 14 | 2 | 856 |
| B – Iascaireacht | 91 | 9 | 0 | 0 | 0 | 11 |
| C - Mianadóireacht agus Cairéalacht | 66 | 4 | 10 | 12 | 8 | 439 |
| D – Déantóireacht | 59 | 14 | 11 | 11 | 6 | 1757 |
| E - Leictreachas/gás/uisce | 50 | 9 | 9 | 11 | 20 | 54 |
| F - Tógáil61 | 6 | 22 | 10 | 1 | 4615 | |
| G – Mór-dhíol/Mion-díol trádáil; Deisiú feithclí, earraí pearsanta agus tí | 49 | 8 | 26 | 10 | 8 | 654 |
| H - Óstáin/Bialanna | 45 | 5 | 30 | 15 | 6 | 127 |
| I - Iompar, Stóráil, cumarsáid (669 scrúdú bóthar san áireamh) | 85 | 5 | 6 | 3 | 1 | 1077 |
| J - Idirghabháil airgeadais | 33 | 10 | 53 | 3 | 0 | 30 |
| K - Éastát Réadach, Cúrsaí cíosa, Gnó | 54 | 10 | 16 | 11 | 10 | 333 |
| L - Riarachán Poblí/Cosaint | 57 | 9 | 20 | 8 | 7 | 265 |
| M - Oideachas | 26 | 5 | 49 | 14 | 7 | 103 |
| N - Sláinte/Obair Shóisialta | 42 | 17 | 33 | 7 | 2 | 129 |
| O - Pobal/Sóisialta/Seirbhísí Pearsanta | 51 | 11 | 23 | 11 | 5 | 253 |
| P - Teaghlaigh phríobháideacha le fostaíthe | 100 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| % Cigireachtaí de réir cineáil | 56 | 7 | 17 | 10 | 10 | 10704 |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# RIAR SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Tugann Cigirí an Údaráis tús áite do riar sláinte agus sábháilteachta le linn a gcigireachtaí. Go h-iondúil, iarann na Cigirí Ráitis Shábháilteachta a fheiceáil, agus déanann siad measúnacht thapaidh ar an gcaoi a bhfuil an Ráiteas, dar leo, bunaithe ar mheasúnacht bhaol scríofa; ar an gcaoi a aithníonn sé baol, daoine freagracha, acmhainní agus an comh-oibriú a bhíonn ag teastáil.

Bíonn cuid dena Cuairteanna Údaráis ag díriú ar rannóga agus eagraíochta ar leith mar go bhfuarthas gearáin nó nach bhfuil an fheidhmíocht shláinte agus sábháilteachta sách maith. Ní gá go léiríonn na táblaí thíos mar atá in eagraíochta eile.

Bhí Ráiteas sábháilteachta ag60% dena fostóirí a rinneadh cigireacht orthu I 2003, agus bhí 60% díobh siúd ag géilleadh do riachtanais dhlithiúla.

**Tábla A 3 Céatadán Fostóirí a rinneadh cigireacht orthu a raibh Ráitis Shábháilteachta acu (HSA)**


| Rannóg Eacnamaíoch | Céatadán Cigireachtaí a raibh Ráiteas Sábháilteachta ann |
|---|---|
| A – Talamhaíocht, fiach, agus foraoiseacht | 18.5 |
| B - Iascaireacht | - |
| C – Mianadóireacht agus Cairéalacht | 76.3 |
| D - Déantóireacht | 71.6 |
| E - Leictreachas/gás/uisce | 61.5 |
| F- Tógáil | 62.5 |
| G - Mór-dhíol/Mion-díol trádáil; Deisiú | 50.7 |
| H - Óstáin/Bialanna | 59.3 |
| I – Iompar, Stóráil, cumarsáid | 65.1 |
| J - - Idirghabháil airgeadais | - |
| K - Éastát Réadach, Cúrsaí cíosa, Gnó | 48.8 |
| L - Riarachán Poblí/Cosaint | 68 |
| M - Oideachas | 66.6 |
| N - Sláinte/Obair Shóisialta | 82.7 |
| O - Pobal/Sóisialta/Seirbhísí Pearsanta | 55.8 |
| **Meán** | **60.0** |

**Tábla A4 Ráitis Shábháilteachta a mheas Cigirí – géilleadh le riachtanais dhlithiúla (HSA)**

| | Céatadán Géillidh | | |
|---|---|---|---|
| Méid Fostaithe | Lán Ghéilleadh/Géilleadh Ginearálta | Roinnt Ghéilleadh | Beagnach Géilleadh ar bith |
Fíneáileadh Webhaven Ltd t/a D&D Constrtuction Ltd €3,000 ag an gCúirt Dhúiche Corcaigh, ar an 16ú d'Aibreán 2003, nuair a phléadáil sé ciontach dona cúisimh seo a leanas:

Rialúchán 52(1), 65(1), agus 76(5) dena Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre, (Tógáil) 1995.

Tháinig an cás seo chun na cúirte nuair a thit oibrí ó fhána dín agus gortaíodh é.

## Whelan's Limestone Quarries (Contracts) Ltd.

Fíneáileadh Whelan's Limestone Quarries (Contracts) Ltd. Teach Chnoc Chionnaith, Sráid Anraí, Luimneach €750 ag an gCúirt Dhúiche Luimneach, ar an 20ú de Mharta 2003, nuair a phléadáil sé ciontach dona cúisimh seo a leanas:

Cuid 6(2)(d), agus 6(2)( e) den Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre, 1989

Rialúchán 8(1) agus 41(1) © dena Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre, (Tógáil) 1995.

Tháinig an cás seo chun na cúirte nuair a tharla timpiste ar an dtionscnamh ath-athlíniú N7, Bóthar Átha Cliath, Luimneach. Thit buicéad de thocaltóir anuas ar oibrí a bhí ag leagadh píopaí sa trinse. Gortaíodh go dona sa droim é.

## William O'Brien Plant Hire Ltd

Fíneáileadh William O'Brien Plant Hire Ltd, Baile an Easpaig, Corcaigh, €1,900 ag an gCúirt Dhúiche inis, ar an 14ú de Mhárta 2003, tar éis pléadáil ciontach do dhá chúiseamh faoin Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leasa san Ionad Oibre, 1989.

Tháinig an cás seo chun na cúirte nuair a gortaíodh go marfach fostaí na comhluchta a bhí ag cur aeir i mbonn ar an gcrann tógálagluaiste. Phléasc an bonn.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# AGUISÍN C: ACHOIMRE AR STAITISTICÍ GORTAITHE AGUS TINNIS

## ACHOIMIRE AR STAITISTICÍ GORTAITHE

Leanann an ráta gortaithe agus tinnis san ionad oibre ag ísliú.

### Gortú agus Tinneas Neamh-Mharfach

Léiríonn an suirbhé ráthúil teaghlaigh (SRT)a rinneadh faoi stiúir an An Phríomh Oifig Staidrimh (POS) idir Nollaig 2002 agus Feabhra 2003, go bhfuil ísliú suntasach tar éis teacht ar an ráta agus ar an méid gortaithe agus tinnis san ionad oibre, in ainneoin go bhfuil méadú 168,000 duine san fhórsa oibre tar éis teacht ó 1999. Nuair a thugtar san áireamh an méadú atá ar an líon fostaithe, gortaíodh 14,000 níos lú (leath díobh i dtógáil) ná a ghortódh dá mbeadh an ráta gortaithe agus tinnis mar a bhíodh sé.

Íocadh an Leas Gortú Ceirde (LGC) do 11,096 i 2003. Íoctar seo nuair a bhíonn asláthaireachas níos mó ná 4 lá i gceist. Idir 1998 agus 2003 tháinig ísliú 24% ar an ráta éilimh.

Tharla ar a laghad gortú amháin do 43,100 duine ag obair, agus bhí timpeall 20,900 as láthair breis is trí lá (SRT). D'fhulaing timpeall 38,100 tinneas de dheasca na h-oibre nó tinneas a bhí imithe chun donais de dheasca na h-oibre.

### Gortú agus Tinneas Marfach

Tuairiscíodh 65 bás de dheasca ghortaithe san ionad oibre, 19 díobh sa rannóg thalamhaíochta, agus 17 sa rannóg thógála. Maraíodh 4 eile a bhí fostaithe i rannóga eile, ach a bhí i mbun tógála ag am a mbáis. Is iad an titim ó airde, taisteal (ach ní trácht bóthair), bualadh trí rud ag iompó nó cliseadh, na cúiseanna is coitianta báis.

Bhí dhá bhás eile a raibh baint acu le tinneas ceirde. Ceann amháin díobh mar thoradh ar nochtadh plúir, agus an ceann eile de dheasca mesothelioma, galar a bhfuil dlúth-bhaint aige le nochtadh aispeiste sna blianta roimhe.

Tháinig ísliú 25% ar an ráta báis a bhfuil baint aige le hobair tar éis teacht ó 1998. Tharla sé seo in ainneoin an mhéadaithe ar an líon duine atá fostaithe sa tréimhse céanna ama. Go h-iondúil, méadaíonn na rátaí báis agus gortúithe nuair a mhéadaíonn an ráta fostuithe. Dá mba ag an ráta céanna a bheadh sé, gheobhadh 18 duine sa bhreis bás i 2003.

### Sonraí an Ghortaithe

I measc na gcineálacha timpistí neamh-mharfacha a dhéantar tuairisciú orthu don Údarás ó gach rannóg, tá an gortú a thagann mar thoradh ar láimhseáil, ardú agus iompar(34%), sleamhnú, tuislí a bhaint agus tití uachtaracha (26%). Sna rannóga riaracháin poiblí, cosaint agus sláinte, is iad na cúiseanna is coitianta ná foiréigean san ionad oibre. I rannóga eile, ba iad na cúiseanna ba choitianta timpistí, ná rudaí ag titim, uirlisí láimhe, innealra, agus tití ó airde.

Is iad na baill choirp ba mhó a gortaíodh de réir tuairiscí an Údaráis, ná droim agus cnámh droma (26%), méaracha (13%), cos (12%) agus lámh (9%.). Ba iad na cineálacha gortaithe ba choitianta ná, leontacht  (33%), brú,  (25%), cneácha oscailte (15%) brisidh dhúnta (13%).

Ba é an gortú droma an gortú ba choitianta sna rannóga taistil, stóráis, cumarsáide, agus cúram sláinte. Briseadh cnámha an dara gortú ba choitianta sa rannóg thógála, 60% níos coitianta ná i rannóga eile.

## PRÍOMH-FHOINSÍ EOLAIS AR GHORTÚ CEIRDE AGUS DROCH-SHLÁINTE

Baintear úsáid as réimse foinsí chun léiriú a fháil ar ghortú ceirde agus droch-shláinte gach bliain. Tá a bhuanna agus a laigí féin ag gach foinse, ach léiríonn siad go léir go bhfuil líon an ghortuithe agus tinnis ag ísliú.

### Suirbhé Ráthúil Teaghlaigh (SRT)

Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) measúnacht ar líon na ndaoine a bhfuil gortú nó tinneas ceirde orthu, tríd an Suirbhé Ráthúil Teaghlaigh (SRT).Is foinse thábhacht í an SRT don líon daoine a thuairiscíonn a ngortú nó a dtinneas ceirde féin.Iarann an POS ar dhaoine ar gortaíodh iad nó ar éirigh siad breoite trí chúis a bhfuil baint aici leis an obair sa bhliain roimhe.

Ní féidir torthaí na suirbhéithe SRT a chur i gcomporáid lena chéile, mar gur athraíodh an mhodheolaíocht. Ach is féidir an suirbhé a rinneadh i gC.1 2003 ar an mbliain roimhe, a chur i gcomporáid leis an gceann a rinneadh don tréimhse 1999. Léiríonn an dá shuirbhé seo gur tháinig ísliú ar an líon duine a gortaíodh nó a d'éirigh breoite, in ainneoin an mhéadaithe a tháinig ar an líon a fostaíodh sa tréimhse céanna ama. Tá an ísliú seo cosúil leis an gceann a choncthas i suirbhéithe eile de chuid SRT ó 1998.

Léiríonn an SRT go bhfuil ráta gortaithe ceirde na hÉireann an-íseal i gcomporáid le tíortha eile an AE agus an mhodheolaíocht suirbhéithe in úsáid.Rinne Ceist 1 SRT 2003, measúnú gur gortaíodh 43,100 duine, agus go raibh 20,900 díobh siúd as láthair ar feadh breis is trí lá. Bhí tinneas ceirde ar 38,100 eile.

**SRT C1 2003 Timpistí agus Tinnis: seo mar a bhí na Ceisteanna Modúla:**

Iarradh na ceisteanna seo ar dhaoine a bhí 15 bliain d'aois nó níos mó:

- *An raibh tú ag obair sa 12 mhí a d'imigh tharainn?*
- *An méid gortú , ma tharla, a tharla duit agus tú ag obair (seachas taisteal) sa 12 mhí a d'imigh tharainn?*
- *An méid lá oibre a cailleadh sa 12 mhí a d'imigh tharainn, de dheasca an ghortuithe is déanaí?*
- *Ar oibrigh tú riamh?*
- *Cé mhéad, más amhlaidh a bhí sé, bouta tinnis nó gortaithe a ghabháil duit sa bhliain a d'imigh tharainn, a raibh baint acu dar leat le d'obair faoi láthair nó le h-obair a bhíodh á dhéanamh agat, nó a d'imigh in olcas de dheasca na h-oibre ?*
- *Cé mhéad lá oibre a chaill tú le linn na bliana seo caite de dheasca an tinnis is déanaí a bhí agat a raibh baint iage le h-obair?*
- *Cad é an tinneas is déanaí a bhí agat a raibh baint aige le h-obair?*
  1. *Fadhb chnáimhe, ailt, nó matáin*
  2. *Fadhb análaithe nó scamhóige*
  3. *Fadhb craicinn*
  4. *Fadhb cloisteála*
  5. *Strus, an galar dubh, nó imní*

6. *Tinnis chinn agus /nó stangadh súl*
7. *Galar nó taom croí, nó fadhb ar bith eile leis an gcóras fola*
8. *Galar (viréis, baictéir, ailse nó galar eile)*
9. *Fadhbanna eile*
10. *Ní bhaineann sé.*

### Éilimh Cheadaithe Leas Gortú Cheirde (LGC)

Os rud é nach bhfuil athrú tar éis teacht ar na critéir a úsáidtear chun leas a íoc, baintear úsáid as an bhfoinse seo chun patrún na ngortaithe a bhfuil baint acu le h-obair a aithint. Bíonn líon na leas a íoctar níos lú ná líon na dtimpistí a thuairscítear, mar ní gach duine a mbíonn árachas sóisialta aige, agus ní hé an leas a íoc toradh gach éilimh. Baineann na h-íocaithe, dar le figiúirí an LGC le h-íocaithe a dhéanann an Roinn Shóisialta agus Gnóthaí Clainne do dhaoine inárachais a gortaítear i rith a gcuid oibre. Caithfidh an gortú maireachtáil ar a laghad 4 lá, agus caitear teastas leighis agus foirm éilimh a chur laistigh de 21 lá. Tá líon níos lú cásanna sna figiúirí LGC ná an SRT.

Glacadh le 11,096 cás le linn 2003. Tá an ráta éilimh LGC ag ísliú ó 1989.

## GORTUITHE A TUAIRISCÍODH DON ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA.

Cuireann an Roinn Shóisialta agus Ghnóthaí Clainne an t-eolas faoi ghortuithe chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nuair a bhíonn níos mó ná 3 lá asláithreachais i gceist. Ní bhaineann an tÚdarás leas as na figiúirí seo mar nach dtuairiscítear gach gortú. Ach is foinse mhaith í na figiúirí seo ar cineálacha eachtraí agus gortaithe.Thuairiscigh fostóirí breis is 6,600 gortú ceirde don bhliain.

### Údarás Náisiúnta Bóthar (ÚNB)

Tuairiscíodh dhá bhás úsáideoirí feithiclí earraí i rith na bliana don Údarás, ach is féidir gur timpeall 20 an fíor-uimhir, dar le figiúirí an Údarás Náisiúnta Bóthar (ÚNB) do 2002.

### Clárúchán Náisiúnta Ailse (CNA)

Tá fios ag an Údarás faoi bhás amháin a tharla de dheasca mesothelioma, galar a bhfuil baint aige go h-iomlán le nochtadh aispeiste. Is féidir go mbeidh líon na mbásanna de dheasca an ghalair seo níos airde mar gur rinneadh fáithmheas ar 18 cás den ngalar seo i 1999 (CNA), agus ní mór an seans a bhíonn ag duine teacht as.

## RANGÚ GORTUITHE

Úsáideann an tÚdarás an caighdeán idirnáisiúnta rangúithe dá staitisticí mar atá molta ag Eurostat.

*Rangú Ghníomhaíocht Eacnamaíochta* – NACE (Nomenclature statistique des activités économiques dans la Communauté européenne: Rangú Staitisticeach Ghníomhaíocht Eacnamaíochta san Aontas Eorpach), atá faoi riar Eurostat.

*Rangú Ceirde* – ISCO (Rangú Idirnáisiúnta na gCeard), atá faoi riar ILO.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

**Tábla C1: Daoine a éiríonn Gortaithe nó Tinn (SRT)**

| | ILO Staid Eacnamaíoch | 1999 | 2002[1] |
|---|---|---|---|
| Líon na ndaoine a éiríonn gortaithe nó tinn. | Sa fórsa oibre | 89,100 | 83,700 |
| | Fostaithe: | 85,600 | 81,200 |
| | Lán-aimseartha | - | 69,900 |
| | Páirt-aimseartha | - | 11,300 |
| | Dí-fhostaithe | 3,500 | 2,500 |
| | Gan a bheith sa fórsa oibre | 21,200 | 34,100 |
| | Iomlán thar aois 15 | 110,200 | 117,800 |
| Iomlán na ndaoine | Sa fórsa oibre | 1,688,100 | 1,857,000 |
| | Fostaithe: | 1,591,100 | 1,772,000 |
| | Lán-aimseartha : | 1,324,600 | 1,473,500 |
| | Páirt-aimseartha | 266,500 | 298,500 |
| | Dí-fhostaithe | 96,900 | 84,900 |
| | Gan a bheith sa fórsa oibre | 1,227,400 | 1,266,400 |
| | Iomlán thar aois 15 | 2,915,500 | 3,123,300 |
| Gortú/tinneas/ ráta per 1,000 | Sa fórsa Oibre | 52.8 | 45.1 |
| | Fostaithe:: | 53.8 | 45.8 |
| | Lán-aimseartha | - | 47.4 |
| | Páirt-aimseartha | - | 37.9 |
| | Dí-fhostaithe | 36.1 | 29.4 |
| | Gan a bheith sa fórsa oibre | 17.3 | 26.9 |
| | Iomlán thar aois 15 | 37.8 | 37.7 |

*Nóta [1] rinne an POS an suirbhé idir Nollaig 2002 agus Feabhra 2003 mar chuid den suirbhé ráthúil ina gcuirtear ceisteanna ar dhaoine faoi ghortú a tharla san ionad oibre nó faoi ghalar a d'eascair as obair nó a chuaigh in olcas de dheasca na h-oibre sa bhliain roimhe*

Léiríonn Tábla C1 ísliú suntasach sa mhéid agus sa ráta gortaithe sa fórsa oibre, in ainneoin go bhfuil líon na ndaoine atá fostaithe méadaithe. Nuair a thugtar san áireamh an méadú atá ar an líon fostaithe, gortaíodh 14,000 níos lú (leath díobh i dtógáil) ná a ghortódh dá mbeadh an ráta gortuithe agus tinnis mar a bhíodh sé.

Is féidir gur iad na daoine atá ar an dtábla seo thuas faoi 'dí-fhostaithe'daoine a d'éirigh as an bhfórsa oibre de dheasca gortuithe san ionad oibre

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

**Tábla C2: Líon na ndaoine a éiríonn gortaithe nó tinn (SRT)[1]**

| Rannóg Eacnamaíoch | Líon na nDaoine Gortaithe | | | | Líon na gCásanna Tinnis | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Iomlán | Iomlán +3 lá | Fir | Mná | Iomlán |
| A–B | 3,200 | 300 | 3,600 | 2,000 | 4,400 | 400 | 4,800 |
| C–E | 6,600 | 1,600 | 8,200 | 4,000 | 4,300 | 1,400 | 5,600 |
| F | 7,500 | - | 7,500 | 4,200 | 4,400 | 100 | 4,500 |
| G | 3,100 | 1,900 | 5,000 | 2,300 | 2,200 | 1,900 | 4,100 |
| H | 1,900 | 1,300 | 3,300 | 1,400 | 1,300 | 600 | 1,900 |
| I | 2,400 | 400 | 2,700 | 1,700 | 2,200 | 500 | 2,700 |
| J–K | 1,600 | 1,400 | 3,000 | 1,000 | 1,500 | 2,400 | 3,900 |
| L | 1,300 | 500 | 1,800 | 1,000 | 1,300 | 600 | 1,900 |
| M | 600 | 900 | 1,500 | 300 | 800 | 1,900 | 2,700 |
| N | 1,000 | 3,300 | 4,400 | 2,200 | 800 | 3,600 | 4,400 |
| O | 1,200 | 900 | 2,000 | 1,000 | 700 | 1,000 | 1,700 |
| **Iomlán** | 30,600 | 12,600 | 43,100 | 20,900 | 23,800 | 14,400 | 38,100 |

Léiríonn Tábla C2 gur iad na rannóga tógála, talamhaíochta, óstáin agus bialanna na háiteanna leis an ráta is airde gortaithe neamh-mharfach. Bíonn ráta gortaithe i bhfad níos airde ag fir ná mná thar na rannóga go léir. Is é an scéal céanna é ó thaobh tinnis de sna rannóga seo thuas chomh maith le riarachán poblí agus cosaint; san rannóga eile, bíonn ráta níos aired tinnis ag na mná. Tá na Táblai C1 agus C2 bunaithe ar an lion duine a d'éirigh tinn nó a gortaíodh. Tá an méid iomlán níos airde mar go raibh níos mó ná gortú nó tinneas amháin ag roinnt daoine.

### Tábla C3: Ráta Gortú agus Tinnis Cheirde (SRT) 1

| Rannóg Eacnamaíoch | Líon na nDaoine Gortaithe | | | | Líon na gCásanna Tinnis | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | Iomlán | Iomlán +3 lá | Fir | Mná | Iomlán |
| A–B | 31.3 | 24.8 | 31.5 | 17.5 | 43.1 | 33.1 | 42 |
| C–E | 30.6 | 18.3 | 27 | 13.2 | 19.9 | 16 | 18.5 |
| F | 41.8 | - | 39.8 | 22.3 | 24.5 | 11.1 | 23.9 |
| G | 24.1 | 15.4 | 19.8 | 9.1 | 17.1 | 15.4 | 16.3 |
| H | 40.5 | 20.4 | 29.9 | 12.7 | 27.7 | 9.4 | 17.2 |
| I | 29 | 14.2 | 24.3 | 15.3 | 26.6 | 17.8 | 24.3 |
| J–K | 14 | 12.4 | 13.2 | 4.4 | 13.2 | 21.3 | 17.2 |
| L | 26.6 | 12.6 | 20.3 | 11.3 | 26.6 | 15.1 | 21.4 |
| M | 17.2 | 11.2 | 13 | 2.6 | 23 | 23.7 | 23.5 |
| N | 30.8 | 24.8 | 26.6 | 13.3 | 24.6 | 27 | 26.6 |
| O | 28.4 | 16.7 | 20.8 | 10.4 | 16.5 | 18.5 | 17.7 |
| Iomlán | 29.8 | 16.9 | 24.3 | 11.8 | 23.1 | 19.4 | 21.5 |

*NACE Ránnóg Eacnamaíoch: A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht, B – Iascaireacht, C – Mianadóireacht & Cairéileacht, D – Déantóireacht, E – Leictreachas/Gás/Uisce, F – Tógáil, G – Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí pearsanta agus tí a dheisiú, H – Óstáin/Bialanna, I – Taisteal, Stóráil, cumarsáid , J – Airgeadas Idirghabháil, K – Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó, L – Riarachán Poiblí./Cosaint, M – Oldeachas, N – Sláinte/Obair Shóisialta, O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsant*


*Nóta [1] rinne an POS an suirbhé idir Nollaig 2002 agus Feabhra 2003 mar chuid den suirbhé ráthúil an LOS ina gcuirtear ceisteanna ar dhaoine faoi ghortú a tharla san ionad oibre nó faoi ghalar a d'eascair as obair nó a chuaigh in olcas de dheasca na h-oibre sa bhliain roimhe.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

**Tábla C4: Fostú de réir Rannóga Eacnamaíochta (SRT) )**

| Rannóg Eacnamaíoc | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| A-B – Talamhaíocht, fiach, foraoiseacht, fiascaireacht | 102,200 | 12,100 | 114,300 |
| C-E – Mianadóireacht & Cairéalacht, Déantóireacht, Leictreachas/gás/uisce | 215,800 | 87,400 | 303,200 |
| F – Tógáil | 179,500 | 9,000 | 188,500 |
| G – Mór-dhíol, Miondhíol; deisiú earraí pearsanta agus tí | 128,600 | 123,700 | 252,300 |
| H – óstáin/Bialanna | 46,900 | 63,600 | 110,500 |
| I – Taisteal, Stóráil, Cumarsáid | 82,800 | 28,100 | 110,900 |
| J – K Idirghabháil Airgeadais, Éastáit réadúil, Cíos, Gnó | 113,900 | 112,800 | 226,600 |
| L – Priarachán Poiblí, Cosaint | 48,900 | 39,700 | 88,600 |
| M – Oideachas | 34,800 | 80,200 | 115,000 |
| N – Sláinte/Obair Shóisialta | 32,500 | 133,300 | 165,700 |
| O – Seirbhisí Pobail/Pearsanta | 42,300 | 54,000 | 96,300 |
| Iomlán | 1,028,100 | 743,900 | 1,772,000 |

**Cairt C5: Ráta Éilimh Cheadaithe Leas Gortú Cheirde (LCG)**



**TaTábla C6: Líon Éileamh Cheadaithe Leas Gortú Cheirde (LGC)**

| Bliain | 1992 | 1993 | 1994 | 1995 | 1996 | 1997 | 1998 | 1999 | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éilmh Cheadaithe | 13,100 | 11,700 | 10,300 | 9,911 | 10,293 | 11,169 | 11,686 | 11,311 | 11,995 | 12,050 | 12,280 | 11,096 |

Is é an Leas Ghortú Cheirde an táscaire is fearr atá ann chun patrún a léiriú mar nár athraigh na critéir an leas a íoc thar am. Bíonn líon na leas a íoctar níos lú ná líon na dtimpistí a thuairscítear, mar ní gach duine a mbíonn árachas sóisialta aige, agus ní hé an leas a íoc toradh gach éilimh. Baineann na h-íocaithe, dar le figiúirí an LGC le h-íocaithe a dhéanann an Roinn Shóisialta agus Gnóthaí Clainne do dhaoine inárachais a gortaítear i rith a gcuid oibre. Caithfidh an gortú maireachtáil ar a laghad 4 lá, agus caitear teastas leighis agus foirm éilimh a laistigh de 21 lá. Is í an Roinn Shóisialta agus Gnóthaí Clainne a riaraíonn na n-éileamh.

**Tábla C7: Céatadán na nGortuithe Neamh-Mharfach a Tuairiscíodh de réir Rannóige agus Cineáil 2003 (ÚSS)**

| Cineál Timpiste | Cineál Eactra<br>Céatadán Eachtra de réir Cineáil | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | D | F | G | I | K | L | N | O | Gach Rannóg |
| Gortaithe ag iompair, ag láimhseáil, nó ag árdú | 43.2 | 24.6 | 35.3 | 34.5 | 26.6 | 23.9 | 36.0 | 40.6 | 33.8 |
| Sleamháin, Tuislí a bhaint as duie, tití ar thalamh | 19.9 | 26.8 | 35.8 | 27.9 | 33.7 | 26.9 | 22.0 | 15.6 | 25.5 |
| Gortú mailíseach | 0.0 | 0.1 | 0.9 | 4.0 | 14.8 | 24.9 | 18.8 | 4.2 | 6.3 |
| Gortaithe ag rudaí ag titim | 4.8 | 9.0 | 7.5 | 6.1 | 4.7 | 3.5 | 2.0 | 6.3 | 5.6 |
| Gortaithe ag uirlisí láimhe | 7.8 | 9.4 | 4.3 | 3.2 | 1.8 | 2.0 | 2.8 | 5.2 | 5.6 |
| Teagmháil le páirteanna innealra gluaiste | 11.8 | 3.3 | 3.0 | 1.9 | 3.6 | 1.5 | 1.0 | 7.3 | 5.3 |
| Taisteal (gan timpistí bóthair san áireamh) | 3.2 | 3.9 | 5.9 | 10.2 | 1.8 | 2.6 | 0.5 | 4.2 | 4.0 |
| Titim ó airde | 2.2 | 13.6 | 2.3 | 1.5 | 3.6 | 1.7 | 1.5 | 3.1 | 3.9 |
| Nochtadh shubstaint bhaolach | 4.3 | 3.3 | 1.1 | 1.3 | 2.4 | 2.6 | 4.5 | 4.2 | 3.2 |
| Timpistí bóthair | 0.2 | 0.7 | 0.2 | 6.5 | 4.7 | 7.0 | 1.8 | 4.2 | 2.4 |
| Buailte ag rud a cliseadh nó a d'iompar | 1.6 | 2.8 | 1.8 | 0.9 | 1.2 | 0.4 | 0.8 | 3.1 | 1.7 |
| Gortú neamh-mhailíseach | 0.2 | 0.1 | 1.6 | 0.2 | 1.2 | 1.3 | 7.3 | 1.0 | 1.2 |
| Teagmháil le leictreachas | 0.6 | 1.3 | 0.2 | 0.2 | 0.0 | 0.4 | 0.8 | 1.0 | 0.6 |
| Gortaithe ag ainmhí | 0.1 | 0.4 | 0.0 | 0.9 | 0.0 | 0.4 | 0.3 | 0.0 | 0.5 |
| Tine nó pléascadh | 0.1 | 0.4 | 0.0 | 0.2 | 0.0 | 1.1 | 0.3 | 0.0 | 0.3 |
| Bá nó tachtadh | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.4 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Ceatadán Iomlán | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 |

*Ránnóg Eacnamaíoch: A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht, B – Iascaireacht, C – Mianadóireacht & Cairéileacht, D – Déantóireacht, E – Leictreachas/Gás/Uisce, F – Tógáil, G – Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí pearsanta agus tí a dheisiú, H – Óstáin/Bialanna, I – Taisteal, Stóráil, cumarsáid , J – Airgeadas Idirghabháil, K – Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó, L – Riarachán Poiblí./Cosaint, M – Oldeachas, N – Sláinte/Obair Shóisialta, O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta*

I measc gcineálacha timpistí neamh-mharfacha a dhéantar tuairisciú orthu don Údarás ó gach rannóg, tá an gortú a thagann mar thoradh ar láimhseáil, ardú agus iompar(34%), sleamhnú, tuislí a bhaint agus tití uachtaracha (26%). Is iad na gortuithe seo 60% de na gortuithe tuairiscithe.

Sna rannóga riaracháin poiblí, cosaint agus sláinte, is iad cúiseanna is coitianta ná foiréigean san ionad oibre. I rannóga eile, ba iad na cúiseanna is coitianta timpistí ná tití ó airde, uirlisí láimhe agus rudaí ag titim.

**Tábla C8: Na Ceirdeanna is mó ina ndéantar Tuairisciú Gortuithe Neamh-Mharfach 2003 (HSA)**

| Slí Bheatha an Íobartaigh (ISCO) cur síos cóid | Céatadán |
|---|---|
| Oibrithe agus feidhmeoirí déantóireachta, feidhmeóirí fearais agus innill | 22.9 |
| Tógáilithe, oibrithe coimeáid agus foirgnimh | 6.3 |
| Siopadóirí, taispeáinteoirí, siopadóirí stainníní agus margaidh | 5.1 |
| Duine nach bhfuil ag obair | 4.1 |
| Gardaí | 3.8 |
| Banaltraí, Cnáimhseaigh, agus comhpháirtithe proifisiúnta | 3.0 |
| Siúinéirí | 2.1 |
| Tiománaithe leoraithe, agus feithclí móra | 2.1 |
| Teicneóirí leictreacha agus leictrónacha, innealtóirí leictreacha agus telecumarsáide | 2.0 |
| Tiománaithe \|bus | 1.8 |

**Tábla C9: Grúpaí Ceirde de dhaoine fostaithe gortaithe os cionn aois 15 de réir gnéis agus ceard (SRT)[1]**

| | Gortuithe '000 | | | Fostú | | | Ráta per 1,000 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa Ginearálta Ceirde | Fireann | Baineann | Iomlán | Fireann | Baineann | Iomlán | Fireann | Baineann | Iomlán |
| Bainisteoirí agus Riarathóirí | 4.9 | 1.3 | 6.2 | 217,800 | 89,000 | 306,800 | 22.5 | 14.6 | 20.2 |
| Proifisiúnta | 1.9 | 1.3 | 3.2 | 105,700 | 93,400 | 199,200 | 18.0 | 13.9 | 16.1 |
| Comhpháirtíocht Phroifisiúnta agus theicneolaíochta | 1.3 | 2.2 | 3.4 | 67,700 | 91,300 | 159,000 | 19.2 | 24.1 | 21.4 |
| Cléireach agus Runaíochta | 1.0 | 1.3 | 2.3 | 51,600 | 165,600 | 217,200 | 19.4 | 7.9 | 10.6 |
| Ceird agus a mbaineann léi | 9.3 | - | 9.4 | 227,000 | 14,100 | 241,100 | 41.0 | - | 39.0 |
| Seirbhís Chosantach agus Phearsanta | 3.6 | 2.7 | 6.3 | 72,700 | 107,300 | 180,000 | 49.5 | 25.2 | 35.0 |
| Díolacháin | 0.7 | 1.3 | 2.0 | 55,200 | 91,100 | 146,300 | 12.7 | 14.3 | 13.7 |
| Feidhmeóirí innealra agus meáisíní | 5.0 | 0.9 | 5.9 | 138,400 | 36,100 | 174,500 | 36.1 | 24.9 | 33.8 |
| Eile | 3.1 | 1.4 | 4.5 | 91,900 | 56,000 | 147,900 | 33.7 | 25.0 | 30.4 |
| Iomlán | 30.6 | 12.6 | 43.1 | 1,028,100 | 743,900 | 1,772,000 | 29.8 | 16.9 | 24.3 |

*Nóta [1] rinne an LOS an suirbhé idir Nollaig 2002 agus Feabhra 2003 mar chuid den suirbhé ráthúil an LOS ina gcuirtear ceisteanna ar dhaoine faoi ghortú a tharla san ionad oibre nó faoi ghalar a d'eascair as obair nó a chuaigh in olcas de dheasca na h-oibre sa bhliain roimhe .*

Léiríonn Tábla C8 céatadán na ngortuithe a tuairiscíodh a bhfuil baint acu le ceirdeanna áirithe.Tá na grúpaí liostáilte de réir an Chóid ISCO, cód idirnáisiúnta rangú timpistí a úsáidtear chun incomórtais sonraí a chinntiú.Is é an grúpa is mó a bhfuil tuairisc déanta orthu ná feidhmeóirí innealra nó fearais. Is iad na h-oibrithe tógála an dara grúpa is mó. Tá Tábla C9 bunaithe ar an suirbhé ráthúil náisiúnta teaghlaigh agus is féidir an ráta gortaithe don grúpaí ceirdeanna a oibriú amach uaidh. Tá an ráta is airde gortaithe san ionad oibre ag na h-oibrithe fireann agus baineann sna rannóga seirbhísí pearsanta

agus cosanta. Is iad na daoine atá i gceist sna rannóga seo ná oifigí priosúin, gárdaí, agus lucht an bhriogáid dhóiteáin. Grúpa eile le mór-bhaolcontúirte ná na h-oibrithe ceardaíochta, ina measc, ceárdaíthe tógála, mianadóirí, agus oibrithe miotail agus innealra .

**Tábla C10: Lion an n-Eachtraí Tuairiscithe de réir na dTimpeallachtaí Oibre 2003 (ÚSS)**

| Timpeallacht Oibre | Rannóg Eacnamaíoch | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | A | B | C | D | E | F | G | H | I | J | K | L | M | N | O | P | Iomlán |
| Monarcha, Ionad Tionscalaíochta, Siopa Ceard, nó Stór | 5 | 1 | 16 | 1669 | 26 | 156 | 225 | 7 | 284 | 30 | 67 | 144 | 3 | 30 | 92 | 0 | 2755 |
| Ionad Tógála, Trinsí, Cairéil nó Mianach dhromchlá | 0 | 0 | 26 | 38 | 25 | 839 | 3 | 1 | 3 | 0 | 11 | 19 | 0 | 0 | 6 | 0 | 971 |
| Áit oscailte don bpobal (bóthar, páirceáil, stáisiún, nó seomra feithimh) | 5 | 1 | 2 | 29 | 31 | 75 | 20 | | 212 | 42 | 17 | 223 | 1 | 14 | 19 | 0 | 691 |
| Oifig, scoil, siopa, bialann, óstán, amharclann 7rl. | 3 | 0 | 0 | 34 | 2 | 17 | 358 | 37 | 33 | 20 | 25 | 79 | 8 | 12 | 15 | 0 | 646 |
| Bunáit Shláinte | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 5 | 0 | 1 | 1 | 0 | 6 | 54 | 7 | 477 | 1 | 0 | 553 |
| Modhana taistil, (traen, bus, carr, soitheach,7rl.) | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 8 | 4 | 0 | 155 | 9 | 1 | 25 | 0 | 4 | 2 | 0 | 210 |
| Áit sheiribhíseach eile | 0 | 0 | 0 | 11 | 1 | 5 | 4 | 3 | 17 | 16 | 4 | 99 | 1 | 13 | 11 | | 185 |
| Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | 53 | 0 | 2 | 10 | 8 | 11 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 19 | 0 | 1 | 11 | 0 | 117 |
| Eile | 1 | 0 | 4 | 7 | 3 | 10 | 4 | 2 | 14 | 2 | 2 | 30 | 1 | 4 | 12 | 0 | 96 |
| Bunáit oideachasúil | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 3 | 0 | 1 | 1 | 12 | 53 | 3 | 1 | 0 | 76 |
| Teach príobháideach, no a mbaineann leis | 0 | 0 | 0 | 7 | 0 | 11 | 2 | 0 | 9 | 0 | 1 | 31 | 0 | 13 | 1 | 1 | 76 |
| Bóthar nó áit thaistil eile | 2 | 1 | 0 | 3 | 6 | 8 | 5 | 1 | 18 | 3 | 1 | 16 | 1 | 1 | 4 | 0 | 70 |
| Crios teoranta in aice áit poiblí (iarnród, naprún) | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 1 | 0 | 0 | 37 | 1 | 0 | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | 46 |
| Faoi-Thalamh (ach ní Tógáil) | 0 | 0 | 18 | 6 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 1 | 0 | 31 |
| Taisteal Aeir | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 30 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 30 |
| Achar Spóirt | 3 | 0 | 0 | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 15 | 1 | 1 | 5 | 0 | 28 |
| Airde (Díon, Piolón, Crann) | 0 | 0 | 0 | 3 | 0 | 9 | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 18 |
| Eile | 2 | 0 | 4 | 13 | 4 | 14 | 4 | 2 | 15 | 2 | 3 | 37 | 1 | 4 | 13 | 0 | 119 |
| **Iomlán** | 73 | 4 | 68 | 1828 | 104 | 1167 | 628 | 55 | 817 | 124 | 137 | 780 | 77 | 573 | 183 | 1 | 6622 |

*Ránnóg Eacnamaíoch: A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht, B – Iascaireacht, C – Mianadóireacht & Cairéalacht, D – Déantóireacht, E – Leictreachas/Gás/Uisce, F – Tógáil, G – Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí pearsanta agus tí a dheisiú, H – Óstáin/Bialanna, I – Taisteal, Stóráil, cumarsáid , J – Airgeadas Idirghabháil, K – Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó, L – Riarachán Poiblí./Cosaint, M – Oldeachas, N – Sláinte/Obair Shóisialta, O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta*

Tharla an chuid is mó dena timpistí a tuairiscíodh sna monarchana, ionaid thionscalaíochta, siopa ceard, nó stóir, rud a léiríonn géilleadh níos fearr sna rannóga seo le rialúcháin thuairisciú timpistí. Níor tuairiscíodh mórán timpistí sa rannóg thalamhaíóchta, rud a léiríonn droch-ghéilleadh dona rialúcháin thuairiscuithe

**Table C11: Percentage Reported Injuries by Age and Economic Sector 2003 (HSA)**

| Réimse Aoise | Céatadán Tuairiscithe de réir Rannóg Eacnamaíoch | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | A | C | D | E | F | G | H | I | J | K | L | M | N | O | % Tuairiscithe |
| 0-4 | 0.0 | 0.0 | 0.2 | 0.0 | 0.2 | 0.0 | 0.0 | 0.2 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 2.7 | 0.0 | 0.0 | 0.1 |
| 5-9 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 5.4 | 0.0 | 0.0 | 0.1 |
| 10-14 | 0.0 | 0.0 | 0.1 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.2 | 0.0 | 0.0 | 0.2 | 5.4 | 0.0 | 0.0 | 0.1 |
| 15-19 | 7.7 | 7.9 | 3.8 | 2.8 | 7.4 | 9.8 | 12.9 | 1.0 | 1.1 | 2.3 | 1.3 | 2.7 | 1.6 | 8.0 | 4.1 |
| 20-24 | 15.4 | 5.3 | 13.2 | 13.9 | 21.0 | 19.0 | 16.1 | 7.8 | 12.0 | 14.0 | 10.1 | 8.1 | 7.5 | 13.3 | 13.2 |
| 25-29 | 11.5 | 15.8 | 17.8 | 11.1 | 14.5 | 14.0 | 25.8 | 16.5 | 18.5 | 17.4 | 15.7 | 8.1 | 19.1 | 12.4 | 16.4 |
| 30-34 | 15.4 | 7.9 | 17.1 | 11.1 | 16.6 | 15.9 | 9.7 | 14.5 | 12.0 | 10.5 | 16.3 | 2.7 | 14.5 | 14.2 | 15.6 |
| 35-39 | 11.5 | 5.3 | 13.6 | 8.3 | 12.9 | 12.7 | 3.2 | 18.5 | 13.0 | 15.1 | 17.2 | 16.2 | 9.9 | 10.6 | 13.9 |
| 40-44 | 7.7 | 23.7 | 11.6 | 19.4 | 7.6 | 7.6 | 3.2 | 15.1 | 13.0 | 15.1 | 16.1 | 10.8 | 13.4 | 14.2 | 12.1 |
| 45-49 | 7.7 | 0.0 | 8.5 | 16.7 | 8.7 | 6.7 | 9.7 | 11.1 | 9.8 | 8.1 | 9.9 | 10.8 | 14.2 | 9.7 | 9.5 |
| 50-54 | 11.5 | 18.4 | 7.0 | 13.9 | 5.8 | 7.6 | 16.1 | 8.2 | 9.8 | 9.3 | 7.3 | 16.2 | 9.4 | 6.2 | 7.7 |
| 55-59 | 7.7 | 10.5 | 5.2 | 2.8 | 3.5 | 4.4 | 3.2 | 5.2 | 4.3 | 5.8 | 3.2 | 2.7 | 7.0 | 5.3 | 4.8 |
| 60-64 | 3.8 | 5.3 | 1.7 | 0.0 | 1.5 | 1.6 | 0.0 | 1.6 | 6.5 | 2.3 | 2.4 | 8.1 | 2.4 | 6.2 | 2.1 |
| 65+ | 0.0 | 0.0 | 0.1 | 0.0 | 0.3 | 0.3 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.4 | 0.0 | 0.8 | 0.0 | 0.2 |
| Iomlán % | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 |

*Ránnóg Eacnamaíoch: A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht, B – Iascaireacht, C – Mianadóireacht & Cairéileacht, D – Déantóireacht, E – Leictreachas/Gás/Uisce, F – Tógáil, G – Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí pearsanta agus tí a dheisiú, H – Óstáin/Bialanna, I – Taisteal, Stóráil, cumarsáid , J – Airgeadas Idirghabháil, K – Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó, L – Riarachán Poiblí./Cosaint, M – Oldeachas, N – Sláinte/Obair Shóisialta, O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta*

Cuireann an Tábla thuas gach gortú as ar eascair breis is 3 lá asláthaireachais mar atá tuairiscithe ag an bhfostóir san áireamh sa chás go raibh aois an fhostaithe tuairiscithe. Tá ráta réasúnta ard ag an Rannóg Thógála san aois-ghrúpa 20-24, i gcomporáid le rannóga eile ina raibh an ráta ard le feiceáil níos mó sna aois-ghrúpaí 25-29, agus 30-34. Tá difríochtaí idir na bandaí aoise leis na rátaí is airde gortuithe tuairiscithe sa tábla seo thuas, agus an tábla thíos. Cuireann tábla C12 gach gortú tuairiscithe sa SRT san áireamh, ach cuireann tábla C11 na gortuithe le asláthaireachas breis is 3 lá amháin I mar a tuairiscíódh don Údarás iad.

**Tábla C12: Rátaí Gortaithe agus Tinnis Cheirde (SRT)[1]**

| Réimse Aoise | Ráta gortaithe per míle | | | Ráta tinnis per míle | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fireann | Baineann | Iomlán | Fireann | Baineann | Iomlán |
| 15-19 | 6.3 | 3.3 | 4.8 | 2.5 | 2.0 | 2.2 |
| 20-24 | 22.1 | 7.9 | 15.0 | 10.2 | 9.0 | 9.6 |
| 25-29 | 26.5 | 13.2 | 19.9 | 16.5 | 14.4 | 15.4 |
| 30-34 | 30.0 | 16.9 | 23.5 | 22.7 | 17.5 | 20.1 |
| 35-39 | 27.2 | 10.1 | 18.6 | 25.7 | 19.6 | 23.0 |
| 40-44 | 29.5 | 13.4 | 21.4 | 33.3 | 21.5 | 27.4 |
| 45-49 | 28.9 | 11.1 | 20.0 | 38.6 | 21.5 | 29.6 |
| 50-54 | 25.0 | 8.7 | 16.8 | 49.1 | 21.7 | 35.4 |
| 55-59 | 22.4 | 6.0 | 14.3 | 61.5 | 23.0 | 42.5 |
| 60-64 | 16.7 | | 10.2 | 64.1 | 16.6 | 40.3 |
| 65+ | 5.2 | | 2.7 | 53.7 | 9.7 | 28.8 |
| **Iomlán** | 21.1 | 8.4 | 14.7 | 31.5 | 14.9 | 23.1 |

*Nóta [1] Rinne an LOS an suirbhé idir Nollaig 2002 agus Feabhra 2003 mar chuid den suirbhé ráthúil an LOS ina gcuirtear ceisteanna ar dhaoine faoi ghortú a tharla san ionad oibre nó faoi ghalar a d'eascair as obair nó a chuaigh in olcas de dheasca na h-oibre sa bhliain roimhe .*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

Cuireann an ráta seo gach duine a gortaíodh atá thar aois 15, iad atá dífhostaithe nó fostaíthe, a bhí sa fhórsa oibre nuair a rinneadh an suirbhé.Cuireann sé san áireamh freisin gach duine a dúirt gur gortaíodh iad gan bacaint leis an am a bhíodar as láthair, nó leis an méid gortuithe.

Is iad na fir 30-39 an grúpa is mó a bhfuil baol ag baint leis, agus is ag aois 30-34 a mbíonn na mná I mbaol gortuithe. Ardaíonn rátaí tinnis na bhfear le h-aois, ach tagann ráta cothrom tinnis na mban ag aois 40-44.

**Tábla C13: Gortúithe Neamh-Mharfacha Tuairiscithe de réir Bhall Coirp a Gortaíodh, agus Rannóige 2003 (ÚSS)**

| Ball coirp a gortaíodh | Céatadán Gortuithe de réir Rannóg Eacnamaíoch | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | D | F | G | I | K | L | N | O | All sectors |
| Droim, cnámh droma | 26.6 | 16.7 | 23.6 | 34.1 | 31.6 | 20.8 | 32.2 | 26.7 | 25.6 |
| Méaracha, cenn amháin nó níos mó | 17.8 | 14.2 | 11.5 | 8.0 | 7.1 | 8.7 | 8.1 | 13.9 | 12.7 |
| Alt glúine, cos íochtarach, rúitín | 8.4 | 16.7 | 14.0 | 14.7 | 12.9 | 13.8 | 8.6 | 12.9 | 12.2 |
| Lámh | 12.0 | 9.5 | 9.7 | 4.7 | 6.5 | 9.0 | 5.6 | 14.9 | 9.0 |
| Gualainn, lámh uachtarach, uileann | 8.1 | 7.1 | 9.2 | 10.2 | 9.7 | 11.5 | 11.7 | 0 | 8.9 |
| Lámh íochtarach, riosta | 8.0 | 7.8 | 8.3 | 4.7 | 7.7 | 7.7 | 7.4 | 5.0 | 7.4 |
| Ceann, ach ní na súile. | 3.8 | 7.8 | 7.9 | 7.8 | 6.5 | 9.2 | 6.6 | 5.9 | 6.7 |
| Cos | 4.6 | 6.6 | 4.5 | 4.2 | 5.2 | 4.4 | 3.0 | 4.0 | 4.7 |
| Muineál | 2.8 | 1.9 | 1.4 | 4.7 | 2.6 | 5.0 | 7.6 | 4.0 | 3.4 |
| Alt an chromáin, ceathrún, caipín ghlúine | 1.8 | 3.0 | 4.5 | 2.0 | 3.9 | 4.4 | 2.8 | 5.9 | 3.0 |
| Brollach | 2.5 | 2.3 | 1.6 | 1.8 | 3.9 | 2.9 | 3.0 | 0 | 2.5 |
| Súile | 2.2 | 4.8 | 1.8 | 1.6 | 1.3 | 1.2 | 1.5 | 4.0 | 2.4 |
| Méaracha coise, ceann amháin nó níos mó | 0.8 | 1.0 | 1.8 | 0.5 | 0.6 | 0.6 | 0.8 | 2.0 | 0.9 |
| Bolg | 0.5 | 0.6 | 0.2 | 0.9 | 0.6 | 0.8 | 1.0 | 1.0 | 0.6 |

*Ránnóg Eacnamaíoch: A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht, B – Iascaireacht, C – Mianadóireacht & Cairéileacht, D – Déantóireacht, E – Leictreachas/Gás/Uisce, F – Tógáil, G – Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí pearsanta agus tí a dheisiú, H – Óstáin/Bialanna, I – Taisteal, Stóráil, cumarsáid , J – Idirghabháil Airgeadais K – Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó, L – Riarachán Poiblí./Cosaint, M – Oldeachas, N – Sláinte/Obair Shóisialta, O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta*

**Tábla C14: Gortú Neamh-Mharfacha Tuairiscithe de réir Cineáil agus Rannóige 2003 (ÚSS)**

| Cineál Gortaithe | Céatadán Gortuithe de réir Rannóg Eacnamaíoch (NACE) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | D | F | G | I | K | L | N | O | Gach Rannóg |
| Leonadh, Baillnasc stróichthe | 36.0 | 24.9 | 30.1 | 42.1 | 38.6 | 31.9 | 38.3 | 30.1 | 33.2 |
| Brú | 21.1 | 19.3 | 35.7 | 24.8 | 29.3 | 30.1 | 26.9 | 18.1 | 24.6 |
| Cneá oscailte | 19.0 | 16.9 | 16.2 | 8.4 | 7.9 | 11.2 | 9.5 | 19.3 | 15.0 |
| Cbriseadh dúnta | 10.5 | 21.4 | 9.1 | 11.4 | 12.1 | 12.7 | 11.5 | 14.5 | 13.1 |
| Dó, dó seaca, agus scallaidh | 5.2 | 2.9 | 2.0 | 2.3 | 2.1 | 4.7 | 5.1 | 3.6 | 4.1 |
| Roiseadh, scríobadh | 2.6 | 4.4 | 2.8 | 1.9 | 3.6 | 3.1 | 3.6 | 1.2 | 3.1 |
| Cur as alt | 0.6 | 2.6 | 1.3 | 2.1 | 0 | 1.8 | 1.6 | 3.6 | 1.5 |
| Gortuithe Inmheánacha | 1.1 | 2.1 | 1.0 | 1.9 | 2.1 | 1.3 | 0.4 | 2.4 | 1.5 |
| Teascadh | 1.5 | 0.5 | 0.3 | 0.5 | 1.4 | 0.4 | 0.4 | 1.2 | 0.9 |
| Briseadh oscailte (cnámh le feiceáil) | 1.0 | 1.6 | 0.3 | 1.4 | 0.0 | 0.4 | 0.0 | 0 | 0.9 |
| Comhtholgadh | 0.4 | 1.8 | 0.8 | 1.4 | 1.4 | 0.4 | 1.2 | 1.2 | 0.9 |
| Galrú | 0.4 | 0.2 | 0.3 | 1.2 | 1.4 | 0.4 | 0.8 | 2.4 | 0.5 |
| Gortú Leictreach | 0.4 | 0.8 | 0.3 | 0.2 | 0 | 0 | 0.4 | 0 | 0.4 |
| Tachtadh | 0.1 | 0.2 | 0 | 0.2 | 0 | 1.1 | 0 | 0 | 0.2 |
| Múchta le gás | 0.1 | 0.2 | 0 | 0 | 0 | 0.2 | 0.4 | 2.4 | 0.2 |
| Bá | 0 | 0 | 0 | 0.2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0.0 |
| Nimhiú | 0 | 0.2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0.0 |

*Ránnóg Eacnamaíoch: A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht, B – Iascaireacht, C – Mianadóireacht & Cairéileacht, D – Déantóireacht, E – Leictreachas/Gás/Uisce, F – Tógáil, G – Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí pearsanta agus tí a dheisiú, H – Óstáin/Bialanna, I – Taisteal, Stóráil, Cumarsáid , J – Idirghabháil Airgeadais K – Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó, L – Riarachán Poiblí./Cosaint, M – Oldeachas, N – Sláinte/Obair Shóisialta, O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/Pearsanta*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

**Tábla C15: Gortuithe Marfacha Tuairiscithe de réir Rannóg Eacnamaíoch 2003 (ÚSS)**

| Rannóg Eacnamaíoch | Timpistí Marfaacha seachas cinn bhóithre (TB) | | | | | | | Timpistí Marfacha Bóthair | Iomlán TB san áireamh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | | | | | Eile | Iomlán nach TB iad | | |
| | Fostaí | Féin-fhostaithe | Oibre Clainne 15+ | Iomlán Oibrí | Ráta Oibrithe per 100,000 | Neamh-oibrí | | | |
| A – Talamhaíocht, fiach agus foraoiseacht | 2 | 12 | 0 | 14 | 12.3 | 5 | 19 | 0 | 19 |
| B – Iascaireacht - | 0 | 0 | 0 | 0 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| C – Mianadóireacht & Cairéalacht | 1 | 0 | 0 | 1 | 3.0 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| D - Déantóireacht | 5 | 0 | 0 | 5 | | 0 | 5 | 1 | 6 |
| E - Leictreachas/Gás/Uisce | 2 | 0 | 0 | 2 | | 0 | 2 | 0 | 2 |
| F- Tógáil | 9 | 3 | 0 | 12 | 6.4 | 4 | 16 | 1 | 17 |
| G - Mórdhíol/Miondhíol; feithiclí, earraí a dheisiú | 5 | 0 | 0 | 5 | 2 | 0 | 5 | 0 | 5 |
| H - Óstáin/Bialanna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| I – Taisteal, Stóráil, Cumarsáid | 6 | 0 | 0 | 6 | 5.4 | 1 | 7 | 0 | 7 |
| J - Idirghabháil – Airgeadais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| K - Éastáit Réadaigh, Cíos, Gnó | 0 | 0 | 0 | 0 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| L - Riarachán Poblí/Cosaint | 4 | 0 | 0 | 4 | 4.4 | 0 | 4 | 0 | 4 |
| M – Oideachas | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| N – Sláinte/Obair Shóisialta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| O – Seirbhísí Pobail/Sóisialta/ Pearsanta | 3 | 1 | 0 | 4 | 4.2 | 0 | 4 | 0 | 4 |
| **Iomlán** | 37 | 16 | 0 | 53 | 3 | 10 | 63 | 2 | 65 |


Maraíodh 53 oibrí agus deichniúr eile I dtimpistí narbh timpistí bóthair iad. Tuairiscíodh dhá bhás bóthair don Údarás.

Chomh maith le 65 gortú marfach, bhí dhá bhás eile de dheasca tinnis, ceann díobh de dheasca mesothelioma (trí nochtadh aispeiste ó chianaibh), agus ceann eile de dheasca taom marfach asma tar éis nochtadh plúir.

Básanna Tógála: Fuair 17 bás a raibh baint acu le daoine nó le h-eagraíochtaí sa rannóg thógála.Bhí 4 bhás eile a raibh baint acu le gníomhaíohta á ndéanamh ag daoine I rannóga eile. Tharla trí cinn díobh siúd ar ionaid thógála le fostaithe na nÚdarás Áitiúla, agus an ceathrú ceann a ghabháil do fheirmeoir a bhí ag déanamh obair thógála ar fheirm.

Leictreachas: Fuair beirt fhostaí na rannóige leictrigh. Tharla dhá bhás eile le leictreachas do bheirt o rannóga eile a bhí ag déanamh oibre sa rannóg leictreach.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY




**Tábla C17: Básanna de réir Rannóg Eacnamaíoch agus Cineáil 2003 (ÚSS)**


| Cineál Báis | Rannóg Eacnamaíoch (NACE) | | | | | | | | | Iomlán. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | A | C | D | E | F | G | I | L | O | |
| Titim ó Airde | 2 | 0 | 2 | 0 | 6 | 0 | 3 | 0 | 2 | 15 |
| Taisteal (ach ní timpistí bóthair) | 6 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 2 | 0 | 12 |
| Buailte de dheasca cliseadh/ iompó | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 2 | 1 | 1 | 9 |
| Teagmháil le páirteanna gluaiste innealra | 2 | 1 | 1 | 0 | 3 | 1 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| Tine nó Pléascadh | 1 | 0 | 0 | 2 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| Sleamhnáin, tuislí a bhaint as duine, nó tití ar thalamh | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 4 |
| Gortaithe ag ainmhí | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 3 |
| Igortaith ag rudaí ag titim | 1 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| Nochtadh/teagmháil le substaint bhaolach | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Timpistí bóthair | 0 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Teagmháil le leistreachas | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Bá nó tachtadh | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| Eile | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gortaithe ag duine-mailíseach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gortaithe ag duine-neamh-mhailíseach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gortaithe ag úirlisí láimhe | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gortaithe le linn láimhseála, iompair nó arduithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iomlán na mbásanna tuairiscithe | 19 | 1 | 6 | 2 | 17 | 5 | 7 | 4 | 4 | 65 |

Níl na básanna de dheasca timpistí bóthair san áireamh thuas, mar nach dtuairiscítear don Údarás iad, ach léiríonn figiúirí an Údarás Náisiúnta Bóthair go bhfuair 20 tiománaí leoraí earraí bás chomh maith le tiománaí amháin feithicil sheirbhí phoiblí i dtimpiste bhóthair.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

**Tábla C14 Básanna Tuairiscithe de réir Rannóg 2003**

**Iomlán na nBásanna don dTréimhse : 65**




## A – TALAMHAÍOCHT, FIACH AGUS FORAOISEACHT (19 BÁS)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 14/01/03 | Bhí tarracóir ardaithe ón dtalamh ar phíosa adhmaid. Is cosúil gur thit an t-adhmaid agus gur thit an leantóir air | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Dún na nGall | 66 |
| 22/01/03 | Bhuail tarracóir agus leantóir a bhí ag cúlú an t- íobartach; bhí créafóig á bogadh ó áit amháin ar an bhfeirm go h-áit eile. Ba chuairteoir rialta é chuig an bhfeirm. | Duine den bPobal | Neamh-Oibrí | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Luimneach | 68 |
| 04/02/03 | Bhí páistí ag súgradh sa sneachta nuair a thug said faoi deara nach raibh an t-íobartach leo. Fuarthas níos déanaí sa chlais sciodair é | Ball Clainne | Neamh-Oibrí | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Corcaigh | 2 |
| 27/03/03 | Bhí an t-íobartach ag obair leis féin ag dó carn sceacha gearrtha.is cosúil go ndeachaigh a tharracóir trí thine, agus fuair sé bás ann. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm feirm éisc, foraois, nó páirc | Iarmhí | 74 |
| 03/04/03 | Is cosúil gur thit sé sa chlós ag gortú cúl a chinn | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Laois | 65 |
| 24/04/03 | Bhí sé ag aoireacht caorach, nuair a thit sé le fána agus isteach in abhainn | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Dún na nGall | 72 |
| 07/05/03 | Bhí an t-íobartach cur leasuithe ar thalamh ghéar nuair a d'iompaigh an tarracóir. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Tiobrad Árann | 48 |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## A - TALAMHAÍOCHT, FIACH AGUS FORAOISEACHT (19 BÁS) (AG LEANÚINT)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 10/05/03 | Bhí an t-íobartach ag tiomáint lódoir tosaithigh ar bhóithrín a fheirme, nuair a d'iompaigh sé i ndraen ina raibh timpeall 0.6m d'uisce, agus tachtaíodh é. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Dún na nGall | 54 |
| 12/05/03 | Maraíodh an t-íobartach nuair a d'ionsaigh tarbh í agus í ina seasamh ag cúl-doras a tí ag féachaint air á thógaint amach as feithicil. | Ball Clainne | Neamh-Oibrí | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Luimneach | 89 |
| 04/06/03 | Bhí bó tar éis gamhain a bhreith, d'ionsaigh sí an t-íobartach agus mharaigh sí é. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Iarmhí | 55 |
| 10/06/03 | Tháinig cuairteoirí na feirme ar chorp an íobartaigh sa chlós feirme. Is cosúil gur leag a tharracóir féin é. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Luimneach | 73 |
| 16/06/03 | Bhí an t-íobartach ag dílluchtú cornán ciorcalacha de leoraí.Is cosúil gur rollaigh an leoraí chun tosaigh, agus nuair a rinne an t-íobartach iarracht léim isteach sa leoraí, d'éirigh sé sáinnithe idir an leoraí agus an falla. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Maigh Eo | 57 |
| 05/07/03 | Bhí an t-íobartach ag cornadh féir agus cornaitheoir ciorcalach á tharraingt ag tarracóir in úsáid aige. Thuirling sé den tarracóir, agus tarraingíodh isteach sa cornaitheoir é. | Employed | Táirgeoir beithígh agus barraí | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Ros Comáin | 23 |
| 01/08/03 | Thit an t-íobartach seo trí leathán peir-speics, nuair a bhí sé ag cabhrú lena mhac na leatháin miotail a bhaint de dhíon scioból. (Gníomhaíocht thógála ). | Ball Clainne | Neamh-Oibrí | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Loch Garmáin | 65 |
| 21/08/03 | Bhí an t-íobartach ag faire ar ghearradh fáil. Bhí píosa sreangáin sa bhfál a bhuail an t-íobartach sa bhléin, agus gearadh artaire . | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Tiobrad Árann | 85 |
| 13/09/03 | Bhí an t-íobartach ag obair faoi mheáisín gearradh féir. Bhí buicéad tosaigh an tarracóra ag tacú leis an meáisín; shleamhnaigh buicéad an mheáisín. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Loch Garmáin | 46 |
| 29/09/03 | Tháinig páiste i dteagmháil le seafta rothlach PTO, nuair a bhí an tarracóir á úsáid sa chlós feirme ag a athair. | Ball Clainne | Neamh-Oibrí | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Corcaigh | 9 |
| 20/10/03 | Bhí an t-íobartach ag péinteáil seid an fhéir, nuair a thit sé trí fhuinneog dhín éadrom, agus fuair sé bás coicís ina dhiaidh. | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Feirm, feirm éisc, foraois, nó páirc | Uí Fháilí | 66 |
| 15/12/03 | Thit an buicéad lódála tosaigh de tharracóir agus an tarracóir á thiomáint ar bhóthar. Chuaigh an tarracóir thairis, agus caitheadh amach as an dtarracóir an t-íobartach | Féin-Fhostaithe | Bainisteoirí Fhiontar Beaga (Feirmeacha) | Rannóg Thaisteal Bóthar | Iarmhí | 69 |

## NACE C – MIANADÓIREACHT & CAIRÉALACHT (Bás Amháin)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 31/10/03 | Is cosúil gur tarraingíodh an t-íobartach isteach sa mheascaitheoir panna. Thanathas ar a chorp san eas silidh. | Fostaithe | Oibrí Cairéil | Monarcha, Ionad Tionscalaíocta nó Stór | Ros Comáin | 40 |

## NACE D - DEANTÚSAIOCHT (6 Bhás)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 07/03/03 | Bhí an t-íobartach ag seiceáil an tarathair/crios iompair. Shleamhnaigh sé ón gcrios iompair uachtarach, agus fuair sé bás ar an 13ú de Mhárta 2003. | Fostaithe | Feidhmeóirí Próiséiseáil Miotail | Monarcha, Ionad Tionscalaíochta, Stór | Tiobrad Árann | 60 |
| 07/05/03 | Bhí an t-íobartach ag glanadh suas lasmuigh, agus is cosúil gur thit sé agus gur bhuail sé a cheann. Fuair sé bás ar an 17ú de Bhealtaine 2003 | Fostaithe | Oibrí Déantóireachta | Monarcha, Ionad Tionscalaíochta, Siopa Ceard, nó Stór | Maigh Eo | 42 |
| 10/09/03 | Thit an t-íobartach de dhréimire agus anuas ar umar a bhí á chumhacht-ghlanadh aige. | Fostaithe | Oibrí Déantóireachta | Monarcha, Ionad Tionscalaíochta, Siopa Ceard, nó Stór | Corcaigh | 51 |
| 06/10/03 | Thit leatháin de chlárshliseogach anuas ar an íobartach. | Traenálaí | Oibrithe Frámaí Tógála agus ceirdeanna eile | Monarcha, Ionad Tionscalaíochta, Siopa Ceard, nó Stór | Corcaigh | 17 |
| 06/11/03 | Tháinig an t-íobartach i dteagmháil le páirteanna gluaiste cornánaitheoir ath-chúrsála agus é ag baint amach calcadh. | Fostaithe | Oibrí Déantóireachta | Monarcha, Ionad Tionscalaíochta, Siopa Ceard, nó Stór | Baile Átha Cliath | 36 |
| 18/11/03 | Bualadh faoin íobartach seo le leoraí | Fostaithe | Tiománaí Feithicil Ghluaiste | Rannóg Thaisteal Bóthar | Laois | 31 |

## NACE E – SOLÁTHAIR LEICTREACHAS, GÁS, AGUS UISCE (2 Bhás)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 03/07/03 | Maraíodh an t-íobartach i bpléascadh agus tine agus é ag obair i seomra laisce le h-ard voltas.. | Fostaithe | Teicneoir Innealltóireacht Leictrigh | Monarcha, Ionad Tionscalaíoc hta,nó Stór | Ciarraí | 38 |
| 03/07/03 | Maraíodh an t-íobartach i bpléascadh agus tine agus é ag obair i seomra laisce le h-ard voltas. | Fostaithe | Teicneoir Innealltóireacht Leictrigh | Monarcha, Ionad Tionscalaíoc hta, nó Stór | Ciarraí | 49 |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## NACE F – TÓGÁIL (17 Bás)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 06/01/03 | Buailte ag trucail altach agus é ag dul trasna bóthair. | Ball an Phobail | Neamh-Oibrí | Rannóg Thaisteal Bóthar | An Mhí | 54 |
| 19/02/03 | Bhí an t-íobartach ag obair ar dhoirteadh coincréide. Bhí sé ag treoiriú teannaire coincréide ag bun an phíobáin, nuair a bhuail an píobán sreangán leictreach (turraing leictreach). | Fostaithe | Oibrithe Frámaí Tógála agus ceirdeanna eile | Ionad Tógála, cairéal oscailte nó mianach | Cill Mhantáin | 27 |
| 01/04/03 | Is cosúil go raibh an fear chun crocháin slabhraí a cheangail le buicéad tochaltóra, nuair a bhuail an buicéad é.. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála, cairéal nó mianach dromchla | Tiobrad Árann | 29 |
| 04/04/03 | Is cosúil gur thit an t-íobartach siar ó dhréimire anuas ar chosán, agus gortaíodh a cheann agus a bhrollach go dona. Tuairiscíodh an timpiste seo chuig an Údarás i mí Dheireach Fomhair. | Féin-Fhostaithe | Péintéirí, Glantóirí Foirgnimh, agus Oibrithe eile I gceirdeanna a bhfuil baint acu leo. | Teach Príobháideach nó gaolta leis | Baile Átha Cliath | 43 |
| 09/04/03 | Bhí an t-íobartach ag oibriú i dtrinse dhoimhin, nuair a thit an bíoma a bhí ag tacú taobh na trinse, agus bhrúigh sé é ar an bpíob-líne ghháis. | Fostaithe | Múnlaitheoirí Miotail, Táthairí, Oibrithe Leathán Miotal, Ullmhaith-eoirí Miotal Struchtúrt-ha, agus a bhfuil gaolta leo. | Ionad Tógála, cairéal nó mianach dromchla | An Clár | 42 |
| 13/04/03 | Is cosúil gur thit an t-íobartach timpeall 2.5m ó dhíon mín agus gortaíodh a cheann go dona. Fuair sé bás ar an 13ú d'Aibreán. Tuairiscíodh an timpiste seo chuig an Údarás I mí Dheireadh Fómhair. | Féin-Fhostaithe | Oibrithe Frámaí Tógála agus ceirdeanna eile | Ionad Tógála, cairéal nó mianach dromchla | Baile Átha Cliath | 60 |
| 24/04/03 | Bhí an t-íobartach ag oibriú ar bhungaló a bhí nach mór críochnaithe, ach nach raibh an staighre fós ann. Thit sé thar an dréimire ghabhála, agus fuair sé bás roinnt laethanta ina dhiaidh sin. | Féin-Fhostaithe | Oibrithe Frámaí Tógála agus ceirdeanna eile | Ionad Tógála, cairéal nó mianach dromchla, | Dún na nGall | 55 |
| 30/04/03 | Ag baint leatháin stroigne aispeiste ó shíleáil fhoirgnimh aon stór, agus thit sé trí fhuinneog dhín éadrom. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála, cairéal nó mianach dromchla | Sligeach | 49 |
| 02/05/03 | D'éirigh an t-íobartach sáinnithe faoi chuaile adhmaid leictreachais 10.5m ar fhaid a bhí á lódáil ar leoraí le h-ardaitheoir. | Fostaithe | Tiománaithe Feithiclí Gluaiste | Ionad Tógála, cairéal nó mianach dromchla | Ciarraí | 33 |
| 10/07/03 | Bhí an t-íobartach ag daingniú bolta nó ag réiteach creasa i mbrúiteoir, nuair a d'éirigh a lámh sáinnithe de dheasca a chuid éadaí a bheith scaoilte. | Fostaithe | Feidhmeoirí Fearas Gluaiste. | Ionad Tógála | Corcaigh | 33 |
| 31/08/03 | Bhí páiste ag súgradh ar ionad tógála laistigh de fháinne coincréideach. Bhris an fáinne, agus thit sé anuas air. | Ball an Phobail | Neamh-Oibrí | Ionad Tógála | Iarmhí | 13 |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## NACE F – TÓGÁIL (17 Bás) (Ag Leanúint)

| Dátá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 24/09/03 | Barúil ann go bhfuair an t-íobartach bás trí nimhiú carbon monoxide, mar gur blocáileadh feadán deataí mar thoradh ar obair thógála. | Ball an Phobail | Neamh-Oibrí | Eile | Baile Átha Cliath | 82 |
| 24/09/03 | Barúil ann go bhfuair an t-íobartach bás trí nimhiú carbon monoxide, mar gur blocáileadh feadán deataí mar thoradh ar obair thógála. | Ball an Phobail | Neamh-Oibrí | Eile | Baile Átha Cliath | 81 |
| 02/10/03 | Thit an t-íobartach ó scaffal-thristéal ag an gcéad leibhéal ag ionad tithíochta. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála | Luimneach | 47 |
| 05/11/03 | Thiomáin an t-íobartach i dtrinse nuair a bhí dumpaer á thiomáint aige, caitheadh den meáisín é agus d'éirigh sé sáinnithe faoin mbuicéad | Fostaithe | Tiománaithe Feithiclí Gluaiste | Ionad Tógála | Cill Dara | 39 |
| 25/11/03 | Is cosúil go raibh Feithicil Uile Thalún (FUT) á thiomáint ar an mbóthar poiblí, nuair a bhuail sé cuaille teileafóin. | Fostaithe | Teicneoirí Fhisiceach Innealltóireachta | Rannóg Thaisteal Bóthar | Ciarraí | 21 |
| 15/12/03 | Is cosúil gur thit an t-íobartach ó dhré-imire ghabhála nach raibh daingnithe. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála | Maigh Eo | 20 |

## NACE G - MÓRDHÍOL AGUS MIONDHÍOL; DEISIÚ FEITHICLÍ, GLUAISROTHAIR, EARRAÍ PEARSANTA AGUS TÍ (5 Bhás)

| Dátá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 11/01/03 | Bhí an t-íobartach ag péinteáil meáisín sa siopa ceard. Fuarthas é sáinnithe idiran doras agus an cab, agus an t-inneall ag rith. | Fostaithe | Trealamh Leictreach agus Leictrónach, Meicneóirí trealaimh agus Feisteoirí. | Monarcha, Ionad Tionscalaíocht a, nó Stór. | An Mhí | 48 |
| 19/02/03 | Chuaigh an t-íobartach faoi chúl-rothaí na feithicle agus an fheithicil á thiomáint uaidh. | Fostaithe | Meicneoirí innealra agus Feisteoirí. | Monarcha, Ionad Tionscal aíochta, nó Stór. | Corcaigh | 20 |
| 28/02/03 | Bhí fostaithe eile ag ardú leoraí le seac híodráilica. Chuir an t-íobartach a cheann idir an cúl-roth agus corp an leoraí. Shleamhnaigh an seac agus tháinig an leoraí anuas ar cheann an íobartaigh. | Fostaithe | Meicneoirí innealra agus Feisteoirí. | Monarcha, Ionad Tionscalaíocht a, nó Stór. | Laois | 22 |
| 03/03/03 | Bhí t-íobartach ag déanamh oibre ar shoitheach in atmaisféar pléascach. Fuair sé bás sa phléascadh . | Fostaithe | Conraitheoir Talamhaíochta | Monarcha, Ionad Tionscalaíocht a, nó Stór. | Muineachán | 30 |
| 01/09/03 | Maraíodh an t-íobartach I bpléascadh agus é ag obair le treal amh táthaireachta in aonad peitril. | Traenálaí | Meicneoirí innealra agus Feisteoirí. | Monarcha, Ionad Tionscalaíocht a, nó Stór. | Corcaigh | 23 |

## NACE I – TAISTEAL, STÓRÁIL, AGUS CUMARSÁID (7 mBÁS)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13/01/03 | Bhí an t-íobartach ag tuirlingt ó héalacaptar, tar éis sampla ola a thógaint ó ghiarbhosca, agus is cosúil gur thit sé. | Fostaithe | Meicneoirí innealra agus Feisteoirí. | Limistéar coimeáid, siopa deisiúithe | Baile Átha Cliath | 55 |
| 21/01/03 | Bhí an t-íobartach ag siúl ar chlord nuair a thit sé san uisce. | Fostaithe | Criú Deic Loinge, agus gaolta leis | Ar/Thar uisce (ní tógáil).) | Corcaigh | 57 |
| 25/01/03 | Le linn do long dul ar ancaire, tháinig rópa miotail saor ó áit, agus bualadh fear leis. | Fostaithe | Criú Deic Loinge, agus gaolta leis | Ar/Thar uisce (ní tógáil).) | Baile Átha Cliath | 54 |
| 27/01/03 | Bhí trucail leictreach sráideoige á ardú ar leantóir, agus thit an t-íobartach a bhí ina sheasamh ar an sráideog. | Fostaithe | Tiománaithe Feithiclí Gluaiste | Rannóg Thaisteal Bóthar | Lú | 35 |
| 05/03/03 | Le linn do long dul ar ancaire, tarraingíodh an t-íobartach sa chúl-chrangaid chlé, | Fostaithe | Criú Deic Loinge, agus gaolta leis | Ar/Thar uisce (ní tógáil) | Baile Átha Cliath | 42 |
| 04/11/03 | D'éirigh an t-íobartach sáinnithe idir veain agus leoraí altach. | Fostaithe | Tiománaithe Feithiclí Gluaiste | Rannóg Thaisteal Bóthar | Baile Átha Cliath | 43 |
| 18/12/03 | Leag leoraí a bhí ag cúlú an t-íobartach agus é ag siúl ar bhóthar in ionad siopadóireachta. | Ball an Phobail | Neamh Oibrí | Rannóg Thaisteal Bóthar | Iarmhí | 60 |

## NACE I – RIARACHÁN POIBLÍ AGUS COSAINT; SLANDÁIL EIGEANTACH SHÓISIALTA (4 Bhás)

| Datá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 14/04/03 | Bhuail dumpaer 6 thonna an t-íobartach. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála | Luimneach | 38 |
| 14/05/03 | Bhuail rollán bhóthar bhonn rubair a bhí ag cúlú, an t-íobartach. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála | Ciarraí | 20 |
| 12/06/03 | Thit an t-íobartach síos staighre, agus fuair sé bás le gortuithe cinnar an 22ú de Mheitheamh 2003. | Fostaithe | Ríomhaireoirí Proifisiúnta | Oifig, Scoil, Siopa, Bialann, Óstán, Amharclann 7rl | Baile Átha Cliath | 25 |
| 05/09/03 | Le linn clúdach a chur ar bhóthar, shiúl an t-íobartach sa bhealach ar an leoraí a bhí ag spréáil bitúman, agus buaileadh é. | Fostaithe | Oibrí Tógála | Ionad Tógála | Dún na nGall | 22 |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## NACE O – SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS PEARSANTA (4 Bhás)

| Dátá | Eachtra | Staid Fhostaíocht | Grúpa Ceirde | Grúpa Timpeallacht Oibre | Contae | Aois |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12/05/03 | Bhí an t-íobartach ag baint scip mór rollta anuas dá fheithicil a bhí in aice le feithicil páirceáilte. D'éirigh an scip mí –shocair, rollaigh dá treoir, agus mharaigh sé an t-íobartach. | Féin-Fhostaithe | Oibrithe Frámaí Togála agus ceirdeanna eile | Monarcha, Ionad Tionscalaíocht a, nó Stór. | Baile Átha Cliath | 38 |
| 11/07/03 | Thit an t-íobartach de leoraí bruscair, agus gortaíodh a cheann go dona. | Fostaithe | Bailitheoirí bruscair, agus gaolta leis. | Rannóg Thaisteal Bóthar | Corcaigh | 20 |
| 08/08/03 | Thit capall an íobartaigh agus é ag dul thar sconsa. Bhuail capaill eile an capall seo , agus brúdh ar an marcach é. | Fostaithe | Proifisiúnaigh Ealaíonta, Siamsaíochta agus Spóirt. | Limistéar Spóirt | Cill Dara | 25 |
| 26/10/03 | Thit an t-íobartach de chapall, agus gortaíodh go dona sa cheann é. | Traenálaí | Proifisiúnaigh Ealaíonta, Siamsaíochta agus Spóirt | Limistéar Spóirt | Gaillimh | 22 |

# AGUISÍN D: RIALACHÁIN NUA A RINNEADH I 2003

## (1) Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rangú, Pacaistíocht, Lipéadú, agus Fógraíocht na Substaintí Baolacha) 2003 (SI Uimh. 116 de 2003)

Chomh maith le hath-aistriú a dhéanamh ar Treorach an Chomhairle 67/548/EEC, maraon le Treoracha leasaithe eile, aistríonn na Rialúcháin seo na Treoracha seo a leanas don chéad uair:

(i) Treorach an Choimisiúin 2001/58/EC
(ii) Treorach an Choimisiúin 2001/59/EC

Cúlghaireann agus téann na Rialacháin seo in áit na Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rangú, Pacaistíocht, Lipéadú, agus Fógraíocht na Substaintí Baolacha) 2000 (SI Uimh. 393 de 2000).

Is í aidhm na Rialachán seo ná daoine agus an timpeallacht a chosaint ar dhroch-éifeachtaí substaintí nua agus substaintí baolacha atá cheana féin ann. Clúdaíonn na Rialacháin seo gach substaint atá le dul ar an margadh, leo féin, nó in ullumhchán, ach amháin rannóga ar leith substaintí cuir I gcás, leigheas, cosmaidigh, lotnaidicíd, fuíoll 7rl.

Tá sé de dhualgas ar gach déantóir, importoir, nó duine eile a bhfuil sé I gceist aige ceimiceach nua a chur ar an margadh don chéad uair, fillteán fógraíochta a chur chuig an Údarás Inniúla le mionshonraí scrúdúithe a rinneadh ar an substaint, agus le rangú agus lipéadú ceart.

Tá ar na soláthraithe lipéid rabhaidh ar árthaigh na substaintí baolacha, agus a dhéanamh cinnte de go bhfuil an dearadh agus struchtúr ceart ar na h-árthaigh, agus go bhfuil siad dainginithe I gceart. Caithfear bileoga sábháilteachta a chur ar fáil freisin.

## (2) Rialacháin na bPobal Eorpach (Ullmhúcháin agus Substaintí Baolacha) (Margaíocht agus Úsáid) 2003 (SI Uimh. 220 de 2003)

Chomh maith le hath-aistriú a dhéanamh ar Treorach an Chomhairle 76/769/EEC, maraon le Treoracha leasaithe eile, aistríonn na Rialacháin seo na Treoracha seo a leanas:

(1) Treorach Uimh.94/27/EC Parlimint an hEorpa, agus an Chomhairle 30ú de Mheitheamh 1994, ag leasú don 12ú uair Treorach an Chomhairle 76/769/EEC ar chóngaracht dlíthe, rialacháin, agus ullmhuithe riaracháin na mBall Stát, maidir le teorannúithe margaíochta agus le h-úsáid shubstaintí agus ullmhúcháin bhaolacha, atá aistrithe ag Pointe Uimhir Thaighde28 de Sceideal 1. Ón 20ú d'Iúil 200, níl cead ag déantóir no importoir rud ar leith nicil nach dtagann leis na pointí mar atá sa Uimhir Thaighde 28 de Sceideal 1 na Rialúchán. Ón 20ú d'Iúil 2001, bainfear den margadh aon earraí nicil nach dtagann leis na pointí seo agus a cuireadh ar an margadh I ndiaidh Eanáir 2000.

(2) Treorach Uimh. 97/56/EC Parlimint an hEorpa, agus an Chomhairle 20ú de Dheireadh Fomhair 1997, ag leasú don 16ú uair Treorach an Chomhairle 76/769/EEC atá aistrithe ag Pointí Uimhreacha Taighde 29 (ailseachtaí) 30(MUTAGENS), agus 31 (substaintí atá tocsaíneach do shíolrú ) de Sceideal 1, chomh maith leis an iomlán de Sceideal 3 de na Ríalucháin.
    (i) Treorach Uimh. No. 2001/41/EC
    (ii) Treorach an Choimisiúin Uimh. 2001/90/EC
    (iii) Treorach an Choimisiúin Uimh. 2001/91/EC
    (iv) Treorach Uimh. No. 2001/41/EC

(v) Treorach Uimh. No. 2002/61/EC
(vi) Treorach an Choimisiúin Uimh. 2002/62/EC

Leagann na Rialacháin síos na teoranna agus na coinníollacha a chaithfear a chur san áireamh maidir le margaíocht agus úsáid na substaintí agus na n-ullmhúchán atá liostáilte ar na Sceidil dona Rialacháin, agus déanann siad tagairt ar leith do na cumhachtaí atá ann do chigirí chun na teoranna agus coinníollacha a chur I bhfeidhm. Is iad cigirí an ÚSS a dhéanann feidhmiú na Rialúchán, agus, I gcás táirgí bitheolaíochta ar leith, is iad oifigigh an Roinn Thalamhaíochta agus Bia a chuireann I bhfeidhm iad.

Déanann an Rialacháin seo culghairm ar na Rialacháin na bPobal Eorpach (Ullmhúcháin agus Substaintí Baolacha) (Margaíocht agus Úsáid) 19982000 (SI Uimh. 462107 de 19982000) ach amháin na h-ullmhuithe ag Pointí Uimhreacha Taighde 32 (maidir le créasóid) agus 41 (maidir le *hexachloroethane)* de chéad Sceideal na Rialúchán úd. Fanfaidh na h-ullmhuithe sin I bhfeidhm go dtí 30ú Meitheamh 2003, nuair a thiocfaidh na h-ullmhuithe cuí dena Rialacháin ag Pointí 32 agus 41 I bhfeidhm (ach amháin na h-ulmnhuithe ag Pointí Uimhreacha Taighde 20 maidir le *Organostannic* compounds, agus 22 maidir le to Pentachlorophenol) den gcéad Sceideal Rialúchán. Fanfaidh na h-ullmhuithe sei I bhfeidhm go dt í an 1ú de Mheán Fomhair 2000, nuair a thiocfaidh na h-ullmhuithe ag Ointí 21 agus 23 de Sceideal 1 i bhfeidhm.

Déanann an Rialacháin seo culghairm ar na Rialacháin na bPobal Eorpach (Ullmhúcháin agus Substaintí Baolacha) (Margaíocht agus Úsáid) 2000 (SI Uimh. 462107 de 2000) ach amháin na h-ullmhuithe ag Pointí Uimhreacha Taighde 32 (maidir le créasóid) agus 41 (maidir le *hexachloroethane)* de chéad Sceideal na Rialúchán úd, a cúlgairmeadh ar an 30ú Meitheamh 2003.

Tháinig na h-ullmhuithe ag Pointe 42 de Sceideal 1 na Rialúchán seo maidir le Alkanes, $C_{10}$-$C_{13}$, chloro (pairifíní clóirinithe gearr-shlabhracha) ti bhfeidhm ón 6ú d'Eanáir 2004.

Tháinig na h-ullmhuithe ag Pointe 43 de Sceideal 1 na Rialúchán seo ( agus liosta d'aiminí cumhrachta sa Tríú Sceideal) maidir le AZODATHANNA $C_{10}$-$C_{13}$, I bhfeidhm ón 11ú De Mheán Fómhair 2003.

## (3) Rialacháin na bPobal Eorpach (Ullmhúcháin agus Substaintí Baolacha (Margaíocht agus Úsáid) (Leasú) 2003 (SI Uimh. 503 de 2003)

Aistríonn na Rialacháin seo a dhéanann leasú ar SI Uimh.220 de 2003 thuas, na Treoracha seo a leanas don chéad uair:

(i) Treorach an Choimisiúin 2003/2/EC
(ii) Treorach an Choimisiúin 2003/3/EC
(iii) Treorach 2003/11/EC Pharlimint na hEorpa agus an Chomhairle
(iv) Treorach 2003/34/EC Pharlimint na hEorpa agus an Chomhairle
(v) Treorach 2003/36/EC Pharlimint na hEorpa agus an Chomhairle

Rialacháin ón 30ú Meitheamh 2003

(i) Cuireann said seo thuas a thuilleadh teoranna ar mhargaíocht agus úsáid adhmaid oibrithe le h-airsinic
(ii) Cuireann said seo thuas a thuilleadh teoranna ar mhargaíocht agus úsáid shubstaintí baolacha trí chosc a chur ar úsáid azo-dathanna (dath gorm) ar fhíochán agus ar leathar.

Cuireann na Rialacháin ón 15ú Lunasa 2004 teoranna ar mhargaíocht agus úsáid thoradh diphenylether, pentabromo agus thoradh diphenylether, octabromo.

Cuireann na Rialacháin ón 15ú Lunasa 2005 teoranna ar mhargaíocht agus úsáid substaintí atá rangúithe mar ailseachtaí, MUTAGENS, nó substaintí atá tocsaíneach do shíolrú.

Cuireann na Rialacháin ón 25ú Nollaig 2004 teoranna ar mhargaíocht agus úsáid dhá shubstaint atá rangúithe le déanaí mar ailseachtaí, rannóg 1, naoi substaint dhéag atá rangúithe le déanaí mar ailseachtaí rannóg 2, cúig shubstaint atá rangúithe le déanaí mar Mutages rannóg 2, agus substaint amháin atá rangúithe le déanaí mar tocsaíneach do shíolrú .

### (4) Rialacháin um Shláinte agus Shábháilteacht san Ionad Oibre (Atmaisféar Pléascach) 2003 (SI Uimh. 258 de 2003)

Aistríonn na Rialacháin seo Treorach 1999/92/EC Pharlimint na hEorpa agus an Chomhairle, 16ú Nollaig 1999, ar a bhfuil de dhualgas sábháilteacht agus sláinte na n-oibrithe a chosaint a mbeadh I mbaol in atmaisféir phléascacha.

Cuireann na Rialacháin iachall ar dhuine measúnach a dhéanamh in áit a mbeadh atmaisféar pléascach ann, agus gníomhaí chosanta a chur I bhfeidhm I gcás pleasctha.

Tá ar na fostóirí na h-áiteanna ina mbeadh atmaisféir phléascacha iontu a rangú ina n-áiteanna baolacha nó sábháilte, de réir ailt1 Sceideal1. Caithfidh na h-áiteann úd a roinnt ina gcreasa de réir ailt 2 Sceideal 1, agus na bealaí chosanta a chur I bhfeidhm mar is cuí. I measc na mbealaí cosanta seo, caithfear córais agus trealamh cosanta a roghnú de réir na Rannóg I Sceideal 3 na Rialúchán.

### (5) Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tógáil) (Leasú) 2003 (SI Uimh. 277 de 2003)

Tugann na Rialacháin seo leasú ar an Rialacháin um Sbhábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tógáil) 2001, tríd an Naoú Sceideal athbhreithnithe a chur istach a bhfuil baint aici le "Scéim Theastaithe Scileanna Tógála FÁS".

Ligeann na Rialacháin do na "tosaitheoirí" taithí a fhail I réimse leathan scileann san ionad, roimh an clár traenála atá riachtanach don Scéim Theastaithe Scileanna Tógála FÁS a dhéanamh mar atá leagtha amach sna Rialacháin um Sbhábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tógáil) 2001, mar ní bhíodh ar fail do réimse leathan oibrithe ag díriú ar thascanna ar Leith.

## DRÉACHT-CHÓID CHLEACHTAIS

Rinne Bord an Údaráis formheas ar dréacht den "Cód Cleachtais chun Baol a Sheachaint ó Sheirbhísí Faoi-Thalamh" i rith na bliana, faoi réir eagarthóireacht-cóipe phroifisiúnta; rachaidh sé I láthair an Aire ansin.

Chuaigh obair fhorbartha ar dréachtanna eile Cód Cleachtais i rith na bliana.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# AGUISÍN E: BORD AN ÚDARÁIS

Tháinig Bord an Údaráis le chéile deich n-uair le linn 2003.I dteannta clár leathan oibre a bheith Idlr lámh aige, bhí ceisteanna ar leith a tháinig aníos:

1. Bailiúchán suntasach reachtaithe molta. Phléigh an tÚdarás seo agus formheasadh é le cur ar aghaidh chuig an Roinn Fhiontar, Trádála agus Fostaíochta
2. An tionscnamh cosc ar thobac san ionad oibre.
3. Plean agus Clár Corporáideach Oibre don Údarás: leag an Bord an treoir meán-téarmach don Údarás na cáipéisí seo a fhorbairt.
4. Rialachas Corporáideach an Údaráis .Bhunaigh an Bord roinnt fo-choistí chun deileáil leis

Bhunaigh an Bord roinnt fochoistí chun deileáil leis an ualach oibre atá I gceist le cruthú polasaíthe, rialachas corporáideachagus reachtú. Tá baill Bhoird, ainmnithe ag na pairtnéirí sóisialta, ar gach fo-choiste.

Deileáileann an Fochoiste Reachtaithe agus Treorach le gach ullmhú reachtaithe. I dteannta cúig rialúchán nua a aistríonn cúig Threorach Eorpach déag, rialacháin nua thógála, Cod Cleachtais ar sheirbhísí faoi-thalamh, dheileáil an coiste le alán moltaí ar reachtú eile atá le críochnú I 2004. Tháinig an coiste seo le chéile 10 n-uair I 2003.

Deileáileann an Fochoiste Airgeadais agus Pleannála le rialachas corporáideach agus treoir polasaíthe an Údaráis.Dheileáil an tÚdarás leis an bPlean Corporáideach, Clár Oibre, Tuairisc Bhliantúil, Iniúchadh Airgeadais, monatóireacht chlár an Údaráis chomh maith lena alán ceisteanna eile. Tháinig an Coiste seo le chéile 7 n-uair I 2003.

Déanann an Coiste Iniúchaidh Inmheánaigh monatóireacht ar neamhspleáchas agus ar léiriú fheidhmiú an iniúchaidh inmheánaigh, agus cabhraíonn sé leis an mBord a dhualgaisí a chur i gcrích maidir le smachtanna inmheánacha agus caiteachas an Údaráis.

Deileáileann an Fochoiste Chomhlíonadh Athbhreithnithe Straitéise le gníomhphlean an Údaráis na moltaí a eascraíonn as an Athbhreithniú a chur bhfeidhm, maraon le clár díláraithe an Údaráis.Tháinig an Coiste le chéile go minic.

## BALLRÍOCHT FHOCHOISTÍ AN BHOIRD.

**Fochoiste Airgeadais agus Pleannála agus Fochoiste Iniúchaidh Inmheánaigh an Bhoird**
Tony Briscoe, Cathaoirleach; Peter McCabe (Marie Rock ina áit) Louise O'Donnell (Fergus Whelan ina áit), Martin Lynch

**Fochoiste Reachtaithe agus Treorach an Bhoird**
Joe Hegarty, Cathaoirleach; Tony Briscoe, Peter McCabe, Fergus Whelan, Sylvester Cronin, Martin Lynch

**Fochoiste Chomhlíonadh Athbhreithnithe Straitéise an Bhoird**
Frank Ó Coinnín Cathaoirleach; Tony Briscoe, Fergus Whelan, Martin Lynch, Desmond Gilroy (Sue Corbett ina áit)

# AGUISÍN F:
# COISTÍ COMHAIRLEACHA AGUS GRÚPAÍ OIBRE

Faigheann an tÚdarás comhairle ó roinnt coistí comhairleacha reachtúla. Ina measc, tá:

An Coiste Comhairleach ar Shábháilteacht Tógála: Is é Sylvester Ó Cróinín cathaoirleach an choiste seo, ar a bhfuil ionadaíthe ó chustaiméirí, conraitheoirí, dearthóirí, fostaithe, agus ón  Údarás féin. Ba é an príomh ábhar a dheileáil an coiste leis I 2003, ná, dréacht-rialacháin thógála. Chuir an coiste obair trí roinnt fochoistí freisin.

– Grúpa Oibre Shábháilteachta
– Grúpa Oibre Crainn Thógála
– Grúpa Oibre Sheirbhísí faoi Thalamh.

An Coiste Comhairleach Rannpháirtíocht Shábháilteacht Fheirme: Is é Frank Laffey ó Theagasc Cathaoirleach an Choiste seo, ar a bhfuil ionadaíthe eagraíochtaí feirme, conraitheoireacht, árachais, eagraíochtaí tuaithe agus rialtais, agus an Údaráis. Is é Joe Hegarty ionadaí an Bhoird. Chuir an coiste plean sábháilteacht fheirme le chéile I 2003. De réir an phlean, tá ar na comhlachtaí uile gníomhachtaí ar leith a dhéanamh chun an plean a chur i gcrích.

An Coiste Comhairleach Substaintí Baolacha: Is é Fergus Whelan Cathaoirleach an choiste seo, ar a bhfuil ionadaithe na dtionscal breosla, ceimiceach agus cogasaíochta, ranna agus gníomhaireachtaí an rialtais, tarraingeoirí baolacha, comhlachtaí fostóirí, ceardchumainn, NGO's agus an tÚdarás.Thug an coiste seo comhairle don Údarás ar réimhse leathan ceisteanna; ina measc bhí moltaí reachtúla a fhorbairt ar aistriú Threorach AE, luachann nochtadh ceirde, ailseacht ETS, polasaí ar áid thalún, agus an Straítéis Cheimiceach AE atá molta.

Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt: Tá réimhse saineolai, ina measc ionadaíthe na bPairtnéirí Shoisialta ar an gcoiste seo. D'eagraigh an coiste roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar chomhluchtaí beaga, cuir I gcás, siopaí oibre ar Ráitis Shábháilteachta agus láimhseáil láimhe, I tacaíocht a thabhairt dona seoladh réigiúnacha. D'fhorbair an coiste nascanna agus spriocanna leis an Aonad Chur Chun Cinn na Sláinte de Bhord Sláinte an Deiscirt, agus le Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Corcaig - Clár Teastas Sláinte agus Sábháilteachta. Is í Mary Dorgáin Cathaoirleach an choiste.

Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthair: Tá ionadaithe ceardchumainn, comhlachtaí fostóra agus eagraíochtaí áitiúla ar an gcoiste seo, agus is í Marian Coy an cathaoirleach. I measc na dtionscnamh, bhí an tSeachtain Shábháilteacht Grúgadóireachta ar siúl.Eagraíodh cainteanna freisin ar iompar earraí dainséaracha ar bhóthar I nGaillimh agus i Sligeach.D'fhreastail baill fhochoiste feirme ar dhá mhargadh, áit a raibh stainnín acu ag dáileadh eolais agus comhairle ar fheirmeoirí.

Is é an tÚdarás Cathaoirleach agus tacaí an Pháirtnéireacht Shábháilteacht Thógála. Tá sé de dhualgas ar an gcomhlacht seo, a bhfuil ionadaithe na gcomhlachtaí móra tógála agus an Údaráis air, Plean an Pháirtnéireacht Shábháilteacht Thógála a seoladh i  2003 chur i bhfeidhm.

# AGUISÍN G: FOIREANN AN ÚDARÁIS

| **T Beegan** – Príomhfheidhmeannach | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Príomhfheidhmeannach cúnta ar Chomhairle agus Géilleadh san Áit Oibre – **M Henry** | | | | | | | | | | | | |
| Bainisteoir Cláir ar Oibrithe Páirce<br>**Nuala Flavin** | | | | Bainisteoir Clár ar Oibrithe Páirce<br>**PJ Claffey** | | | | Bainisteoir Cláir ar Shábháilteacht Cheimiceach<br>**P Goulding** | | | | |
| Seirbhísí ó Chósta, Miondíol, Comhlachtaí poiblí agus Smachta<br>**Hilary Byrne** | Talmhaíocht, Foraoiseacht, Déantúsaíocht<br>**B Higgisson** | Meais. CE., Rial Feithiclí Brú, Trealamh Oibre<br>**Sean Hyde** | Creathadh Torainn, Gníomhairí Fisileacha ATEX, ETCI<br>**F Kellaghan** | Tógáil<br>**Jim Heffernan** | Leictreachas Tógála<br>**Padraig Delaney** | Mianaigh & Caréil, Tine<br>**Pat Griffin** | Iompar, Sláinte, Scoileanna Tumadóireachta<br>**Dan Dineen** | Tionscal Próiseála<br>**J Colreavy** | Tionscal Próiseála<br>**P Conneely** | Iompar Bóthair d'abhair Baolacha<br>**Deirdre Sinnott** | Úsáid de Ghníomhairí Ceimiceacha, Gníomhairí Bitheolaíocha Aispeiste san Áireamh<br>**R McEneany** | Measúnú ar Árbhair Ghuaiseacha<br>**M McCarthy/ B Tarpey** |
| **M Rowlands<br>M Harkin<br>M Walsh** | **J Kennedy** | **K Sludds** | **Tommy O'Sullivan<br>P Skinner<br>J Harrington<br>P O'Connell** | **M O'Dea<br>T Dowling** | **A Morahan<br>G Croke** | **PJ Murphy<br>F Mahon<br>J Holmes<br>T Browne** | **W Murphy** | **K Murray** | **M Boylan** | **M Flynn<br>R O'Brien<br>M Fitzgerald** | **F Mitchell<br>J/s<br>J Fanning** | **M Cummins<br>E Healy** |
| **M King<br>B Gannon<br>G Murphy** | **M Lowe<br>D O'Brien** | **M Cullen<br>F Murphy** | **H Martin<br>T Doyle<br>A Doherty<br>H Kieran<br>M Convey** | **K Broderick<br>P Gough<br>M O'Kearney<br>Flynn<br>V Darcy<br>A Davis** | **T Murphy<br>P McMahon<br>P Earley<br>J Mayne<br>K Foran** | **S Notley<br>F Kerins<br>M Tiernan<br>P Mcnally<br>C Glancy** | **T O'Donnell<br>A Costelloe** | **J Shannon<br>J Sheeran<br>J Dooley<br>N Quinn<br>E White<br>G Doran** | **T O'Sullivan<br>K Buckley<br>A Moriarity** | **N Corbett1<br>S McGarry** | **M Burke<br>V Helly[1]** | **G Christ<br>S McKiernan<br>M Feehan<br>C Walsh** |
| **B Guihen<br>O'Cahalan** | **C O'Shea** | **M Kavanagh** | **E Robinson<br>E Walsh** | | | | | | | **H Forde** | | |
| | | | **S Somers** | **P Chatham** | **A Brennan<br>C Downes** | **S Duggan** | **C Hynes** | | | **J Lynch** | | **W O'Brien** |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **T Beegan** – Príomhfheidhmeannach | | | | | | | | | | | |
| **Príomhfheidhmeannach Cúnta Seirbhísí Cosanta** – Folúntas | | | | | | | **Príomhfheidhmeannach Cúnta Tacaíocht Chorparáideach** – Folúntas | | | | |
| **M O'Neill**<br>Bainisteoir Cláir Seirbhísí Reachtaíochta agus Olí | | **P Donnellan**<br>Bainisteoir Cláir Seirbhís Custaiméara, Talaíocht Fiontaira, Caidreamh Poiblí | | | | **Dan Murphy**<br>Bainisteoir Cláir Sláinte Gairme | **B Ruttledge**<br>Príomhoifigeach Achmainní Daonna | | **Philip L'Estrange**<br>Príomh Oifigeach Airgeadais | **Andrew Allen**<br>Príomh Oifigeach TF | **R Roe**<br>Pleaná |
| **C Body**<br>Reachtaíocht, Copanna Caidreamh | | **P O'Halloran**<br>Tacaíocht Fiontair Seirbhís Custaiméara FOI | | | **C Kearns**<br>Bainisteoir Cumarsáide | **T Donnelly**<br>Comhairleoir Míochaine Gairme | | | | | **M Gormley**<br>Measúna Pleanála, Bainisteoir Rúnaí an Bhoird |
| | **E O'Sullivan** | | **Theresa Doyle** | | | **P Murray** | | | | | |
| **A Guerin** | **A Morrissey** | | | FOI<br>**C Fitzgerald**<br>**N Heffernan** | **Vacancy** | **L Fitzgerald**<br>**F Power** | **J Hannigan/**<br>**C Barry (j/s)**<br>Oifigeach HR | Folúntas<br>**Training & Dev Officer** | **O Whitfield** | **M Manning**<br>**A Curran** | |
| | | **J Kelly** | | | **N Parnell** | **A Slater** | **C Swan**<br>**G Mathews** | | **D McDonnell**<br>**M O'Reilly**<br>**D Coen** | **C O'Reilly**<br>**G Smyth**<br>**M Ryan** | **Taighdeoir**<br>**Y Kobayashi**<br><br>**N Kavanagh** |
| **I O'Neill**<br>**M Egan** | | **B MacCeallaigh**<br>**P Duffy**<br>**E Bagnall**<br>**E Lawless – Pointe Iárnarch** | | | **M Neville**<br>**C Halligan** | **C Prunty** | **S Maguire**<br>**G O'Hanlon**<br>**M Page** | | **D Smith**<br>**M Bourke**<br>**K Kelly**<br>**E Moore** | **Eskander Mirza** | |
| | | | | | | | | | **G Griffin** – Príomh Oifigheach Seirbhísí<br>**J Douglas** – Oifigeach Seirbhísí<br>**R Walsh** – Cúntóir Seirbhísí<br>**T Matthews** – Cúntóir Seirbhísí | | |

*Beatha shlán shábháilte oibre á baint amach -le chéile*

**ÚDARÁS SHLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

10 Hogan Place, Dublin 2
Tel. (01) 614 7000
Fax. (01) 614 7020
website: www.hsa.ie

Infotel
Your Safety Questions Answered
(01) 614 7010

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

**Athlone Regional Office**
Government Buildings
Pearse Street
Athlone
Co Westmeath
Tel: (090) 64 92608
Fax: (090) 64 92914

**Cork Regional Office**
3rd Floor
1A South Mall
Cork
Tel: (021) 4251212
Fax: (021) 4251217

**Galway Regional Office**
Odeon House
Eyre Square
Galway
Tel: (091) 563985
Fax: (091) 564091

**Limerick Regional Office**
Ground Floor
Park House
1-2 Barrington Street
Limerick
Tel: (061) 419900
Fax: (061) 419559

**Sligo Regional Office**
Government Offices
Cranmore Road
Sligo
Tel: (071) 91 43942
Fax: (071) 91 44078

**Waterford Regional Office**
5th Floor
Government Buildings
The Glen
Waterford
Ph: 051-875892
Fax: 051-870610

AW 06/04